


An Coimisiún um
Iomaíocht agus
Cosaint Tomhaltóirí
Tuarascáil Bhliantúil

2017



Clár an Ábhair

Réamhrá	2
An CCPC	5
Tosaíochtaí Straitéiseacha	
– Sprioc Straitéiseach 1	6
– Sprioc Straitéiseach 2	18
– Sprioc Straitéiseach 3	27
– Sprioc Straitéiseach 4	37
Eolas Corparáideach	46
Aguisíní	52





Réamhrá

Rinne an CCPC dul chun cinn mór sa bhliain 2017 ó thaobh ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach leis an gcéad chiontú riamh sa tír seo mar gheall ar shocrú neamhdhleathach tairiscintí agus an chéad phianbhreith choimeádta mar gheall ar ghluaisteáin a dhíol ar baineadh leis an odaiméadar agus chomh maith leis sin chuireamar go suntasach leis an líon foirne. Rinneadh an dul chun cinn is mó le blianta beaga anuas i ndlí na hiomaíochta, tráth

ar foilsíodh moladh an Choimisiúin Eorpaigh chun údaráis iomaíochta na mBallstát a chumasú le bheith ina lucht forfheidhmithe níos éifeachtaí (Treoir ón nGréasán Eorpach Iomaíochta (ECN+ Treoir)). Tá an Treoir seo rithábhachtach ó thaobh na hÉireann de mar nach bhfuilimid ar aon dul faoi láthair le formhór thíortha na hEorpa ó thaobh ár gcumas sáruihte sa dlí iomaíochta a bhrath. Dá mbeadh sé ar ár gcumas pionóis airgeadais a fhorfheidhmiú, bheimis in ann feidhmiú níos fearr le sáruihte an dlí iomaíochta a chosc, a bhrath agus a imscrúdú. Tá sé dá mholadh againn, le roinnt mhaith blianta anois, pionóis den chineál seo a thabhairt isteach agus fáiltímid roimh an dul chun cinn suntasach atá déanta sa réimse tábhachtach seo de dhlí na hiomaíochta.

Tionchar á imirt

Cé gur gníomhaireacht réasúnta beag atá ionainn i gcomparáid lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, is gníomhaireacht óg atá ionainn le neart fuinnimh atá thar a bheith uaillmhianach. Tá an deis againn, mar gheall dualgas iomaíochta agus dualgas cosanta tomhaltóra araon a bheith orainn, measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar shaincheistanna margaidh agus réitigh éifeachtachta a mholadh. Tar éis na hinfheistíochta tosaigh in earcaíocht agus in oiliúint, tá samhlacha oibríochta cruthaithe go rathúil againn atá riachtanach lenár gcuid oibre a threorú agus buntáistí a bhaint amach ó thaobh imscrúdú margaidh leis an dearcadh ár míle dícheall a dhéanamh. Chuir sé sin ar ár gcumas móiminteam suntasach a bhaint amach mar is léir ón líon earnálacha ardtosaíochta lena bhfuil baint againn, lena n-áirítear morgáistí, coir fheithicle, airgeadas gluaisteáin PCP, ticéid d'imeachtaí, dramhail tí, árachas gluaisteáin agus cúram cónaithe.

Clúdaigh ár ngníomhaíochtaí earnálacha difriúla an bhliain seo caite, áit a raibh iompar gnó nó saincheistanna struchtúracha ag cur margaidh áirithe as a riocht. Chomh maith le deireadh a chur le hiompar áirithe nó deireadh a chur le cleachtais gnó áirithe, feidhmíonn gníomhartha forfheidhmithe agus comhlíontachta an CCPC mar chosc níos leithne, mar go gcuirtear ar na súile do gach gnólacht go ngearrfar pionós orthu má bhíonn siad rannpháirteach in iompar frithiomaíoch nó i sárú an dlí um chosaint an tomhaltóra agus go bhfuil an CCPC gníomhach ó thaobh iarrachtaí deireadh a chur le cleachtais den sórt sin.

Dúshláin atá amach romhainn

Ag tógáil san áireamh an lánpháirtíocht dhlúth atá idir geilleagar na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe, níl amhras ar bith ann ach go mbeidh tionchar, ní hamháin ar ghnólachtaí ach ar thomhaltóirí agus ar theaghlaigh na hÉireann nuair a fhágann an Ríocht Aontaithe an tAE. Rinneamar coimisiúnú an bhliain seo caite ar thaighde ESRI le measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht ar theaghlaigh in Éirinn, bhí sé seo bunaithe ar dhá chás ó thaobh an Bhreathimeachta. Léirigh an anailís go bhféadfadh ardú a theacht ar an gcostas maireachtála, a bheadh idir €892 agus €1,360 ina aghaidh na bliana don mheán líon tí. Léirigh an staidéar freisin go mbeadh arduithe á ndáileadh go neamhchothrom ar fud teaghlach, agus go mbeidh teaghlaigh le hioncam íseal faoi thionchar níos mó ag na harduithe ar phraghsanna. Léirigh impleachtaí an taighde freisin, áfach, go bhfuil deiseanna ann do ghnólachtaí intire, go háirithe tionscal an bhia, i bhfoirm malartaíocht allmhairithe. Chuir torthaí an staidéir seo eolas ar fáil do thuiscint níos leithne ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht agus cuideoidh sé lena chinntiú go bhfuil ullmhúcháin na hÉireann chomh cuimsitheach agus is féidir.

Le linn dúinn a bheith ag druidim níos gaire d'imeacht na Ríochta Aontaithe as an AE, tá sé tábhachtach nach ndéanaimid neamhaird den obair a bhíonn idir lámha againn ar bhonn laethúil agus go ndéanaimid cothabháil ar mhóiminteam ár gcuid oibre. Go bunúsach, beidh an obair croílár mar a chéile ach ní mór dúinn a bheith ullmhaithe i gcomhthéacs an athraithe a thugann an Breathimeacht leis. Táimid i mbun measúnú a dhéanamh i láthair na huair ar na struchtúir agus ar an gcumas atá againn lena chinntiú go bhfuilimid ullamh chun déileáil leis an toradh a bheidh ar an mBreathimeacht ar deireadh thiar. Tapóimid gach deis freisin chun cur lenár dtionchar ag leibhéal Eorpach nuair a fhágann an Ríocht Aontaithe an tAE.

Leanfaimid orainn ag obair leis an mháthairRoinn, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an Bhreathimeachta ar fud ár réimsí oibre go léir agus cuirfimid toradh na hoibre sin ar fáil do na hullmhúcháin Rialtais níos leithne.

Tosaíochtaí

Rinneamar forbairt an bhliain seo caite ar Ráiteas Straitéise nua, a chuirfidh treoir ar fáil dúinn don tréimhse ó 2018-2020 agus a chinnteoidh go bhfuilimid dírithe i gcónaí ar shaincheisteanna agus ar chleachtais gnó a mbíonn tionchar thar a bheith diúltach acu ar ghrúpaí móra tomhaltóirí nua nó a chuireann margadh áirithe as a riocht.

Chomh maith lena bheith ag leanúint lenár gcuid oibre ó thaobh measúnú a dhéanamh ar chumaisc, reachtaíocht sábháilteachta táirge a fhorfheidhmiú, tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir lena gcuid cearta agus maidir le hairgeadas pearsanta agus lena chinntiú go bhfuil an reachtaíocht ábhartha earraí grósaeireachta á comhlíonadh, tá líon eárnálacha ann lena bhfuilimid bainteach leo go gníomhach. Áirítear ar na réimsí tosaíochta don CCPC sa bhliain 2018, imscrúduithe leanúnacha in eárnálacha árachais

gluaisteáin, malaí stroighne agus ticéid, staidéir a thabhairt chun críche ar airgeadas gluaisteáin PCP, margadh bailiúcháin dramhaíola tí agus cúram cónaithe don aosach.

Tá sé rithábachtach, le linn don tír a bheith i mbun ullmhaithe do thionchar an Bhreathimeachta, cothabháil a dhéanamh ar iomaíochas agus ar tharraingteacht na hÉireann mar áit mhaith le gnó a dhéanamh. D'fhéadfadh sé go gciallódh costais gnó atá ard agus nach bhfuil macánta agus atá cruthaithe ag iompar frithiomaíoch, nach mbeadh Éire chomh tarraingteach sin d'infheistíocht dhíreach eachtrach agus mar gheilleagar beag oscailte, tá Éire ag brath ar infheistíocht eachtrach mar ollfhoinsé fostaíochta agus mar thiománaí fáis eacnamaíochta. Mar thoradh air sin, leanann soláthar lena bheith mar thosaíocht shuntasach don CCPC sa bhliain 2018 agus an CCPC ag obair le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí éagsúla Stát le feacht a fhorbairt maidir leis na comharthaí rabhaidh ó thaobh socrú neamhdhleathach tairiscintí agus le fiosrú a dhéanamh ar an acmhainneacht le huirlisí scagthástála a fhorbairt sa phróiseas soláthair.

An todhchaí

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann an CCPC, ní bheadh an CCPC mar atá sé inniu gan a gcuid iarrachtaí, tiomantas agus díograis. Is mian liom aitheantas a thabhairt freisin do thacaíocht na máthair Roinne, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, go háirithe maidir lena gcúnamh ó thaobh an líon mór folúntais a bhí againn a líonadh agus as a gcuid iarrachtaí a chinntiú go bhfuil ár gcumhachtaí oiriúnach don fheidhm sa chomhthéacs Eorpach.

Is dóigh gur bliain shuntasach eile a bheidh sa bhliain 2018 ní amháin don CCPC ach don tír ina hiomláine. Ní raibh ár bhfís do mhargaí atá oscailte agus iomaíoch, áit a bhfuil cosaint á fháil ag tomhaltóirí agus ina mbíonn gnólachtaí iomaíoch go gníomhach, chomh hábhartha riamh cheana. Táim muiníneach agus an fhís seo á dtreorú agus an saibhreas atá san eagraíocht ó thaobh taithí agus uaillmhian, go leanfaidh an CCPC lena dhícheall a dhéanamh agus le difríocht a dhéanamh i margáí ina mbíonn an CCPC ag teastáil go géar ón tomhaltóir.




Isolde Goggin
Cathaoirleach

An CCPC

Tá an CCPC á rialú ag Cathaoirleach agus ag Coimisiún. Is í Isolde Goggin an Cathaoirleach, agus le linn na bliana 2017, bhí ceathrar Comhaltaí ann – Patrick Kenny, Karen O’Leary, Fergal O’Leary agus Brian McHugh. D’éirigh Karen O’Leary as mar Chomhalta den Choimisiún an 28 Aibreán 2017, agus ceapadh Brian McHugh mar Chomhalta den Choimisiún an 1 Meán Fómhair 2017. Rinne gach aon Chomhalta maoirseacht ar líon Rannóg sa CCPC thar ceann an Choimisiúin.

Comhaltaí an CCPC sa bhliain 2017



Isolde Goggin
Cathaoirleach



Patrick Kenny



Fergal O’Leary




Brian McHugh



Karen O’Leary

Struchtúr an CCPC – Eanáir 2018



Sprioc Straitéiseach 1

Bainfimid úsáid as ár gcumhachtaí forfheidhmithe agus rialaithe chun go n-oibreoidh margaí níos fearr agus chun go mbeidh an toradh is fearr ag tomhaltóirí.

Tá an CCPC freagrach as an dlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí a chur i bhfeidhm. Aithnímid sáruithe dlí a d'fhéadfadh a bheith ann trí anailís a dhéanamh ar an eolas atá á fháil againn ó thomhaltóir, gnólachtaí nó gníomhaireachtaí Éireannacha eile, chomh maith lenár gcomhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta. Déanaimid faireachas ar an margadh muid féin agus bailímid eolas freisin. Tugann na cumhachtaí forfheidhmithe sin atá againn cead dúinn sáruithe ar dhlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí a aithint, a bhrath, a fhiosrú agus nuair is cuí, gnímh forfheidhmithe a ghlacadh le haghaidh a thabhairt ar sháruithe sa dlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóra. Tá feidhmeanna rialála ag an CCPC freisin sna réimsí a bhaineann le measúnú cumaisc, idirghabhálacha creidmheasa, earraí grósaeireachta agus réiteach malartach ar aighneas

Spríoc 1 – Mar bhaineamar amach í sa bhliain 2017

Enforcement

- Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar chairtéal san earnáil ábhar urláir tráchtála, bhaineamar amach an chéad chiontú coiriúil riamh in Éirinn mar gheall ar chion i ndáil le socrú neamhdhleathach tairisceana, le fineálacha, dícháiliú stiúrtóra agus forchur pianbhreith príosúin ar fionraí ag an bPríomh-Chúirt Choiriúil. Ag deireadh na bliana 2017 bhí trócaireacht na pianbhreithe faoi achomharc ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP).
- Bhaineamar amach an chéad phianbhreith choimeádta riamh agus dhá chion choiriúla i gcoinne trádálaí a chuir eolas bréige ar fáil do thomhaltóir maidir le míleáiste ar ghluaisteán (féach leathanach 16).
- Dhúnamar go rathúil, le gealltanais, imscrúdú ar iompar frithiomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh Cumann Úinéirí Réadmhaoine na hÉireann (IPOA). Ceanglaíodh ar an IPOA clár comhlíontachta a leathadh amach freisin.
- Fuaireamar gealltanais ó líon ollscoileanna Éireannacha maidir lena gcuid cleachtas soláthar a athrú ó thaobh seirbhísí clócaí céime a sholáthair (féach leathanach 13).
- D'íoc 25 trádálaí 35 Fógra Íocaíochta Seasta agus tháinig 12 Fógra um Chomhlíonadh i bhfeidhm maidir le sárúithe ar an dlí um chosaint tomhaltóirí. Go hachomair:
 - D'íoc 24 trádálaí 34 Fógra Íocaíochta Seasta mar gheall ar shárúithe na reachtaíochta maidir le hordú praghsála agus praghas a bhí ar taispeáint
 - D'íoc trádálaí Fógra Íocaíochta Seasta mar gheall nár íocadh costas seachadta ar ais le tomhaltóir mar a cheanglaítear faoin Treoir um Chearta Tomhaltóra
 - Tháinig cúig Fhógra um Chomhlíonadh i bhfeidhm maidir le trádálaithe a bhí ag baint praghas níos airde amach ná mar an praghas a bhí ar taispeáint
 - Tháinig ceithre Fhógra um Chomhlíonadh i bhfeidhm maidir le trádálaithe nach raibh ag comhlíonadh nó a chuir eolas mithreorach ar fáil maidir le cearta dlíthiúla tomhaltóra faoin Treoir um Chearta Tomhaltóra.
 - Tháinig Fógra um Chomhlíonadh amháin i bhfeidhm maidir le trádálaí a chuir tomhaltóirí amú ó thaobh a gcearta dlíthiúla faoin reachtaíocht maidir le Díol Earraí

- Seirbheáladh dhá Fhógra um Chomhlíonadh agus shinigh trádálaithe trí Ghealltanais mar gheall ar thomhaltóirí a chur amú le linn carranna a bheith á ndíol

Tá tuilleadh mionsonraí le fáil ar leathanach 52 maidir le forfheidhmiú um Chosaint Tomhaltóra a tugadh chun críche sa bhliain 2017.

Imscrúduithe

- Leanamar le himscrúdú a dhéanamh ar chamastaíl tairiscintí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh seirbhísí iompair atá maoinithe go poiblí a sholáthar
- Chuireamar tús le himscrúdú foirmiúil maidir le hiompar frithiomaíoch a raibh amhras faoi san earnáil seirbhísí ticéad (féach leathanach 10).
- Rinneamar an iliomad éisteachtaí maidir le toghairm finné a thionóil agus fuaireamar os cionn 1.25 milliún ríomhphost agus doiciméad ó pháirtithe a bhí faoi imscrúdú i ndáil le comharthaíocht i dtaca le praghas san earnáil mótarárachais (féach leathanach 12).
- D'eisiomar ocht dtoghairm finné agus sé fhógra fhoirmiúla maidir le Ceanglas le haghaidh Eolais le linn sárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dlí na hiomaíochta a bheith á imscrúdú againn.
- Thugamar cúnamh don Choimisiún Eorpach maidir le dhá chuardach iomaíochta ar leithligh agus thugamar cúnamh do Bhallstáit le himscrúdú comórtais.
- D'osclaíomar 11 comhad scagthástála nua agus dhúnamar 17 comhad a bhain le sárúithe coiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dlí na hiomaíochta.
- D'osclaíomar 26 comhad scagthástála nua agus dhúnamar 29 comhad a bhain le sárúithe cearta sibhialta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dlí na hiomaíochta. Bhain seacht gcinn de na comhaid le mí-úsáid ceannais.
- Osclaíodh 196 comhad scagthástála nua maidir le coir fheithicle a d'fhéadfadh a bheith ann; dúnadh 147 de na comhaid sin agus ní raibh aon ghníomh forfheidhmithe riachtanach.
- Chuireamar tús le himscrúdú ar eachtra lena bhain amhras ó thaobh "tús a chur gan chead", m.sh. nuair a cuireadh cumasc i bhfeidhm a fhreastalaíonn ar na tairseacha láimhdeachais gan fógra a thabhairt nó gan é a bheith imrétigh ag an CCPC.
- Fuaireamar 72 fógra maidir le cumasc agus d'eisiomar 68 cinneadh ar idirbhearta a raibh measúnú déanta orthu sa bhliain 2017.
- Rinneamar scrúdú ar ocht gcinn de scéimeanna pirimide a d'fhéadfadh a bheith ag feidhmiú



- Chuireamar tús, i mí Deireadh Fómhair le scrúdú ar iompar frithiomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ar siúl ag comhlachas trádála, Nursing Homes Ireland (féach leathanach 11).

Comhlíonadh

- Rinneamar cigireacht ar 93 áitreabh trádálaí le comhlíontacht leis an reachtaíocht um chosaint tomhaltóirí a sheiceáil.
- Rinne an lucht Custaim 74 lastas ina raibh thart ar 482,702 táirge a thagairt don CCPC le measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na dtáirgí agus lena fhíorú go raibh na táirgí ag cloí le ceanglais na reachtaíochta um shábháilteacht táirge (féach leathanach 12).
- Thugamar cúnamh d'údarás um chosaint tomhaltóra na Fraince (DGCCRF) trí eolas a bhailiú maidir le breis is 200 gearán a bhain le scéimeanna aisléasaithe réadmhaoine Francacha. Cuireadh 152 de na gearáin seo faoi bhráid an DGCCRF ar mhaithe le sárúithe na reachtaíochta um chosaint tomhaltóra a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus tá siad sin curtha san áireamh ina gclár oibre don bhliain 2018.
- Rinneamar cigireachtaí gan fógra a stiúradh ar gharáistí gluaisteán ar fud na tíre le comhlíontacht leis an reachtaíocht um chosaint tomhaltóra a chinntiú.
- D'fhoilsíomar 82 aisghairm a bhain le táirgí atá le fáil ar mhargaí na hÉireann. Táimid mar phointe teagmhála na hÉireann don chóras mear-rabhaidh ar fud na hEorpa maidir le táirgí contúirteacha ar a dtugtar RAPEX, ina bhfuil liosta aisghairmeacha na dtáirgí go léir a tharla san AE. D'fhoilsíomar mionsonraí maidir le 357 aisghairm Rapex sa chás an táirge aisghairthe a bheith curtha ar mhargadh na hÉireann.
- Fuaireamar tuarascálacha maidir le comhlíontacht, de réir an spriocdháta reachtúil le haghaidh aighneachta, ó na miondíoltóirí agus mórdhíoltóirí ábhartha atá faoi réir ag na Rialacháin Earraí Grósaeireachta.

Údarú

- D'eisiomar údarú do 838 Idirghabhálaí Creidmheasa agus d'eisiomar trí cheadúnas do Gheallbhróicéirí.




Spríoc 1 – Tosaíochtaí don bhliain 2017

An chéad chiontú in Éirinn maidir le camastaíl tairiscintí

An 31 Bealtaine 2017, bhain an CCPC i gcomhar leis an DPP an chéad chiontú riamh in Éirinn amach maidir le cion ó thaobh cairtéal a bhí i mbun na camastaíola ar thairiscintí san earnáil ábhar urláir tráchtála. Ciontaíodh an tUasal Brendan Smith maidir le bac a chur ar ionchúiseamh coiriúil agus gearradh pianbhreith trí mhí ar fionraí air. Gearradh fineáil €7,500 ar an Uasal Smith a dícháilíodh é ó fheidhmiú mar stiúrthóir cuideachta ar feadh tréimhse chúig bliana. Gearradh fineáil €10,000 ar an ngnóthas, Aston Carpets and Flooring. Cuireadh achomharc maidir le trócaireach na pianbhreithe faoi bhráid an DPP. Tá curtha ag an ionchúiseamh le feacht maidir le camastaíl tairiscintí i measc gnólachtaí Éireannach agus ina measc siúd atá rannpháirteach i soláthar.

Ticéadú

Le linn na bliana 2017, chuireamar tús le himscrúdú ar shárúithe a raibh amhras fúthu maidir le dlí na hiomaíochta ó thaobh soláthar ticéid agus feidhmiú seirbhísí ticéadaithe d'imeachtaí beo in Éirinn. Osclaíodh an t-imscrúdú tar éis anailís a dhéanamh ar an margadh agus tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar theagmhálacha poiblí a bhaineann leis an earnáil. Tá ár n-imscrúdú dírithe go príomha ar iompar frithiomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ar siúl ag oibreoírí, lena n-áirítear: iad siúd atá ba



inteach le ticéid a sholáthar agus le seirbhísí ticéadaithe, tionscnóirí agus ionaid. Faoi dheireadh na bliana 2017, bhí 235,000 doiciméad leictreonach faighte ag an CCPC agus rinneadh an iliomad éisteachtaí maidir le toghairm finné a thionóil mar chuid den imscrúdú. Bhíomar rannpháirteach freisin le go leor rannpháirtithe tionscal in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe chomh maith le húdaráis iomaíochta i ndlínsí eile san Eoraip.

Coireacht Mótarfheithicle

Ní mór do lucht trádála a dhíolann gluaisteáin le tomhaltóirí a chinntiú nach bhfuil an t-eolas a chuireann siad ar fáil maidir leis an ngluaisteán bréagach nó míthreorach. Má chuireann lucht trádála tomhaltóirí amú maidir leis na feithiclí atá á ndíol acu nó má dhíolann siad feithicil atá lochtach, tá an dlí á bhriseadh acu. Tá an earnáil mótarfheithicil mar thosaíocht leanúnach don CCPC agus sa bhliain 2017, d'fhógraíomar go rabhamar ag cur tús le cigireachtaí gan fógra ar dhéileálaithe gluaisteáin ar fud na tíre. Tá sé mar fhócas leis na cigireachtaí seo déileálaithe a aithint agus gníomh forfheidhmithe a ghlacadh in aghaidh déileálaithe atá ag cur tomhaltóirí amú agus gluaisteáin a bhí i dtimpiste nó gluaisteáin ar baineadh leis an odaiméadar á dhíol acu.

Sa bhliain 2017, bhí an chéad phianbhreith coimeáda riamh agus dhá chion choiriúla eile sna cúirteanna bainte amach mar thoradh ar gcuid iarrachtaí forfheidhmithe in aghaidh

lucht trádála atá bainteach le tomhaltóirí a chur amú agus iad ag díol gluaisteáin ar baineadh leis an odaiméadar. Sa bhreis air sin, d'eisiomar dhá Fhógra um Chomhlíonadh agus trí Ghealltanas ó thrádálaithe (féach leathanach 16).

Earnáil na dTithe Altranais

I nDeireadh Fómhair na bliana 2017, chuir an CCPC tús le scrúdú ar iompar frithiomaióch a d'fhéadfadh a bheith ar siúl ag comhlachas trádála, Nursing Homes Ireland (NHI). Fuair an CCPC eolas maidir le cruinniú a d'eagraigh an NHI, agus líomhnaíodh gur pléadh comhghníomhaíocht mar fhreagra ar an Scéim Fair Deal ag an gcruinniú sin. Chuireamar tús le scrúdú chun cinneadh a dhéanamh cibé ar chuir an NHI nó a chuid comhaltaí aon cheann de na moltaí i bhfeidhm a pléadh ag an gcruinniú, áirítear ar na moltaí sin, comhghníomhaíocht a d'fhéadfadh ardú a chur ar ranníocaíochtaí ó chónaitheoirí tithe altranais, go bhféadfaí othair a bheadh ag teacht isteach ó ospidéal géarchúraim a dhiúltú agus teorainn a chur ar an líon leapacha nua a chuirfí ar fáil faoin Scéim Fair Deal. Bhí na himscrúduithe fós ar siúil ag deireadh na bliana 2017.

Chuireamar tús le tionscadal, i mí Meán Fómhair 2017, san earnáil chéanna, a bhain le húsáid conarthaí téarma caighdeánacha ó thaobh seirbhísí cúram cónaithe fadtéarmacha a sholáthar do dhaoine scothaosta. Is é atá mar aidhm leis an tionscadal sraith treoirlínte a sholáthar do na soláthróirí seo a bhaineann úsáid as conarthaí téarma caighdeánacha ó thaobh seirbhísí cúram cónaithe fadtéarmacha. Leagtar amach sna treoirlínte na hoibleagáidí agus na freagrachtaí nach mór don lucht soláthar seirbhíse cloí leo faoi dhlí um chosaint tomhaltóra an AE agus na hÉireann nuair atáthar ag baint úsáid as conarthaí téarma caighdeánacha. Cuideoidh na treoirlínte le tomhaltóirí ar mhian leo dúshlán cothroime téarmaí a gconradh a thabhairt. Foilseofar ár dtreoirlínte sa bhliain 2018.

Obair maidir le cosaint tomhaltóirí san Eoraip

Forfheidhmíonn na húdaráis ábhartha an dlí Eorpach um chosaint an tomhaltóra ag leibhéal náisiúnta. Tá an Gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint Tomhaltóirí (CPC) an AE comhdhéanta d'údaráis náisiúnta, lena n-áirítear an CCPC, atá freagrach as dlíthe um chosaint tomhaltóra an AE a fhorfheidhmiú i dtíortha an AE agus EEA.

Faoi chreat an CPC: tá ar chumas aon údarás i dtír a bhféadfadh sárú a bheith déanta ar an dlí um chosaint an tomhaltóra a iarraidh ar a comhpháirtí sa tír ina bhfuil an trádálaí lonnaithe, gníomh a ghlacadh leis an sárú seo a stopadh. Tá sé ar chumas údaráis freisin a chéile a chur ar an airdeall ó thaobh míchleachtais a d'fhéadfadh scaipeadh go tíortha eile agus, le tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, tá ar a gcumas comhordú a dhéanamh ar an gcur chuige ó thaobh an dlí um chosaint an tomhaltóra a fheidhmiú ionas go mbeidh siad ábalta dul i ngleic le sárúithe forleathana.

I measc na ngníomhartha ar thug an CCPC fúthu sa bhliain 2017 sa chomhthéacs seo tá:

- Thugamar cúnaimh d'údarás um chosaint tomhaltóra na Fraince (DGCCRF) trí eolas a bhailiú maidir le breis is 200 gearán a bhain le scéimeanna

aisléasaithe réadmhaoine Francacha. Cuireadh 152 de na gearáin seo faoi bhráid an DGCCRF ar mhaithe le sárúithe na reachtaíochta um chosaint tomhaltóra a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint agus tá siad sin curtha san áireamh ina gclár oibre don bhliain 2018.

- Tar éis iarratais a fuarthas tríd an CPC rinneamar naoi gcinn de chuirteanna láithreáin a stiúradh in Éirinn a bhain le sárúithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar an dlí um chosaint an tomhaltóra. Táimid rannpháirteach lenár gcomhpháirtithe Eorpacha ar bhonn leanúnach maidir leis na hábhair seo.
- Is féidir le húdaráis inniúla sna Ballstáit feidhmiú i gcomhar le chéile leis an dlí um chosaint an tomhaltóra a fheidhmiú sa Mhargadh Aonair. Is féidir é sin a éascú trí ghlacadh le comhsheasamh i leith saincheisteanna ollmhóra. Sa bhliain 2017, bhí an CCPC rannpháirteach leis an Volkswagen Group, mar chuid den chomhsheasamh seo, chun aghaidh a thabhairt ar údair imní a tháinig chun cinn mar thoradh ar shaincheisteanna astaíochtaí díosail. Bhí an CCPC rannpháirteach i gcomhghníomhaíocht a rinne éileamh ar phríomhoibritheoirí meáin sóisialta (Facebook, Twitter, Google+): (i) a gcuid téarmaí seirbhísí a chur in oiriúint don dlí um chosaint an tomhaltóra an AE; agus nós imeachta “fógra agus gníomh” a chruthú d’údaráis an CPC le hábhar neamhdhleathach ar líne a thuairisciú agus a bhaint anuas.

An earnáil mótararachais

Sa bhliain 2016, d’oscail an CCPC imscrúdú ar chomharthaíocht i dtaca le praghas a d’fhéadfadh a bheith san earnáil mótararachais. Bhíomar imníoch faoi ráitis phoiblí a bhí á ndéanamh ag cuideachtaí árachais agus é á thuar acu go raibh ardú ag teacht ar phréimheanna árachais. D’fhéadfadh roinnt comhordaithe neamhráite a bheith idir iomaitheoirí mar thoradh ar a bhfuil ar intinn maidir le ráitis i dtaca le praghas amach anseo a d’fhéadfadh dlí na hiomaíochta a shárú. Leanadh leis an imscrúdú seo sa bhliain 2017 agus rinneamar an iliomad éisteachtaí maidir le toghairm finné a thionóil le linn na bliana agus fuaireamar os cionn 1.25 milliún ríomhphost agus doiciméad ó pháirtithe a bhí faoi imscrúdú. Tugadh cúnaimh don Choimisiún Eorpach lena n-imscrúdú ar leithligh ar an margadh mótararachais.

Ag coinneáil tomhaltóirí sábháilte

Tá an CCPC freagrach as reachtaíocht a fhorfheidhmiú a bhaineann le raon leathan táirgí neamhbhíá atá beartaithe do thomhaltóirí agus atá clúdaithe ag chúig Threoir AE. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú nach gcruthaíonn earraí atá curtha ar mhargadh na hÉireann riosca do thomhaltóirí. Déanaimid imscrúdú gach aon bhliain ar na céadta táirge a d’fhéadfadh a bheith fabhtach, cuirimid tomhaltóirí ar an eolas maidir le haisghairmeacha táirge agus cuirimid tomhaltóirí in Éirinn ar an airdeall maidir le fógraí sábháilteachta i mBallstát AE eile.

I nDeireadh Fómhair na bliana 2017, tar éis eolas a fháil óna Coimisinéirí Ioncaim agus óna Custaim, stopamar dhá lastas ag Port Bhaile Átha Cliath ina raibh os cionn 700

táirge d'Oíche Shamhna. Tar éis imscrúduithe, rinneamar cinneadh nach raibh na táirgí ag freastal ar na caighdeáin sábháilteachta mar atá leagtha amach i reachtaíocht na hÉireann agus i reachtaíocht AE. Mar thoradh air sin, d'ordaíomar na táirgí a scrios. D'eisiomar rabhadh ar thomhaltóirí á gcur ar an eolas maidir leis an urghabháil agus chuireamar eolas praiticiúil ar fáil dóibh maidir le cad ba chóir dóibh a bheith san airdeall air agus iad ag ceannach feisteas agus fearais do leanaí le haghaidh Oíche Shamhna.

Gealltanais ó Ollscoileanna na hÉireann maidir le seirbhísí clócaí céime a sholáthair

I ndeireadh na bliana 2017, fuair an CCPC gealltanais ó líon ollscoileanna in Éirinn ó thaobh athrú a chur ar a gcuid cleachtas soláthar i ndáil le seirbhísí clócaí céime a chur amach ar thairiscint. Tar éis gearán a fháil, lorg an CCPC gealltanais lena chinntiú go bhfeidhmeofaí próisis tairisceana ar bhonn rialta le hiomaíocht níos fearr a chruthú i measc soláthróirí a d'fhéadfadh costais a íslú do mhic léinn.

Fuarthas gealltanais ó Ollscoil na hÉireann, Ollscoil Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh le líon bearta a chur i bhfeidhm le níos mó iomaíochta a éascú agus lena chinntiú go gcuirtear le trédhearcacht agus seirbhísí clócaí á gcur amach ar thairiscint, lena n-áirítear:

- Laghdú go hachar nach mó ná dhá bhliain a dhéanamh ar na conarthaí soláthair le síneadh aon bhliain amháin a chur i bhfeidhm do sholáthar agus do thriail clócaí céime do mhic léinn ar an gcampas.
- Conarthaí grianghrafadóireachta agus clócaí a scaradh.
- Ní mór go ndearbhóidh gach ollscoil ar a láithreán gréasáin go bhfuil sé de rogha ag mic léinn clócaí a fháil ó sholáthróirí eile más mian leo é sin a dhéanamh.

Cumaisc a Rialú

Sa bhliain 2017, fuair an CCPC 72 fógra maidir le cumaisc lena raibh baint ag gnólachtaí a bhí ag giniúint láimhdeachas comhiomlán measta de €56 billiún laistigh den Stát. D'eisiomar cinntí maidir le 68 cumasc agus éadálacha a bhí beartaithe. Cuir an CCPC lena chuid monatóireachta freisin maidir le gníomhaíochtaí cumaisc sa Stát ar mhaithe lena fháil amach cibé an raibh gnólachtaí ag comhlíonadh ceanglais fógra maidir le cumasc faoi dhlí na hiomaíochta.

Go hachomair:

- Bhí ardú de thart ar 7.5% ar líon na gcumasc a tuairiscíodh sa bhliain 2017.
- Ar na hearnálacha ba mhó, bhí breosla (miondíol/mórdhíol), teicneolaíocht na cumarsáide agus na faisnéise. Bhí cumaisc sna seirbhísí árachais agus airgeadais chun cinn freisin.
- As na 72 fógra a fuarthas, d'éiligh naoi gcinn acu (12.5% de chásanna) imscrúdú Céim sínte 1.

- Tugadh fógra faoi cheithre chumasc sna meáin:
 - The Color Company TM/Certain assets of Irish TV
 - Landmark Digital/BenchWarmers
 - Bay Broadcasting/Classic Rock Broadcasting t/a Radio Nova
 - Irish Times/Irish Examiner
- Eisíodh cinntí gan choinníoll maidir le Color Company TM/ Sócmhainní áirithe de chuid Teilifís na hÉireann agus Landmark Digital/BenchWarmers agus bhí an péire atá fanta, Bay Broadcasting/Classic Rock Broadcasting agus an Irish Times/Irish Examiner, fós faoi athbhreithniú ag deireadh na bliana 2017.
- Tarraingíodh siar cumasc amháin a raibh fógra tugtha ina leith, an Siris Capital Group (US) LLC/Synchronoss Technologies INC (US), nuair a thuairiscigh na páirtithe nach raibh siad ag freastal ar na tairseacha airgeadais d'fhógra sainordaitheach.
- As na 68 cinneadh a eisíodh, eisíodh 61 maidir leis na cumaisc ar tugadh fógra fúthu le linn na bliana 2017 agus bhain na seacht gcinn a bhí fanta le cumaisc ar tugadh fógra fúthu ag tarraingt le deireadh na bliana 2016.
- Thóg sé 24 lá oibre ar an meán ar an CCPC cinneadh Céim 1 a eisiúint i gcomparáid le 26 lá oibre in 2016.
- Rinneadh cinntí maidir le seacht gcinn as na naoi gcinn d'imscrúduithe Céim sínte 1 laistigh de thréimhse ama a bhí idir 50 go 85 lá oibre, agus bhí an péire atá fanta fós faoi bhreithniú ag deireadh na bliana 2017.
- Ceanglaítear ar an CCPC monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht cumaisc AE agus nuair a théann sé chun leasa na hÉireann freastalaímid agus bímid rannpháirteacha i gcoistí comhairleacha AE maidir le cumasc. Sa bhliain 2017, leanamar go grinn imscrúduithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le líon cumasc a bhí beartaithe, lena n-áirítear: Bayer/Monsanto, 21st Century Fox/Sky, Orange/Jazztel, Greenery/ Inver, Facebook/WhatsApp, Qualcomm/NXP Semiconductors.

Cinntí maidir le cumaisc le gealltanais

Cé nár chuir an CCPC cosc ar aon chumasc le linn na bliana 2017, bhí gealltanais fhoirmiúla riachtanach le húdair imní ó thaobh iomaíochta a mhaolú agus fuarthas iad sin ó pháirtithe maidir leis na cásanna seo a leanas:

- M/17/012 – Kantar Media/Newsaccess
- M/17/021 – Applegreen/50% of Joint Fuels Terminal
- M/17/027 – Dalata/Clarion Liffey Valley/Clayton Cardiff Lane
- M/17/036 – Sean Loughnane/Crinkle Fine Foods

Fógra Saorálach – Kantar Media/Newsaccess

Fuaireamar eolas, an 2 Feabhra 2017, trí fhaireachas margaidh, maidir le hidirbheart beartaithe, lena bhféadfadh Mediawatch Limited, atá ag trádáil mar Kantar Media, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán WPP plc, urlámhas aonair a fháil ar Newsaccess Limited (Newsaccess).

Is seirbhísí monatóireachta meáin (monatóireacht ilchainéalach meáin agus seirbhísí anailíse meáin) a bhí á soláthar ag Both Kantar Media agus ag Newsaccess araon. Chuir na páirtithe in iúl don CCPC gur tháinig an t-idirbheart beartaithe faoina tairseacha airgeadais d'fhógra sainordaitheach. Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an eolas a bhí inar seilbh, bhí údar imní orainn gurbh é an toradh a bheadh ar an idirbheart beartaithe go bhfaigheadh Kantar Media réidh leis an iomaitheoir ba mhó agus ba ghaire dóibh sa mhargadh. Chuireamar an dá pháirtí ar an eolas gur chóir dóibh fógra saorálach a thabhairt maidir leis an gcumasc a bhí beartaithe.

Tugadh fógra an 9 Márta 2017 maidir leis an idirbheart beartaithe. Le haghaidh a thabhairt ar na húdair imní seo agus le héascú a dhéanamh ar athsholáthar na hiomaíochta a bheadh cailte mar thoradh ar an idirbheart beartaithe, d'éilíomar ar Kantar Media moltaí a chur faoinár mbráid. Faoina moltaí seo, thug Kantar Media gealltanais a chinntiú go ndéanfadh Newsaccess dídhílsiú ar a chuid sócmhainní seasta agus go scaoilfidh le líon custaiméirí atá ar chonradh ón téarma atá fanta dá conarthaí ar théarma seasta. Bhí na moltaí cuí agus éifeachtach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar an údar imní a bhí againn maidir le hiomaíocht. Agus, tar éis réamh-imscrúdú Céim 1 a raibh síneadh curtha leis, thug an CCPC cead, an 11 Iúil 2017, don idirbheart beartaithe a dhul ar aghaidh faoi réir ag na gealltanais cheangailteacha seo.



Loiceadh maidir le fógra a thabhairt

Ceanglaítear faoin Acht Iomaíochta 2002, arna leasú, fógra a thabhairt don CCPC maidir le cumasc nó éadálacha beartaithe a fhreastalaíonn ar thairseacha láimhdeachais áirithe. Sa chás nach mór fógra a thabhairt don CCPC maidir le cumasc nó éadáil bheartaithe ní mór an fógra a thabhairt sula gcuirtear an cumasc nó an éadáil bheartaithe i bhfeidhm. Fuaireamar eolas i mí Lúnasa 2017, go bhféadfadh sé go mbeadh Armalou Holdings Limited, trí Spirit Ford Limited, tar éis Lillis O'Donnell Motor Company Limited a éadáil, gan fógra maidir leis an éadáil a thabhairt don CCPC. Tar éis réamh-mheasúnú i mí Deireadh Fómhair 2017, chuireamar tús le himscrúdú maidir le sárú amhrasta ceanglais fógra faoi alt 18(1) den Acht, arbh ionann é agus cion faoi ailt 18(9) agus 18(10) den Acht. Bhíothas fós ag leanúint leis an imscrúdú seo ag deireadh na bliana 2017.

Tá anailís mhionsonraithe maidir le hathbhreithnithe ar chumasc in 2017 le fáil ar leathanach 59.



I bhFócas

Rialú ón gCúirt Uachtarach – Irish Cement Limited

Mar chuid d'imscrúdú maidir le hiompar frithiomaíoch a d'fhéadfadh a bheith ar siúl i dtionscal na málaí stroighne, thugamar faoi chuardach gan fógra ar áitreabh Irish Cement Limited (fochuideachta de chuid) i mí na Bealtaine na bliana 2015. Le linn an chuardaigh, rinne an CCPC líon doiciméid leictreonacha a urghabháil, lena n-áirítear, bosca ríomhphoist líon príomhfhostaithe reatha agus iar-phríomhfhostaithe de chuid Irish Cement Limited. I mí na Samhna 2015, thug CRH caingean Ard-Chúirte in aghaidh CCPC a rinne an argóint nach raibh baint ag na ríomhphoist áirithe a bhí i mbosca ríomhphoist feidhmeannach sinsearach den sórt sin le gnó Irish Cement Limited agus dá bhrí sin nach bhféadfadh an CCPC athbhreithniú a dhéanamh orthu. Rialaigh an Ard-Chúirt i bhfabhar an CRH in Aibreán 2016. I mí na Bealtaine 2017, dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach den achomharc a thug an CCPC in aghaidh breithiúnas na hArd-Chúirte.

Ag eascairt as breithiúnas na Cúirte Uachtaraí, táimid faoi láthair ag iarraidh nós imeachta a chomhaontú leis an CRH a thabharfaidh cead dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar atá sa bhosca ríomhphoist atá faoi réir na díospóide ar bhealach atá ag comhlíonadh na gceart chun príobháideachais mar a leagtar amach in Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta Daonna. Níos ginearálta fós, ag eascairt ó bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí, táimid ag tabhairt faoi athbhreithniú freisin ar ár nósanna imeachta cuardaigh ar mhaithe le cearta chun príobháideachais gnólachtaí agus daoine aonair a chinntiú, roimh, le linn agus tar éis oibríochtaí cuardaigh amach anseo.

An chéad phianbhreith choimeádta i gcás cionta mótaí

Baineadh amach an chéad phianbhreith choimeádta riamh sa bhliain 2017 mar gheall ar eolas a bhí bréagach a sholáthar maidir le míléaiste ar ghluaisteán. Le blianta anuas, tá clú agus cáil bainte amach ag an CCPC maidir le gníomh forfheidhmithe a ghlacadh in aghaidh líon suntasach trádálaithe ar fud na tíre maidir le cionta a bhaineann le mótarfheithiclí.

I mí Feabhra na bliana 2017, chiontaigh an Breitheamh John Brennan iar-thrádálaí ghluaisteán ó Bhaile Átha Cliath, an tUasal Jonathan McSherry i gCúirt Dhúiche Bhaile Átha Cliath, agus ghearr an Breitheamh trí mhí príosúin air mar gheall ar eolas a

bhí bréagach a sholáthar do thomhaltóir maidir le míleáiste ar ghluaisteán. Ba mar thoradh ar imscrúdú agus ionchúiseamh an CCPC ina dhiaidh sin a daoradh an tUasal McSherry, a bhí ag trádáil ag Station Road Autos, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 Agus tharla sé sin go léir tar éis do thomhaltóir gearán a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, ghearr an Breitheamh John Brennan pianbhreith sé mhí ar fionraí ar thrádálaí gluaisteán as Baile Átha Cliath, an tUasal Timmy Keane, i gCúirt Dhúiche Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh 2017 as eolas bréige a thabhairt do thomhaltóir freisin maidir le míleáiste ar ghluaisteán. Lean an phianbhreith, a cuireadh ar fionraí ar feadh 12 mí, imscrúdú de chuid an CCPC. Bhí an phianbhreith sa bhreis ar an €5,000 de chúiteamh a bhí le híoc ag an Uasal Keane leis an tomhaltóir a bhí i gceist tar éis iarratas ar ordú cúitimh a rinne an CCPC thar ceann an tomhaltóra.

Ciontaíodh an tUasal Oleksandr Matveyshyn, a bhí ag trádáil mar 'MIV Motors' i bPáirc Ghnó na Sé Chrosbhóthar, Cill Bharra, Contae Phort Láirge i gCúirt Dhúiche Phort Láirge ó thaobh eolas bréige a sholáthar maidir le míleáiste ar ghluaisteán BMW, a fuarthas agus allmhairíodh ón Ríocht Aontaithe. Gearradh fineáil €500 ar an Uasal Matveyshyn chomh maith le costais de €1,000 a dheonú ina aghaidh. Chomh maith leis sin bhí ar an Uasal Matveyshyn ordú cúitimh de €8,000 a íoc leis an tomhaltóir.

Treisiónn ciontuith rathúla laistigh de chóras na gcúirteanna an teachtaireacht go nglacfaidh an CCPC gníomh forfheidhmithe deimhneach nuair is gá agus spreagann sé comhlíonadh níos fearr laistigh den earnáil.

Spríoc Straitéiseach 2


Cuirfimid buntáistí maidir le hiomaíocht agus cosaint tomhaltóirí chun cinn trínár ngníomhaíochtaí abhcóideachta agus feasachta poiblí

Tá ról tábhachtach ag gníomhaíochtaí abhcóideachta agus feasachta poiblí an CCPC maidir leis na buntáistí a bhaineann le hiomaíocht agus le cosaint tomhaltóirí, agus oideachas a chur ar dhaoine fúthu do gheilleagar iomlán na hÉireann. Bainimid úsáid as ár n-eolas agus as ár dtaithí ar mhargáí agus ar earnálacha chun eolas a chur ar fáil d'idirghníomhachtaí leis an Rialtas, le hionadaithe poiblí agus leis an earnáil poiblí. Déanaimid ionadaíocht ar leasa tomhaltóra trí rannpháirtíocht i ngrúpaí, fóraim agus i líonraí ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal Eorpacha araon. Oibrímid freisin le tionchar a bheith againn ar fhorbairtí in iomaíocht agus i ndlí agus i mbeartais um chosaint tomhaltóra in Éirinn agus san Eoraip.

Spríoc 2 – Mar a bhaineamar amach í sa bhliain 2017

Abhcóideacht

- D'fhoilsíomar Páipéar ar Roghanna Morgáiste don Rialtas inar moladh líon gníomhartha sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma atá leagtha amach le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna leanúnacha agus ar dheacrachtaí i margadh Morgáiste na hÉireann (féach leathanach 25).
- Rinneamar coimisiúnú ar an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) le taighde a stiúradh maidir le tionchar airgeadais an Bhreitheachta ar phraghas earraí laethúla tí.
- Rinneamar abhcóideacht le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí i réimeas forfheidhmithe iomaíochta na hÉireann, go háirithe trinár dtacaíocht do (Threoir+an Gréasán Eorpach Iomaíochta (Treoir+ECN)) beartaithe an Choimisiúin Eorpaigh.
- Chuireamar tús le staidéar ar an margadh bailiúchán dramhaíola tí le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt beartas náisiúnta bainistíochta dramhaíola amach anseo.
- Rinneamar coimisiúnú ar thaighde le tuiscint bhreise a fháil ar acmhainneacht airgeadais agus folláine i measc tomhaltóirí in Éirinn.
- Leanamar le cómhaoiniú a dhéanamh ar Shaotharlann PRICE (Programme of Research Investigating Consumer Evaluations). Is ionann Saotharlann PRICE agus clár comhoibríoch taighde ar eacnamaíocht iompraíochta, a bhfuil an ESRI ag tabhairt faoi agus atá ar siúl ón mbliain 2013.
- Chuireamar tús le staidéar ar Phlean Conartha Pearsanta (PCP) an mhargaidh airgeadais gluaisteán le measúnú a dhéanamh ar scála an mhargaidh agus ar oiriúnacht don réimeas reatha do chosaint tomhaltóra.
- Rinneamar abhcóideacht i gcoinne reachtaíochta a mhol caidhp praghais a chur ar mhorgáistí ar an ráta athraitheach caighdeánach mar gur chreideamar go gcuirfeadh an caidhp praghais ardú ar rátaí amach anseo agus go mbainfí an bonn ó iomaíocht.



Ionadaíocht

- Bhíomar os comhair Comhchoistí an Oireachtais faoi dhó le hábhair a phlé, a) an margadh do mhorgáistí ar an ráta athraitheach caighdeánach agus b) na saincheistanna leanúnacha maidir le morgáistí rianúcháin.
- Maidir le habhcóideacht do leasa iomaíochta agus cosanta tomhaltóra d'fhreastalaíomar ar 27 cruinniú le Ranna Rialtais, le rialtóirí, le comhlachtaí na hearnála poiblí agus le páirtithe leasmhara eile.
- Bhíomar rannpháirteach i 31 abhcóideacht a bhain le fóraim sheachtracha, lena n-áirítear, cruinnithe boird, grúpaí oibre agus imeachtaí rannpháirtíochta grúpaí leasmhara.
- Chuireamar aighneachtaí os comhair ceithre Choiste Oireachtais agus d'fhreagraíomar sé comhairliúchán poiblí.

Ag cur eolais ar fáil agus ag cur chun cinn

- Chuamar i gcomhairle le hOifig um Sholáthair Rialtais chun cur le feasacht ar chamastail tairiscintí agus le huirlisí scagthástála a fhorbairt chun cuidiú le minicíocht camastail tairiscintí a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint.
- Tugadh os cionn 1.7 milliún cuairt ar ár láithreán gréasáin chorpóraideach, ccpc.ie, a chuireann eolas ar fáil maidir le raon leathan ábhar, lena n-áirítear, cearta tomhaltóra, oideachas airgeadais, cumaisc, taighde agus obair an CCPC.
- Tá na meáin ina bpríomhchainéal ó thaobh eolas a sholáthar do raon leathan páirtithe leasmhara. Sa bhliain 2017, d'fhreagraíomar 322 fiosrúchán meáin agus 85 agallamh/iarratas ar sheisiúin eolais.
- D'fhoilsíomar sraith treoirlínte chun cuidiú le trádálaithe fón póca ó thaobh tuiscint a fháil ar reachtaíocht cosanta tomhaltóra infheidhme agus ar na hoibleagáidí atá orthu agus iad ag tabhairt conarthaí chun críche le tomhaltóirí do lámhghléasanna fós póca.
- Ghlacamar páirt in imeacht Taking Care of Business an DBEI, chun cuidiú le heolas a chur ar fáil do thrádálaithe maidir lena gcuid oibleagáidí faoi na dlíthe um iomaíocht agus cosaint tomhaltóra.
- Rinneamar cur i láthair do raon leathan lucht féachana, lena n-áirítear, comhlachais trádála, trádálaithe, ollscoileanna agus ag imeachtaí idirnáisiúnta maidir leis na dlíthe um iomaíocht agus cosaint tomhaltóra.
- Chuireamar oiliúint maidir leis an dlí um chosaint an tomhaltóra ar fáil don Oifig um Fhaisnéis do Shaoránaigh, Contae Chorcaí.

Spríoc 2 - Tosaíochtaí don bhliain 2017

Guth do thomhaltóirí

Déanann an CCPC ionadaíocht ar leasa an tomhaltóra i ndíospóireacht ar bheartas poiblí trí thionchar a chur ar an Rialtas, ar ghníomhaireachtaí Rialtais agus ar chomhlachtaí poiblí maidir le fiúntas na hiomaíochta agus cosaint tomhaltóra don gheilleagar ina iomláine agus trína gcur ar an eolas maidir leis an méid atá ceadaithe faoin dlí.

Áirítear leis an obair abhcóideachta freisin rannpháirtíocht leis an earnáil phoiblí lena léiriú go gcuireann iomaíocht deiseanna ar fáil do ghnólachtaí éifeachtúla, nuálacha le fás go briomhar. Díríonn an CCPC a chuid acmhainní abhcóideachta ar earnálacha agus ar shaincheisteanna ag a bhfuil an tionchar is mó acu ar shaol laethúil tomhaltóirí agus mar a chéile lenár ngníomhartha forfheidhmithe, tá fianaise agus anailís láidir mar bhonn taca lenár n-idirghabhálacha abhcóideachta.

Tugtar léargas thíos maidir leis na haighneachtaí a bhí déanta ag an CCPC sa bhliain 2017

Comhlacht	Ábhair
Coistí Oireachtais Éagsúla	<ul style="list-style-type: none">• Maoiniú seirbhísí uisce tí• Rialú earnáil na grósaeireachta• Moltaí chun morgáistí ar ráta athraitheach a rialú• Fineálacha sibhialta nó riaracháin mar gheall ar sháruithe dlí na hiomaíochta
An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlíthiúla	<ul style="list-style-type: none">• Comhpháirtíochtaí Dlíthiúla• Cleachtais Ildisciplíneacha• Saincheisteanna maidir le hAbhcóidí
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide	<ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar uimhreacha neamhgheografacha
Banc Ceannais na hÉireann	<ul style="list-style-type: none">• Comhairliúchán Poiblí 'Enhanced Mortgage Measures: Transparency and Switching'
An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta	<ul style="list-style-type: none">• Ionadaíocht ar phaisinéirí i gcinnteoireacht rialála d'Aerfort Bhaile Átha Cliath
An Coimisiún um Rialáil Fóntais	<ul style="list-style-type: none">• Margadh fuinnimh uile-oileánda/I-SEM• Athbhreithniú ar iomaíocht sna margáí leictreachais/gáis• Méadrú cliste
An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	<ul style="list-style-type: none">• Ráiteas beartais ar mhuirir aerfoirt tugtha cothrom le dáta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil	<ul style="list-style-type: none">• Socruithe nua do mhuirir dhramhaíola tí

Pleananna Conartha Pearsanta

Le blianta beaga anuas, tá níos mó tóir ná mar a bhí riamh ar PCP'nna agus tá eolas faighte againn mar le saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an gcineál seo airgeadas gluaisteáin, trí theagmhálacha tomhaltóra agus trí fhiosrúcháin ó ionadaithe poiblí agus óna meáin. Agus na cúinsí sin á dtógáil san áireamh, d'fhógraíomar i mí Iúil na bliana 2017, go rabhamar chun tabhairt faoi staidéar ar mhargadh airgeadais gluaisteán an PCP. Beidh an chéad anailís riamh maidir leis an margadh in Éirinn sa tuarascáil agus san áireamh ann beidh: fianaise maidir le méid agus saintréithe an mhargaidh airgeadais gluaisteán PCP; measúnú ar thaithí tomhaltóirí agus a gcumas ó thaobh PCP'nna a thuiscint. Déanfar athbhreithniú freisin ar na cosaintí atá ar fáil do thomhaltóirí i láthair na huair faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí - 1995, go háirithe i gcomhthéacs na féidearthachta ó thaobh riosca don tomhaltóir agus díobhála don duine aonair, faoi láthair agus amach anseo. Beidh raon moltaí a moladh sa tuarascáil, atá leagtha amach le cosaint níos fearr a thabhairt do thomhaltóirí nuair a théann siad le PCP'nna. Tá sé i gceist go gcuirfidh an fhianaise a bhailítear eolas ar fáil do lucht déanta beartais agus do pháirtithe leasmhara maidir le breithniú a dhéanamh ar an margadh amach anseo.

Staidéar maidir le bailiúchán dramhaíola tí

Tar éis iarratas ón Rialtas i mí na Samhna 2017, chuir an CCPC tús le staidéar ar oibríocht an mhargaidh bailiúchán dramhaíola tí in Éirinn. Déanfar measúnú sa staidéar ar nádúr agus ar scála saincheisteanna tomhaltóra agus oibrítheora sa mhargadh bailiúchán dramhaíola tí agus breithneofar cibé an bhféadfadh tabhairt isteach réimeas rialála níos fearr aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na saincheisteanna seo sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Mar chuid den staidéar seo, tabharfaimid faoi dhianphróiseas rannpháirtíochta le hoibrítheoirí, rialtóirí agus le páirtithe leasmhara eile le tuilleadh eolais agus léargas a fháil maidir leis an earnáil. Cuirfidh an staidéar, atá le foilsiú i samhradh na bliana 2018, eolas ar fáil do mholtaí le haghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna iomaíochta agus cosanta tomhaltóra a aithnítear agus tabharfaidh sé tacaíocht freisin d'fhorbairt beartas bainistíochta dramhaíola in Éirinn amach anseo.



Ullmhúcháin don Bhreathimeacht

Tá an CCPC i mbun oibre lenár máthairRoinn, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus i mbun rannpháirtíochta le measúnú agus le hullmhúchán Rialtais níos leithne roimh theacht an Bhreathimeachta.

Sa bhliain 2017, rinneamar coimisiúnú ar an ESRI chun cuidiú linn an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh an tomhaltóra a aithint. Cuideoidh torthaí an staidéir seo le heolas a chur ar fáil do thuiscint níos leithne maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreathimeacht agus cuideoidh sé lena chinntiú go bhfuil ullmhúcháin na tíre seo chomh cuimsitheach agus is féidir leo a bheith.

Scrúdóidh taighde an ESRI an dá chás maidir leis an mBreathimeacht, an chéad cheann, sa chás go ndéantar idirbheart trádála agus go seachnófar taraifí, ach fós go bhféadfadh bacainní suntasacha gan taraifí a bheith ann ar nós costais a thagann ó am breise a chaitear ag custam, nó mar gheall ar athruithe i rialacha lipéadú agus caighdeáin rialála eile. Is cás "níos crua" atá sa dara cás, le forchur taraifí na hEagraíochta Domhanda Trádála chomh maith le bacainní gan taraifí.

Ag tabhairt aghaidh ar bhearnaí i réimeas forfheidhmithe dlí iomaíochta na hÉireann

Ní cheadaíonn córas dlí na hÉireann fineálacha riaracháin nó fineálacha sibhialta a fhorchur mar gheall ar sháruithe ar dhlí na hiomaíochta in Éirinn. In Éirinn, is é an t-aon phionós airgeadais is féidir a fhorchur mar gheall ar shárú dlí na hiomaíochta ná an fhíneáil a ghearrann na Cúirteanna tar éis ciontú coiriúil. Ní féidir ach le cúirt agus sin amháin cinneadh a dhéanamh cibé ar sáraíodh dlí na hiomaíochta, cinneadh a dhéanamh cibé an bhfuil cuideachta nó duine aonair ciontach agus fineálacha nó pianbhreith coimeáda a fhorchur. Is féidir le cúirteanna nó leis na gníomhaireachtaí féin, i bhformhór Ballstáit eile an AE, fineálacha riaracháin nó fineálacha sibhialta a fhorchur de ghnáth bunaithe ar chaighdeán cruthúnais an "Dualgais Cruthúnais". Ní mór in Éirinn, áfach, cás ionchúisimh a chruthú gan aon amhras réasúnach agus, i gcás an ionchúisimh nó díotáil (m.sh. i gcásanna níos tromchúisí), tá an cúisí i dteideal triail iomlán le giúiré. Mar gheall ar easnamh fineálacha riaracháin nó fineálacha sibhialta a fhorchur mar gheall ar sháruithe ar dhlí na hiomaíochta, is í Éire, an t-aon tír amháin san AE nach bhfuil ar a cumas clár trócaireach a thabhairt isteach, meicníocht atá rithábhachtach le sáruithe ar dhlí na hiomaíochta a bhrath i mBallstáit eile. Is í seo an bhearna i réimeas forfheidhmithe na hÉirinn atá léirithe againn roimhe seo agus leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar an mbearna seo mar a leanas sa bhliain 2017:

- Formhuiníodh an riachtanas le haghaidh fineálacha riaracháin nó fineálacha sibhialta a fhorchur mar gheall ar sháruithe ar dhlí na hiomaíochta in aighneacht a chuireamar chuig Comhchoiste an Oireachtais um Ghnó, Fiontair agus Nuálaíochta maidir le foilsíú na Treorach beartaithe ón AE i ndáil le hÚdaráis Inniúla na mBallstát a chumhachtú lena bheith ina lucht feidhme níos éifeachtaí agus a chinntiú go bhfeidhmíonn an margadh inmheánach i gceart COM (2017) 142 ("Treoir + ECN+" atá beartaithe).

- Bhí an Cathaoirleach rannpháirteach i malartú neamhfhoirmiúil tuairimí ar an Treoir + ECN atá beartaithe i bParlaimint na hEorpa an 11 Deireadh Fómhair 2017. Bhí sé seo faoi stiúir Andreas Schwab, MEP, Rapóirtéir Pharlaimint na hEorpa i ndáil leis an Treoir, áit ar threisigh an Cathaoirleach an gá atá le fineálacha riaracháin nó fineálacha sibhialta.
- Cuireadh béim ar an gcás le haghaidh fineálacha riaracháin nó fineálacha sibhialta a fhorchur mar gheall ar sháruithe ar dhlí na hiomaíochta in aighneacht a chuireamar os comhair an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí i bPáipéar Saincheisteanna ar Fhorfheidhmiú Rialála agus Cionta Corparáideacha.



Taking Care of Business

Tugadh cuireadh, an Chéadaoin, 8 Samhain, d'úinéirí gnólachtaí beaga nó dóibh siúd atá ag smaoineamh a ngnó féin a thosú, chuig imeacht a bhí saor in aisce - Taking Care of Business. Is imeacht uathúil bliantúil atá i Taking Care of Business, atá eagraithe ag an DBEI, a thugann rochtain d'úinéirí gnólachtaí ar 30 comhlacht stáit, lena n-áirítear, an CCPC, agus iad sin go léir faoi aon díon amháin.

Is é atá mar chuspóir le himeacht Taking Care of Business:

- Cabhair a thabhairt do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí ó thaobh tuiscint a fháil ar na príomhrialacháin a bhfuil tionchar acu orthu.
- Deis a chur ar fáil chun casadh le saineolaithe ó raon leathan comhlachtaí poiblí in ionad neamhfhoirmiúil
- Eolas a fháil faoi na tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí.

Ghlac an CCPC páirt, rinneamar ár n-eagraíocht a chur i láthair agus thugamar eolas faoin reachtaíocht um iomaíocht agus cosaint tomhaltóra agus an bealach ina dtéann sé i bhfeidhm ar SME'nna.

D'fhreastail an Tánaiste agus an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Frances Fitzgerald TD agus an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht agus Gnó, Margadh Aonair Digiteach an AE agus Cosaint Sonraí, Pat Breen TD, ar an imeacht.



I bhFócas

Roghanna do mhargadh morgáiste na hÉireann

D'iarr an Rialtas ar an CCPC tabhairt faoi staidéar le scrúdú a dhéanamh ar struchtúr margaidh, reachtaíocht agus rialúchán an mhargaidh morgáiste in Éirinn. Bhí sé mar aidhm leis an staidéar roghanna a leagan amach don Rialtas i dtéarmaí struchtúr margaidh, reachtaíocht agus rialúchán le costas iasachtú urraithe morgáiste a laghdú agus feabhas a chur ar mhéid na hiomaíochta agus cosanta tomhaltóra.

Dhíríomar chun críche an staidéir seo ar mhorgáistí a bhí faighte ar réadmhaoin a thóg Príomhthithe Cónaithe (PDH) agus Ceannach le Ligean ar Cíos (BTL) san áireamh. Leagtar amach sa staidéar

- Ionchais tomhaltóirí maidir leis an margadh morgáiste
- Déantar cur síos ar shaintréithe uathúla margadh morgáiste na hÉireann, aithnítear bearnaí ina bhfuil iomaíocht nó cosaint tomhaltóra neamhleor agus rinneadh suirbhé ar thuairimí páirtithe leasmhara agus iontrálaithe nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le bacainní ó thaobh iontrála i margadh morgáiste na hÉireann.
- Aithníodh an bealach ina ndéantar rátaí úis morgáiste a chinneadh ar mhargadh na hÉireann, an ról atá ag iomaíocht idir iasachtóirí sa phróiseas sin agus comparáidí le dlínsí eile.
- Leagtar amach raon roghanna le hiomaíocht agus cosaint tomhaltóra a fheabhsú sa mhargadh morgáiste a bhféadfadh laghdú costas in iasachtú urraithe morgáiste a bheith mar thoradh air.

Foilsíodh ár bpáipéar i mí an Mheithimh 2017, agus bhí comhairliúchán leathan agus taighde mar thoradh air. Labhraíomar le hionadaithe tomhaltóra, bainc aonair agus iasachtóirí morgáiste, comhairleoirí airgeadais neamhspleácha, iontrálaithe nua agus iontrálaithe a d'fhéadfadh a bheith ann chuig margadh morgáiste na hÉireann. Chuamar i gcomhairle freisin le lucht acadúil, leis an ESRI, le comhlachtaí ag baile agus le comhlachtaí thar lear. Rinneamar coimisiúnú freisin ar thaighde tomhaltóra le tuairimí agus taithí tomhaltóra maidir leis an margadh a scrúdú.

Baineadh úsáid as an eolas go léir le hanailís fianaise-bhunaithe a fhorbairt maidir leis an margadh reatha a bhí mar bhonn le 14 gníomh ar chóir don Rialtas agus do lucht déanta beartais iad a bhreithniú dar linne. Áirítear orthu sin:

- Straitéis agus fíis náisiúnta sainithe fadtéarmach don mhargadh tithíochta agus don mhargadh morgáiste araon a fhorbairt.
- Cur leis an rogha atá ag tomhaltóirí trí acmhainneacht i leith agus minicíocht athraithe a fheabhsú.
- Iontrálaithe nua a spreagadh agus cur le clú idirnáisiúnta.
- Roghanna maoinithe do théarmaí níos faide a chur chun cinn, go háirithe, aistriú i dtreo rátaí seasta fadtéarmacha.

Tar éis an pháipéir seo a fhoilsiú, d'fhoilsigh Banc Ceannais na hÉireann comhairliúchán 'Enhanced Mortgage Measures: Transparency and Switching'. Chuireamar fáilte roimh chomhairliúchán an Bhainc Cheannais agus rinneamar aighneacht a chuir béim ar obair thionscadal eacnamaíochta iompraíochta an ESRI PRICE Lab, atá ábhartha sa réimse agus thugamar tiomantas oibriú leis an mBanc Ceannais agus leis an Roinn Airgeadais le hidirghabhálacha margaidh a fhorbairt.

Chuireamar tús le tionscadal freisin le leasú a dhéanamh air agus le huirlisí comparáide ar ár láithreán gréasáin a thabhairt cothrom le dáta chun níos mó cúnaimh a thabhairt do thomhaltóirí agus iad ag déanamh comparáide maidir leis morgáistí atá ar thairiscint. Tá eolas á chur ar fáil don obair seo ag na torthaí atá inár bpáipéar roghanna.

Spríoc Straitéiseach 3

Déanfaimid tomhaltóirí a chumasú agus a réiteach le roghanna eolacha a dhéanamh agus lena gcuid cearta a dhearbhú.

Cuireann an CCPC tomhaltóirí ar an eolas maidir lena gcuid cearta trí eolas a chur ar fáil dóibh trí raon cainéil, lena n-áirítear ár líne chabhrach, an láithreán gréasáin, ccpc.ie, feachtais feasachta tomhaltóra, na meáin, ár gcainéil meáin sóisialta agus clár oideachais airgeadais san áit oibre 'Money skills for life'.

Trínár dteagmhálacha le tomhaltóirí tá sé ar ár gcumas earnálacha nó réimsí a aithint ina dteastaíonn tuilleadh eolais ó thomhaltóirí le cúnamh a thabhairt dóibh le cinntí a dhéanamh nó le fadhbanna a réiteach. Tá léargas againn freisin ar na saincheisteanna áirithe a raibh ar thomhaltóirí dul i ngleic leo, agus faighimid na léargais sin trínár dteagmhálacha agus taighde ar mhargaí áirithe. Bainimid úsáid as an eolas seo inár gcuid oibre leis an spríoc seo a bhaint amach.

Spríoc 3 – Mar a bhaineamar amach í sa bhliain 2017

Ag cuidiú le tomhaltóirí

- Chuireamar raon leathan eolais ar fáil do 1,745,724 cuairteoir chuig ár láithreán gréasáin www.ccpc.ie.
- Áirítear ar an ábhar eolais tomhaltóra is mó ar tugadh cuairt air, na háireamhain iasachta agus morgáiste, an treoir céim ar chéim maidir le teach a cheannach, eolas maidir le hairgeadas gluaisteán PCP agus earraí lochtacha.
- Fuaireamar 42,112 teagmháil ó (trí ríomhphost, teileafón, na meáin sóisialta agus ar an bpost) thomhaltóirí agus ó ghnólachtaí agus eolas á lorg acu faoi raon leathan ábhar, ó chearta tomhaltóra, go heolas maidir le táirgí airgeadais nó ar mhaithe le húdar imní a léiriú maidir le trádálaithe (féach leathanach 29).
- Bhí 553 táirge airgeadais le fáil ar na huirlisí comparáide táirgí airgeadais atá againn a chuireann eolas neamhspleách ar fáil, agus rinneadh 554 uasdátú orthu le linn na bliana 2017 le hathruithe ar rátaí agus ar mhuirir a léiriú.
- Chuaigh an clár ‘Money skills for life’ chun tairbhe do 1,153 fostaí trí 25 ceardlann do chuideachtaí ar fud na tíre (féach leathanach 33).

Ár bhfeachtas eolais agus taighde

- Rinneamar seacht bhfeachtas shuntasacha feasachta tomhaltóra a thionóil ar airgeadas pearsanta agus ar chearta tomhaltóra, lena n-áirítear, ag ceannach gluaisteáin, airgeadas gluaisteáin, aistriú morgáiste, agus ceannaitheoirí céaduaire, iasachtaí pearsanta, ceannach ar líne agus earraí a cur ar ais tar éis na Nollag (féach leathanaigh 31 agus 32).
- D’fhoilsíomar 102 gné-alt tomhaltóra ar chearta tomhaltóirí agus ar ábhair airgeadas pearsanta faoi ainm an CCPC agus rinneadh iad sin a fhoilsiú ar fud soláthairtí meáin trádála go náisiúnta, agus go réigiúnach.
- Amhail mí na Nollag 2017 bhí 31,455 de lucht leanúna againn ar Facebook.
- D’eisíomar 11 nuachtlitir tomhaltóra chuig an mbunachar sonraí d’os cionn 15,000 suibscríbhinn a chlúdaíonn raon leathan ábhar tomhaltóra.



Spríoc 3 - Tosaíochtaí sa bhliain 2017

Teagmhálacha Tomhaltóra

Táimid tiomanta do chinntiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar eolas atá ábhartha agus praiticiúil maidir lena gcuid cearta agus ar tháirgí agus ar sheirbhísí airgeadais pearsanta. Ar mhaithe leis an tiomantas sin a chomhlíonadh tá líne chabhrach tomhaltóra á feidhmiú againn.

Sa bhliain 2017, rinne 42,112 tomhaltóir (trí ríomhphost, ar an teileafón, ar na meáin shóisialta agus ar an bpost) teagmháil linn. Is ionann é seo agus ardú de beagnach 6% ar an mbliain 2016. As na 42,112 teagmháil sin, bhain 31,117 le cearta tomhaltóra, bhain 4,822 le hairgeadas pearsanta agus bhain 323 le saincheisteanna iomaíochta agus rinne 5,850 tomhaltóir teagmháil linn maidir le fiosrúchán a bhí déanta acu roimhe seo.

Ar na trí phríomhearnáil a raibh tomhaltóirí i dteagmháil linn maidir lena gcuid cearta, bhí:

1. Teileachumarsáid
2. Feithiclí/iompar pearsanta
3. Éadaí/bróga/oiriúintí

Bhí earraí lochtacha agus seirbhísí ar an tsaincheist ba choitianta a bhí ag tomhaltóir a rinne teagmháil lenár líne chabhrach, 8,525 teagmháil ar an iomlán. Léiríodh é seo freisin san anailís ar thrácht láithreán gréasáin chuig ccpc.ie, a thaispeánann an t-eolas a bhaineann le hearraí agus le seirbhísí lochtacha ar na codanna ba mhó dár láithreán gréasáin ar tugadh cuairt orthu. Chuidigh na teagmhálacha seo freisin le heolas a chur ar fáil d'fheachtas feasachta tomhaltóra maidir le 'earraí a thabhairt ar ais tar éis na Nollag' a bhí ar siúl i mí na Nollag 2017. Bhí saincheisteanna a bhaineann le conarthaí (3,239 conradh) ar an dara cúis le tomhaltóirí teagmháil a dhéanamh lenár líne chabhrach sa bhliain 2017. Bhain siad sin go príomha le saincheisteanna muirir, íocaíochtaí nó le héarlaisí

Teagmhálacha sonracha earnála

Tá cuideachtaí Teileachumarsáide chun cinn i gcónaí

Fuaireamar os cionn 4,000 teagmháil a bhain le hearnáil na Teileachumarsáide. Bhain os cionn aon trian dóibh sin le lámhghléas fón póca (1,646 teagmháil), agus ina ndiaidh sin bhí seirbhísí fón póca (961 teagmháil) agus seirbhísí idirlín/leathanbhanda (732 teagmháil).

Árachas gluaisteáin – an líon is airde de theagmhálacha maidir le hairgeadas pearsanta

As na 4,822 teagmháil maidir le hairgeadas pearsanta a taifeadadh sa bhliain 2017, bhain an líon is mó teagmhálacha 1,494, le hárachas gluaisteán. Is ionann é sin agus beagnach ardú 25% nuair a chuirtear i gcomparáid é le figiúirí na bliana 2016. Bhain na saincheisteanna ba mhó a bhí ag tomhaltóirí le hárachas gluaisteán le costais agus táillí (372 teagmháil), agus bhain 277 acu sin le hardú ar phrímheanna agus bhain 288 teagmháil le héilimh. Táthar ag leanúint lenár n-imscrúdú maidir le dlí na hiomaíochta ar chleachtais san earnáil agus leanfar ar aghaidh leis an imscrúdú sa bhliain 2018.

Morgáistí agus scaoileadh cothromais

Bhain 845 teagmháil a fuair le morgáistí agus le scaoileadh cothromais, arbh ionann é agus ardú os cionn 40% i gcomparáid le 2016. Bhí teagmhálacha a bhain morgáistí ar ráta úis athraitheach (194 teagmháil) ar an bpríomhthiománaí sa chatagóir seo agus thaispeáin fiosrúcháin a bhain le morgáistí rianúcháin (165 teagmháil) ardú suntasach freisin; ardú 75.5% i gcomparáid leis an mbliain 2016.

Nóta: Tá briseadh síos iomlán de theagmhálacha a fuair an CCPC sa bhliain 2017 le fáil ar leathanach 72.

Taighde ar iompar agus ar thaithí tomhaltóra

Sa bhliain 2017, rinneamar coimisiúnú ar thaighde i líon réimsí a chuideoidh le tuiscint níos fearr a fháil ar thaithí tomhaltóra agus le heolas a chur ar fáil dár dtosaíochtaí agus dár ngníomhaíochtaí: Áirítear orthu sin:

- Cinnteoireachta maidir le hAirgeadas: Rinneadh staidéar sa taighde seo ar na príomhchinntí airgeadais a dhéanann tomhaltóirí ag céimeanna éagsúla dá saol, na tionchair a bhíonn ag na cinntí sin agus ag an gcineál táirgí agus seirbhísí airgeadais a mbaintear úsáid astú ag céimeanna difriúla den saol. Rinneadh fiosrú sa taighde maidir leis an áit a bhfaigheann tomhaltóirí eolas, cén t-eolas a bhfuil muinín acu ann, cad iad na príomhthionchair atá taobh thiar dá gcinnteoireacht agus cad iad na bealaí is fearr le cumarsáid a dhéanamh leo maidir le táirgí airgeadais. Ar an iomlán, fuair amach gur teaghlach, le cairde ag teacht ina dhiaidh sin atá taobh thiar de na príomhthionchair cinnteoireachta. Bíonn tomhaltóirí óga, go háirithe, ag brath go mór ar dhaoine muinteartha ó thaobh eolas airgeadais. Fuarthas amach sa taighde nach mbítear ag brath chomh mór sin ar dhaoine muinteartha in imeacht ama agus nach raibh sé chomh forleathan sin i measc tomhaltóirí atá níos sine.
- Morgáistí & Aistriú: Le linn na bliana 2017, rinne an CCPC stiúradh ar thaighde cáilíochtúil le tuiscint a fháil ar thuairimí agus ar eolas tomhaltóirí maidir leis an bpróiseas aistriúe morgáiste. Cuidigh torthaí an taighde seo linn ó thaobh eolas a chur ar fáil dár bpáipéar ar 'Options for Ireland's Mortgage Market', a foilsíodh i mí an Mheithimh 2017. Chuidigh an taighde seo freisin le heolas a chur ar fáil don fheachtas feasachta tomhaltóra a bhí á reáchtáil againn ar mhorgáistí le linn míonna Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.
- PCP'nna: Tugadh faoi thaighde cáilíochtúil i bhfoirm grúpaí fócais le tomhaltóirí le scrúdú a dhéanamh ar a dtuiscint air agus a mothúcháin maidir le PCP'nna, a dtaithe maidir le próiseas díolacháin PCP'nna agus a dtuairimí maidir le hoiriúnacht an táirge. Thugamar faoi thaighde ar PCP'nna freisin le PRICE Lab. Mar chuid den taighde seo, rinneadh measúnú ar thuiscint an tomhaltóra ar an gcineál seo airgeadais. Cuirfidh torthaí an taighde seo eolas ar fáil don staidéar atá á dhéanamh ag an CCPC ar airgeadas gluaisteáin


PCP, foilseofar na torthaí seo i mí an Mhárta 2018. Déanfar feachtas feasachta tomhaltóra a reáchtáil maidir leis an ábhar seo freisin, tar éis den tuarascáil a bheith foilsithe.

Ag cumasú tomhaltóirí

Tá ról tábhachtach ag an reachtaíocht um chosaint tomhaltóirí do thomhaltóirí má théann rud éigin mícheart. Le sainordú leathan ar fud gach earnáil, tá sé tábhachtach go ndíreoimid ár gcuid feachtas feasachta ar na réimsí is mó ina dteastaíonn cabhair ó thomhaltóirí. Cuidíonn an t-eolas a fhaighimid trínár lucht teagmhála de 40,000+ le heolas a chur ar fáil dár gcuid oibre. Is minic go léirítear sna feachtais feasachta tomhaltóra atá idir lámha againn an obair abhcóideachta agus forfheidhmithe atá ar siúl againn in earnálacha difriúla. Sa bhliain 2017, rinneamar seacht gcinn d'feachtas feasachta tomhaltóra a reáchtáil ar fud ábhair ar nós morgáiste, gluaisteán a cheannach, earraí lochtacha, ag siopadóireacht ar líne agus iasachtaí pearsanta. Seo léargas maidir le roinnt de na feachtais:

Cúnamh do cheannaitheoirí céaduaire

Is táirge airgeadais atá casta iad na morgáistí agus tá dúshlán mór ag baint le teach cónaithe a cheannach den chéad uair. Tá éagsúlacht mhór rátaí agus táirgí ar thairiscint. Tá na cineálacha seo tairiscintí in ann a bheith tarraingteach ó thaobh cuidiú le ceannaitheoirí céaduaire maidir le costais bhreise ar nós feistiú teach nua, táilli suirbhéara, dlíodóra agus luachálaí. D'fhéadfadh sé, áfach, go gcosnóidh gnóthachain gearrthéarmacha i bhfad níos mó ar shealbhóir an morgáiste thar thréimhse meántearma go fadtearma an mhorgáiste. Léirigh taighde grúpa fócas a rinneadh a stiúradh mar chuid dár bpáipéar maidir le roghanna morgáiste an tionchar atá ag tairiscintí speisialta ar phróiseas cinnteoireachta an tomhaltóra.



Sa bhliain 2017, rinneamar forbairt ar fheachtas feasacht tomhaltóra, a bhí dírithe go háirithe ar cheannaitheoirí céaduaire agus a bhí á reáchtáil i míonna Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair le haird a dhíriú ar an uirlis chomparáide morgáiste atá againn. Cuireann an uirlis seo ar chumas ceannaitheoirí céaduaire eolas atá cothrom le dáta agus neamhspleách a fháil maidir le rátaí seasta agus rátaí athraitheacha araon, cuireann sé ar a gcumas na haisíocáíochta míosúla morgáiste a d'fhéadfadh a bheith orthu a ríomh agus costais iomlán an morgáiste thar téarma an morgáiste a oibriú amach. Bhaineamar úsáid as raidió, comhpháirtíochtaí meáin shóisialta, fiseáin agus na meáin shóisialta chun dul i dteagmháil le ceannaitheoirí céaduaire. Tugadh os cionn 1.8

milliún cuairt ar an fhíseán ar mhorgáistí, agus tugadh os cionn 58,000 cuairt ar ábhar a bhain le morgáiste. Rinne ár ngníomhaíocht ar na meáin shóisialta teagmháil le 139,000 úsáideoir agus bhain lucht féachana sa bhreis ar 1.21 milliún úsáid as ár gcaidreamh le húinéirí meáin. Faoi dheireadh an fheachtais bhí leas bainte ag os cionn 33,000 úsáideoir as an ábhar a bhain leis an fheachtas ar ár láithreán gréasáin.

Cabhair do cheannaitheoirí gluaisteáin

D'fhormhór tomhaltóirí, beidh ceannach gluaisteán ar an dara ceannach is mó a bheidh á dhéanamh acu taobh amuigh de theach a cheannach. Tá an fhéidearthacht ann go rachaidh sé chun aimhleasa go suntasach dóibh (ó thaobh airgeadais agus ó thaobh sábháilteachta an tomhaltóra araon) má cheannaíonn siad gluaisteán atá lochtach, gluaisteán ar baineadh leis an odaiméadar nó go raibh an gluaisteán i dtimpiste nó sa chás go síníonn siad comhaontú airgeadais gan tuiscint iomlán a bheith acu ar an gcomhaontú sin. Tá eolas cuimsitheach againn ar ár láithreán gréasáin chun cabhrú le tomhaltóirí cinneadh eolach a dhéanamh maidir le gluaisteán atá á cheannach acu agus maidir leis an gcineál comhaontaithe airgeadais atá á shíniú acu. Sa bhliain 2017, rinneamar feachtas feachta tomhaltóra a thionóil le linn míonna an Mheithimh agus Iúil. Bhí dhá phríomhtheachtaireacht san fheachtas: cad ba chóir a bhreithniú agus maoiniú gluaisteáin a shocrú agus na seiceálacha ba chóir tabhairt fúthu agus gluaisteán athláimhe á cheannach. Baineadh úsáid san fheachtas as raidió, físeán, comhpháirtíochtaí meáin shóisialta, na meáin shóisialta agus fístaispeáint le teagmháil a dhéanamh le tomhaltóirí. Féachadh os cionn 1.47 milliún uair ar an fhíseán agus rinneamar teagmháil le os cionn 87,000 úsáideoir ar na meáin shóisialta. Trínár gcomhpháirtíochtaí le húinéirí meáin, shroicheamar os cionn 615,000 lucht féachana maidir le hábhar a bhain le gluaisteán a cheannach agus tugadh os cionn 32,000 cuairt ar ccpc.ie maidir leis an ábhar a bhain lenár bhfeachtas.


Cabhair do lucht siopadóireachta

Ag teannadh leis an tréimhse siopadóireachta is gnóthaí sa bhliain (Aoine Mhór na Siopadóireachta agus an Nollaig) thionólamar feachtas lena mheabhrú do thomhaltóirí nach amháin go bhfuil na cearta céanna acu nuair atá siad ag ceannach ar líne is a bheadh agus acu agus iad ag ceannach i siopa, ach tá cearta breise acu freisin má cheannaíonn siad ó chuideachta atá san AE, mar shampla, tá tréimhse faoisimh 14 lá i gceist. San áireamh san fheachtas a bhí againn, bhí fógraíocht ar an raidió, fógraí taispeána ar líne, cuardach ó thaobh íocaíochta, físeán, comhpháirtíochtaí meáin shóisialta, na meáin shóisialta agus caidreamh poiblí chun dul i dteagmháil seo siúd atá ag siopadóireacht ar líne.

Féachadh ar an bhfíseán os cionn 530,000 uair, agus féachadh ar airteagail a bhí coimisiúnaithe ag an CCPC os cionn 10,000 uair. Trínár gcaidreamh le húinéirí meáin rinneamar teagmháil le lucht féachana de beagnach 2 mhilliún agus go foriomlán tugadh os cionn 9,000 cuairt ar leathanach lamairne an fheachtais ar an láithreán gréasáin le linn den fheachtas a bheith ar siúl.

Déantar líon mór teagmhálacha le líne chabhrach an CCPC le linn mhí Eanáir gach aon bhliain maidir le hearraí lochtacha a ceannaíodh sna sladmhargáí nó a fuarthas

mar bhronntanais, maidir le bronntanais nach bhfuil ag teastáil a chur ar ais agus maidir le dearbháin bronntanais. Chun cabhrú le tomhaltóirí freagraí a fháil ar na ceisteanna seo, chuireamar feachtas ‘Christmas Returns’ ar fáil ón 26 Nollaig go dtí an 7 Eanáir agus úsáid á bhaint againn as comhpháirtíocht meáin, cuardach maidir le hiocaíocht, chuireamar físeáin chun cinn ar na meáin shóisialta agus trí chaidreamh poiblí. Rinneadh teagmháil le os cionn 1.1 milliún úsáideoir trína meáin shóisialta agus féachadh ar airteagail a bhí coimisiúnaithe ag CCPC os cionn 76,800 uair. Trinár rannpháirtíocht le húinéirí meáin rinneamar teagmháil le lucht féachana a sháraigh 1 milliún agus go foriomlán tugadh os cionn 12,300 cuairt ar leathanach lamairne an fheachtais ar láithreán gréasáin an CCPC le linn den fheachtas a bheith ar siúl.



Cabhair laethúil le bainistíocht a dhéanamh ar do chuid airgid

Caint saor in aisce ar airgeadas pearsanta atá i gceist le ‘Money skills for life’ de chuid an CCPC a dhéantar a sheachadadh san áit oibre. Tugann an clár seo eolas agus leideanna faoi airgeadas pearsanta agus is féidir leis na daoine a fhreastalaíonn air é a úsáid chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar a gcuid airgid, chomh maith le lámhleabhar agus planálaí buiséid saor in aisce le tabhairt abhaile leo. D’fhreastail 1,153 fostaí ar fud na tíre ar cheann de na cainteanna seo sa bhliain 2017 agus bhí ráta sástachta de 99% i measc lucht freastail. Tá an t-eolas a thugtar ag na cainteanna seo saor in aisce, neamhchlaonta agus tugtar na cainteanna i mBéarla sothuigthe. Cuireann na cainteanna leideanna praiticiúla ar fáil ó thaobh bainistíocht, caiteachas agus ó thaobh buiséad a chur le chéile. Clúdaítear sna cainteanna freisin cad nach mór a bhreithniú chomh fada is a bhaineann sé le coigilteas agus infheistíochtaí, clúdach árachais agus ag fáil airgead ar iasacht. Chomh maith leis sin, tá plan cúig chéim ann chun déileáil le fiachas agus roinnt leideanna chun planáil a dhéanamh nuair a théann duine ar scor.



Lucht freastail ag ceann de na cainteanna maidir le ‘Money skills for life’ i nDún Chathail Bhrúgha an 13 Samhain 2017

Gearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí

Cuirimid gearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí ar a dtugtar 'Money Matters' ar fáil agus is féidir an chúrsa seo a theagasc mar thacaíocht do churaclam Staidéar Gnó nó Eacnamaíocht Bhaile nó mar chúrsa as féin. Is ionann Money Matters agus acmhainn teagaisc agus foghlama ar líne atá saor in aisce, a dhéanann an taithí foghlama níos rannpháirtí agus níos idirghníomhaí. Tá Money Matters déanta suas de cheithre shraith:

1. *Money Talks, I*, féachtar ar an gcoincheap airgid agus ar an mbealach a dtéann airgead i gcion ar iompar.
2. *Follow the Money*, cabhraíonn sé le mic léinn tuiscint níos fearr a fhorbairt ó thaobh a gcaidreamh le hairgead, lena n-áirítear, dialanna caiteachais agus buiséadú.
3. *Taking Control of Money*, féachtar ar roinnt seirbhísí agus táirgí airgeadais, lena n-áirítear roghanna íocaíochta.
4. *Keeping Yourself Covered*, cabhraíonn sé le mic léinn lena bheith ina dtomhaltóirí atá níos eolaí agus déileálann sé le hárachas agus le scéimeanna cama freisin.



I bhFócas

Ag forbairt ár n-uirlisí eolais do thomhaltóirí

Tá ár ról eolais tomhaltóra fréamhaithe inár dtéarmaí tagartha reachtúla, is é sin, 'feasacht phoiblí a chur chun cinn agus feachtais eolais phoiblí a stiúradh chun críocho oideachas a chur ar thomhaltóirí agus eolas a thabhairt dóibh maidir le cosaint agus leasa tomhaltóra.' Sna seirbhísí airgeadais, is é ról an CCPC 'eolas a sholáthar maidir le seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear eolas maidir leis na costais do thomhaltóirí agus na rioscaí agus na buntáistí a bhaineann le soláthar na seirbhísí sin.' Táimid ag brath go mór ar theagmhálacha ó thomhaltóirí, ó rannpháirtíocht na meáin agus ó thaighde, lena n-áirítear Price Lab, le réimsí a aithint ina bhfuil "bearnaí" ó thaobh eolais iontu a d'fhéadfadh a dhul chun díobhála don tomhaltóir. Déanaimid ár gcuid eolais agus feachtais a fhorbairt agus an t-eolas seo á úsáid againn chun dul i dteagmháil le tomhaltóirí aitheanta ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir ag cur eolais ábhartha agus tacaíocht ar fáil dóibh bunaithe ar a gcuid riachtanas.


Ag freagairt don domhan digiteach

Is é ár láithreán gréasáin croichainéal an CCPC leis an eolas a theastaíonn uathu a chur ar fáil do thomhaltóirí. Le téarmaí téagartha leathana, d'fhéadfadh gach tomhaltóir in Éirinn a bheith mar úsáid agus mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh an t-ábhar atá againn inrochtana, úsáideach agus cothrom le dáta. Sa bhliain 2017, thugamar faoi thionscadal athfhorbartha suntasach lena chinntiú go gcuireann an láithreán gréasáin an t-eolas a theastaíonn ó úsáideoirí ar fáil dóibh ar bhealach iomasach, beag beann ar an ngaireas atá á úsáid acu. Bhí taithí an úsáideora fiorthábhachtach agus athdhearadh á dhéanamh ar an láithreán gréasáin. Tá iarracht á dhéanamh againn lenár láithreán gréasáin nua le cúrsaí a dhéanamh níos éasca do thomhaltóirí leis an eolas a theastaíonn uathu a aithint. Ní thagann deireadh áfach, leis an obair atá idir lámha againn lenár láithreán gréasáin a dhéanamh níos fearr agus sa bhliain 2018 beimid ag obair leis na huirlisí comparáide táirgí airgeadais a athfhorbairt. Bainfidimid úsáid freisin as ár gcumas taighde airgeadais mar bhonn le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an eolas atá á sholáthar againn do thomhaltóirí ar fud na gcainéal go léir.

Ardáin nua agus réimse níos leithne

Tá sé tábhachtach go mbeidh an CCPC ag seachadadh eolais ar lucht féachana spriocdhírithé ar bhealaí nuálacha agus mar sin tá bealaí nua á n-aithint againn de shíor le hábhar a sheachadadh ar bhealach atá éifeachtach ó thaobh costais. I mí an Mheithimh

2017, thugamar faoi chomhpháirtíocht nua le Independent.ie. Is é a bhí mar chuspóir leis an gcomhpháirtíocht, teagmháil a dhéanamh le lucht féachana níos leithne ar bhonn rialta agus úsáid á bhaint as ábhar eagarthóireachta seachas as fógraíocht chaighdeánach. Chuir an chomhpháirtíocht dhigiteach seo ar ár gcumas láithreach leanúnach a bheith againn ar líne, ag seachadadh ábhar ar chearta tomhaltóra agus ar airgead pearsanta do lucht féachana. Bhí físeáin ar chomhpháirt ollmhór dár gcomhpháirtíocht agus rinneamar taifeadadh ar líon físeán ar ábhair éagsúla. Rinneadh formhór na bhfíseán seo a shiútail ar an láthair (m.sh. i siopa, aerfort, srl), thug sé sin an dearcadh ceart don té a bhí ag féachaint ar an bhfíseán le tuiscint iomlán a thabhairt dóibh ar na hábhair éagsúla a bhí i gceist. Féachadh 207,631 uair ar an ábhar eagarthóireachta le meán-am léitheoireachta de 2:33 nóiméad do gach aon phíosa. Ag an am céanna leis an eagarthóireacht, d'fheidhmigh táthcheangal na coda seachtainiúil mar uirlis feasachta le 547,000 taispeáint ar an meán a gcur ar fáil in aghaidh an fheachtais.



Sprioc Straitéiseach 4

Leanfaimid orainn ag forbairt mar eagraíocht atá dírithe ar thorthaí a bhaint amach agus a bhfuil sé i gceist aici na caighdeáin is airde a bhaint amach sa mhéid atá idir lámha.

Chuir bunú an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí deis uathúil ar fáil le heagraíocht nua, neamhspleách agus údarásach a bhunú ag a bhfuil an t-eolas agus an saineolas leis na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do thomhaltóirí, do ghnóthai agus don gheilleagar ar an iomlán. Mar eagraíocht, táimid tiomanta tionchar suntasach a bheith againn san áit is mó a dteastaíonn sé.




Spríoc 4 - Mar a bhaineamar amach í sa bhliain 2017

- Líonamar 29 ról ar fud na heagraíochta trí fheachtas earcaíochta suntasach ar feadh na bliana. D'fhostaíomar foireann le scileanna agus le hinniúlachtaí in iliomad disciplíní, lena n-áirítear, dlí, eacnamaíocht agus fóiréinsic dhigiteach (féach leathanach 40).
- Thugamar an chéim thaighde chun críche do thrí thionscadal maidir le Forbairt Eagraíochtúil, agus tacóidh siad seo go léir le forbairt leanúnach an CCPC mar eagraíocht ard-fheidhmíochta (féach leathanach 44).
- Leanamar le hoiliúint a chur ar fáil agus le huas-sciliú agus forbairt a dhéanamh ar an fhoireann. D'fhreastail os cionn 413 lucht freastail in iomláine ar na cúrsaí agus ar na seimineáir:
 - Chuir 15 seimineár inmheánach le forbairt agus le leathnú a dhéanamh ar eolas comhaltaí foirne ar fud ár dtéarmaí tagartha. Rinneadh ocht seimineár a sheachadadh do chomhaltaí foirne agus thug saineolaithe seachtracha faoi na seacht gcinn a bhí fanta.
 - Rinneadh ceithre chúrsa oiliúna a fhorbairt agus a reáchtáil don fhoireann le forbairt ar bhonn leanúnach a dhéanamh ar a gcuid saineolais agus scileanna laistigh den CCPC
- Tar éis rannpháirtíocht inmheánach agus seachtracha lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, rinneamar Ráiteas Straitéise nua a fhorbairt don tréimhse 2018-2020 (féach leathanach 39).
- Rinneamar athbhreithniú ar an nós imeachta promhaidh, thugamar clár ionductúcháin leasaithe isteach, agus cuireadh próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go mbeadh leanúnachas ann ó thaobh cur chuige agus go ndéanfaí cothabháil ar chuimhne institiúideach (féach leathanach 41).
- Leanamar lenár dtiomantas do spáráil fuinnimh san áit oibre. Sa bhliain 2017, ní amháin gur bhaineamar amach ár sprioc laghdaithe fuinnimh do 2020 ach sháraíomar an sprioc sin le 4%.
- Chuireamar tús le hobair d'ullmhúchán don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

Spríoc 4 - Tosaíochtaí sa bhliain 2017

Ag ceangal na foirne agus na heagraíochta

Bhíomar trí bliana ar an bhfód sa bhliain 2017. Chomh maith lena bheith ina ócáid chinniúnach, chiallaigh sé go raibh deireadh tagtha le cur i bhfeidhm an chéad Ráiteas Straitéise. Tá an Ráiteas Straitéise i gcroílár a bhfuil idir lámha againn. Cuireann sé breac-chuntas ar fáil maidir le fíis agus uailmhianta an CCPC agus cuireann sé in iúl conas, thar na trí bliana atá amach romhainn, a rachaimid i mbun roghnaithe go forghníomhach maidir le cad air a ndíreoimid, an tionchar a bheidh ag an CCPC agus an bealach ina ndéanfar an tionchar sin a thomhas.



I dtús na bliana 2017, mar chéad chéim, rinneamar éascú ar cheardlanna leis an fhoireann agus rinneamar forbairt ar luachanna nua agus ar iompar. Cuireann luachanna eagraíochtúla treallús faoin mbealach ina mbíonn tionchar againn, faoin gcineál caidreamh atá againn le chéile, agus faoin mbealach ina n-oibrímid le chéile le torthaí a bhaint amach. Eascraíonn an cultúr eagraíochtúil as iompar comhchoiteann gach comhalta foirne – “an bealach a dtugaimid faoi ghníomhaíochtaí thimpeall anseo” – ag comhlíonadh an ghealltanais atá tugtha ag an eagraíocht do pháirtithe leasmhara.

Mhothaíomar, agus an Ráiteas Straitéise nua á ullmhú againn, go raibh sé tábhachtach go mbeadh deis á fháil ag gach uile dhuine sa CCPC leis an fhís atá acu ó thaobh na heagraíochta a roinnt. Cuireadh foireann tionscadail trasrannánach le chéile leis an Straitéis a fhorbairt. Bhí comhairliúchán leathan i gceist leis an tionscadal, go himheánach agus go seachtrach. Rinneamar ceardlanna díospóireachta foirne a reáchtáil, chomh maith leis seisiúin le Stiúrthóirí, Leas-Stiúrthóirí agus Comhaltaí an Choimisiúin.

Cabhróidh an Straitéis nua le díriú ar an obair is mó ag a bhfuil tionchar. Agus mianta na foirne agus tuairimí páirtithe leasmhara á dtógáil san áireamh againn, tá an Straitéis nua uailmhianach ach praiticiúil agus cuirtear béim sa Straitéis ar chomhlíonadh, ar thrédhearcacht agus ar rannpháirtíocht. Ligeann sé dúinn freisin a bheith rannpháirteach leis an líon mór páirtithe leasmhara atá againn agus a insint dóibh cé muid féin, an méid atá idir lámha againn agus an bealach ina bhfuilimid in ann cabhair a thabhairt.

Tar éis forbairt a bheith déanta ar an Ráiteas Straitéise nua, rinne gach Rannán laistigh den CCPC forbairt ar a bpleananna oibre tacaíochta, d’aithin siad a spriocanna féin don chéad bhliain den Straitéis nua seo, agus cinntigh go raibh obair gach comhalta foirne ceangailte lenár spriocanna agus lenár bhfíis straitéiseach.

Ár luachanna nua

Luachanna	Iompar tacaíochta
Déanaimid cumarsáid go hoscailte	<ul style="list-style-type: none"> Táimid freagrach agus trédhearcach inár gcuid oibre Táimid macánta faoinár gcinntí Táimid oscailte agus cairdiúil lena chéile Admhaimid ár gcuid botún agus foghlaimid óna botúin sin
Creidimid i gcumasú	<ul style="list-style-type: none"> Taispeánaimid go bhfuil meas againn agus gur mór againn na róil atá againn agus an cúnaimh atáimid in ann a thabhairt Tacaímid le chéile ó thaobh foghlama agus forbartha Spreagaimid a chéile lena bheith cuntasach agus an chuntasacht sin a léiriú Sainmhíimid róil agus freagrachtaí agus déanaimid cúraimí a tharmligean go soiléir agus go tacúil
Feidhmímid go neamhspleách	<ul style="list-style-type: none"> Déanaimid cinntí atá bunaithe ar shainmheasúnú na fianaise atá ar fáil Freastalaímid ar leas an phobail Seasaímid lenár gcinntí agus táimid ullmhaithe leis na cinntí sin a chosaint Táimid dian agus neamhchlaonta inár gcur chuige i leith imscrúduithe
Táimid uailmhianach ó thaobh difríocht a dhéanamh	<ul style="list-style-type: none"> Táimid mórtas as ár gcuid oibre agus as ár misean Táimid ullmhaithe le haghaidh a thabhairt ar leasanna dílsithe agus dúshlán an status quo a thabhairt Tugaimid tosaíocht d'obair ag a mbeidh an tionchar is mó maidir le tomhaltóirí agus maidir leis an ngeilleagar ina iomláine Dírímid ar thorthaí a bhaint amach agus táimid solúbtha agus cruthaitheach inár gcur chuige i leith oibre
Oibrímid le barr feabhais a bhaint amach	<ul style="list-style-type: none"> Glacaimid freagracht phearsanta as caighdeán agus tionchar ár gcuid oibre Táimid oscailte do, agus toilteanach aiseolas oscailte a thabhairt lenár bhfeidhmíocht a fheabhsú Déanaimid iarracht ar bhonn leanúnach le gach réimse dár n-eagraíocht a neartú Táimid airdeallach ó thaobh forbairtí sa mhargadh agus freagraímid go straitéiseach i dtimpeallacht atá ag athrú

Ag cur le hacmhainneacht na foirne lenár dtéarmaí tagartha leathana a chomhlíonadh

Leanamar, ar feadh na bliana 2017, ag cur le agus le forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainneacht le linn dúinn a bheith ag tabhairt faoi chlár suntasach earcaíochta chun cur le líon na foirne agus le folúntais a líonadh laistigh den leithdháileadh buiséid atá againn. Le linn na bliana rinneamar líon mór foirne a earcú mar gur chuireamar tús leis an mbliain le líon suntasach folúntais ar fud na heagraíochta. Bhí ardú ar scileanna agus ar inniúlachtaí in iliomad disciplíní, lena n-áirítear, dlí, eacnamaíocht agus fóiréinsic



dhigiteach, scileanna imscrúdaithe agus scileanna anailíseacha mar thoradh ar na feachtais earcaíochta sin. Sa bhliain 2017, ba chomhaltai foirne nua a bhí in 27% d'fhoireann na heagraíochta nó róil nua a d'éascair ó ardú céime. Faoi dheireadh na bliana bhí foireann de 90 ag an CCPC. .

Ag cumasú bainisteoirí

Tá bainistiú daoine agus feidhmíocht rithábhachtach in aon eagraíocht, go háirithe, nuair atá líon ard fostaithe nua i gceist. Mar an gcéanna, tá ról lárnach ag ionduchtú le dea-fheidhmíocht a chumasú ón tús. Thugamar faoi athbhreithniú leathan ar nósanna imeachta ionduchtaithe agus promhaidh sa bhliain 2017. Mar thoradh air sin, rinneamar leathnú ar an gclár ionduchtaithe agus cuireadh struchtúir fhoirmiúla i bhfeidhm le clár oiliúna ceathairchodach mionsonraithe a sholáthar. Áirítear sa chlár seo, Acmhainní Daonna, modúil rannáin agus eagraíochtúla, agus rinneadh iad sin go léir a sheachadadh le linn na chéad sé mhí. Déanaimid oiliúint ar an láthair oibre agus oiliúint piara le piara a sholáthar freisin chun tacú lenár bhfostaithe nua.

Sa bhliain 2017, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an nós imeachta promhaidh, chuireamar tús leis an mbliain le clár dhá lá ar bhainistiú daoine, feidhmíocht agus promhadh a thug na bainisteoirí go léir chun críche. Cuireann feidhm Acmhainní Daonna an Aonaid Forbartha Eagraíochta tacaíocht agus comhairle leanúnach ar fáil freisin do bhainisteoirí fostaithe nua. Bhaineamar úsáid as sárchleachtas agus chinntiomar go raibh tacaíocht á fháil ag fostaithe agus ag bainisteoirí araon le linn na dtréimhsí promhaidh.

Comhaontaíonn an fhoireann a gcuid cuspóirí feidhmíochta ag tús na bliana, gach uile bhliain, don bhliain atá amach romhainn. Ailínítear cuspóirí gach comhalta foirne lenár bpleananna oibre agus lenár gcuspóirí straitéiseach.

Ag forbairt sárchleachtas agus saineolais: agus ag baint lánacmhainneachta amach

Tá cothabháil agus feabhas a chur ar scileanna agus ar fheidhmíocht an duine aonair mar thosaíocht croílár againn agus feabhas a chur ar an mbealach sin ar fheidhmíocht na heagraíochta. Is ionann oiliúint agus forbairt agus próiseas córasach atá beartaithe trína gcuidítear nó a n-éascaítear don fhostaí a bheith ina mháistir/ina máistir ar a chuid/a cuid scileanna nó inniúlachtaí sainithe lena lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tá an CCPC tiomanta d'fhoghlaim ghaolmhar agus comhtháite agus d'fhorbairt a éascaíonn aistriú eolais intuigthe agus eagraíochtúil, a thosaíonn le clár ionduchtúcháin cuimsitheach do gach fostaí nua. Rinneadh éascú ar dheiseanna leanúnacha foghlama agus forbartha i bhfóraim éagsúla le linn na bliana 2017, lena n-áirítear, cúrsaí agus comhdhálacha foirmiúla, imeachtaí le saineolas inmheánach agus idirnáisiúnta, seimineár gréasáin, cruinnithe maidir le saineolas, tionscadail trasrannánacha, treoracha scríofa agus teimpléid agus foghlaim ó thaithí trí chleachtas atá cosúil le cásanna fíoraibre. Rinneadh gach fostaí a spreagadh le leas a bhaint as na deiseanna.

Chun tacú leis an fhoireann i bhfeidhmiú a gcuid dualgas, bhí os cionn 30 comhalta foirne rannpháirteach in oiliúint réalaíoch agus spriocdhírthe i líon réimse a bhain le feidhmiú a gcuid dualgas mar Oifigigh Údaraithe. Ag díriú ar éifeachtúlachtaí oibríochta, críochnaigh an oiliúint mar oibríocht cuardaithe ionsamhlaithe áit ar éilíodh ar na foirne gníomhaíochtaí cuideachta bhréige a imscrúdú agus tabhairt faoi ruathar moch maidine.

Chuir an Garda Síochána oiliúint maidir le hagallamh imscrúdaithe ar fáil do thart ar 20 comhalta foirne forfheidhmithe. Reáchtáil gach Rannán oiliúint saincheaptha, d'fhreastail siad ar sheimineár gréasáin agus bhí siad rannpháirteach i líonraí idirnáisiúnta lena gcuid scileanna agus eolais ina réimsí sainiúla a fheabhsú.

Leanamar lenár nOiliúint Dhlíthiúil agus Straitéis Forbartha a chur i bhfeidhm. Chomh maith le hoiliúint a bhaineann go sonrach leis an duine aonair agus le Rannáin, rinneadh seachadadh ar oiliúint ghrúpa freisin.

Rinneamar seachadadh, sa réimse sláinte agus sábháilteachta, ar oiliúint maidir le láimhsiú sábháilte agus rinneamar oiliúint eirgeanamaíocht agus measúnuithe a stiúradh freisin.

Aithnímid an tábhacht a bhaineann le deiseanna a chur ar fáil don fhoireann lena saineolas féin a fhorbairt agus leis na scileanna atá acu faoi láthair a fheabhsú. Cuireadh deiseanna ar fáil don fhoireann sa bhliain 2017 lena gcuid eolais a leathnú agus lena bheith rannpháirteach i réimsí lasmuigh dá gcuid ról i láthair na huaire. Ailíníonn deiseanna den sórt sin freisin le huailmhian an CCPC ó thaobh a bheith aitheanta mar eagraíocht a thógann foghlaim i ndáiríre. Tacaigh an CCPC le foghlaim fhoirmiúil bhreise faoina chlár Réamhtháillí agus sa bhliain rinneamar urraíocht ar sheachtar fostaí in oideachas tríú leibhéal i réimsí rialachais, dlí na hiomaíochta agus imscrúduithe fóiréinsice digiteacha.

Eolas agus scileanna don todhchaí

Tá eolas institiúideach agus intuigthe ríthábhachtach dár n-eagraíocht atá ag fás. Chun breis a chur le haistriú eolais, roinneann an fhoireann a fhreastalaíonn ar chur i láthair sheachtrach an t-eolas atá foghlamtha acu trí nóta oiliúna nó trí chruinnithe faisnéise leis an fhoireann. Rinneadh éileamh ar bhainisteoirí sinsearacha athbhreithniú a dhéanamh ar imeachtaí seachtracha leis an fhoireann a fhreastalaíonn ar na himeachtaí agus breithniú a dhéanamh cibé ar chóir an fhoghlaim a roinnt le Rannáin eile. Rinne sé sin spreagadh ar an tionchar agus ar na torthaí ba leithne maidir le foghlaim agus forbairt.

Mar go dtacaíonn meastóireacht ghrinn le haistriú eolais, thugamar isteach Leibhéal 2 den Phillips ROI Methodology le foghlaim a thomhas ar fud formhór ár n-imeachtaí foghlama agus rinneamar faisnéis mionsonraithe a reáchtáil do chleachtais ionsamhlaithe. Rinneadh doiciméadú orthu seo agus bainfear úsáid astu d'imeachtaí amach anseo le feabhas a chur ar chaighdeán agus ar thionchar.




Chomh maith leis sin, cuireadh próisis agus nósanna imeachtaí i bhfeidhm lena chinntiú go nglacfaí seilbh ar eolas bunriachtanach, go mbeadh leanúnachas ann ó thaobh cur chuige agus go ndéanfaí cothabháil ar chuimhne institiúideach. Chuir gach aon Rannán tuairiscí maidir le dul chun cinn ar fáil ar bhonn rialta a chuir an deis ar fáil dúinn le monatóireacht a dhéanamh ar ár gcuid feidhmíochta agus chun feidhmiú mar acmhainn d'eolas bunriachtanach d'fhostaithe nua freisin. Cinntigh iniúchtaí bliantúla go raibh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm agus go rabhthas á gcomhlíonadh.

Láthair, Láthair, Láthair

Ciallaigh athrú go hoifigí nua, i dTeach Bloom i mí an Mhárta 2017 go raibh iarracht agus acmhainní suntasacha ag teastáil sa chéad ráithe den bhliain. Thóg an tionscadal seo 17 seachtaine lena thabhairt chun críche agus bhí comhordú agus plé lenár gcomhthionóntaí i gceist.

Bhí pleanáil chúramach i gceist leis an aistriú go hoifigí phlean oscailte chun cur an méid is fearr is féidir le sineirgí agus le heolas ar fud na heagraíochta agus le spás agus príobháideachas a thabhairt do dhaoine lena gcuid oibre a dhéanamh.

Rinneadh é sin trí dhearadh chúramach a dhéanamh ar spásanna oibre agus ar chomhlimistéir agus trí spásanna ciúine leordhóthanacha, seomraí cruinnithe agus saoráidí eile a sholáthar. Tugadh an t-aistriú chun críche go héifeachtach leis an méid is lú cur isteach agus bhí na córais IT i mbun feidhme laistigh de roinnt uaireanta an chloig.





I bhFócas

Clár forbartha eagraíochtúil an CCPC

Táthar ag éileamh ar eagraíochtaí na hearnála poiblí i bhfad níos minice anois iad féin a chuir in oiriúint i bhfad níos tapa don timpeallacht atá ag athrú de shíor. Is eagraíocht óg atá sa CCPC le téarmaí tagartha leathana agus go leor comhaltaí nua fhoirne a chuireann deiseanna agus dúshláin araon os ár gcomhair. Cabhraíonn clár forbartha eagraíochtúla le heagraíochtaí dul in oiriúint d'athruithe trí fheabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht foriomlán, trí fheabhas a chur ar phróisis oibre, trí chumarsáid a fheabhsú, trí chomhoibriú a chothú laistigh den eagraíocht a chinntíonn rannpháirtíocht na foirne chomh maith le machnamh inmheánach a spreagadh.

Chuir an CCPC thús le hobair ar a Chlár Forbartha Eagraíochtúil sa bhliain 2016. Sa bhliain 2017, bhog an tionscadal seo ar aghaidh go dtí an chéim deartha agus anailíse faoi thrí réimse tosaíochta:

1. Foghlaim agus Forbairt
2. Cumarsáid agus Rannpháirtíocht
3. Feidhmíocht agus Bainistiú Tallainne

Bunaíodh foirne tionscadal trasrannach le taighde a dhéanamh ar shárchleachtas sna réimsí seo agus le moltaí a dhéanamh.

Thugamar faoi dhá shuirbhé foirne; Suirbhé Rannpháirtíochta Foirne Gallup a chomhlánaigh 74% den fhoireann agus Suirbhé Foirne foriomlán maidir lenár gclár forbartha eagraíochtúil a chomhlánaigh 65% den fhoireann. Léirigh na torthaí gur:

- Mhóthaigh fostaithe go raibh siad ag déanamh dul chun cinn, go raibh siad ag foghlaim agus ag fás laistigh den CCPC
- Bhí fostaithe ar an eolas maidir leis an méid a mbítear ag súil leis uathu
- Bhí fostaithe spreagtha ag ár misean agus tiomanta d'obair ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- Mhóthaigh an fhoireann go raibh meas orthu agus creid siad go raibh an bhainistíocht ag díriú ar fhorbairt na foirne.

Bhí torthaí na suirbhéanna mar chuid shuntasach den taighde do na trí fhoireann tionscadail. Bhí an taighde ilghnéitheach agus chomh maith leis na suirbhéanna, bhí taighde acadúil, comhairliúchán le saineolaithe ceannródaíocha agus cruinnithe le heagraíochtaí a léiríonn sárchleachtas agus/nó téarmaí tagartha den chineál céanna, sa bhaile agus go hidirnáisiúnta araon i gceist leis. Tar éis an taighde seo, cuireadh mar dhualgas ar na foirne na réitigh foghlama agus deartha is fearr a rachaidh in oiriúint do riachtanais an CCPC a bheachtú.

I mí Deireadh Fómhair, thug na foirne tionscadail an taighde chun críche agus chuir siad a gcuid torthaí agus moltaí i láthair an Choimisiúin. Bhí 36 moladh ar fud na dtionscadal le roinnt fo-mholtaí. Ghlac an Coimisiún leis na moltaí i mí na Samhna agus rinneadh iad a shannadh ar réimsí ábhartha na heagraíochta. Tá freagracht foriomlán ar an Aonad Forbartha Eagraíochtúil as bainistíocht agus seachadadh a dhéanamh ar na moltaí.

In ainneoin obair na bhfoirne tionscadail, agus aird á thabhairt ar shárchleachtas agus ar an luas athraithe atá riachtanach inár dtimpeallachta sa lá atá inniu ann, bhí tús curtha againn cheana féin le hobair i líon réimsí a tháinig faoi théarmaí tagartha an chláir sular tháinig na tuarascálacha isteach. Áirítear leis seo; foghlaim agus forbairt, bainistíocht daoine, ionduchtú, promhadh, soghluaisteacht agus meantóireacht.

Leanadh le dul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2017 sna réimsí a d'aithníomar a bheith tábhachtach dúinn agus d'fhorbairt na heagraíochta, orthu sin bhí:

- na bainisteoirí a chumasú ionas go mbeidh ar a gcumas glacadh go fonnmhar le forbairt na foirne.
- cé muid féin mar eagraíocht agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann ceangailte lenár misean, fíis agus luachanna.
- an fhoireann a spreagadh lena lánacmhainneacht a bhaint amach.
- a chinntiú go bhfuil an fhoireann ábalta ó thaobh an eolais agus na scileanna atá riachtanach le torthaí a seachadadh i láthair na huaire agus amach anseo.



Eolas Corparáideach maidir leis an CCPC

Rialachas Corparáideach

Tá CCPC á rialú ag Cathaoirleach agus ag Coimisiún ar a bhfuil Comhaltaí lánaimseartha. Tá an Cathaoirleach freagrach as reáchtáil na heagraíochta agus as rialachas corparáideach. Faigheann an Cathaoirleach cúnamh ó thaobh bainistíochta, rialú agus treorú an CCPC ó na Comhaltaí agus ó fheidhmeannaigh sinsearacha eile. Tagann an Cathaoirleach agus na Comhaltaí le chéile chun Coimisiún coláisteach cinnteoireachta a bhunú chun príomhchinntí reachtúla a dhéanamh, chomh maith lena ndualgais ar leith lánaimseartha féin a bheith acu.

Struchtúr an Choimisiúin

Tá an Coimisiún comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le sé Chomhalta, agus tá siad sin go léir ainmnithe ar an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tar éis comórtas na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí ar feadh téarma nach sáraíonn cúig bliana. Thug an Coimisiún faoi mheastóireacht féinmheasúnaithe maidir lena chuid feidhmíochta féin sa bhliain 2017.

Comhalta Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Isolde Goggin	Cathaoirleach	1 Deireadh Fómhair 2016 (dáta athnuaite)
Patrick Kenny	Comhalta	9 Eanáir 2017 (dáta athnuaite)
Fergal O'Leary	Comhalta	18 Iúil 2016 (dáta an cheapacháin)
Brian McHugh	Comhalta	1 Meán Fómhair 2017 (dáta an cheapacháin)
Karen O'Leary	Comhalta	31 Deireadh Fómhair 2014*

*Ceapadh Karen O'Leary mar Phríomhfheidhmeannach ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí an 19 Márta 2013. Rinneadh Comhalta den Choimisiún de Karen ina dhiaidh sin ar bhunú an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2014. D'éirigh Karen O'Leary as mar Chomhalta an 28 Aibreán 2017.

Tagann Comhaltaí an Choimisiúin le chéile faoi dhó sa mhí (nó níos minice) do dhíospóireachtaí foirmiúla (lena n-áirítear, cinntí reachtúla). Tá vóta ag gach Comhalta agus ag an gCathaoirleach agus is féidir leis an gCathaoirleach vóta cinniúna a chaitheamh sa chás go bhfuil sé sin riachtanach. Tá gach aon cheann de na hábhair seo a leanas ina sceideal foirmiúil ábhar atá curtha in áirithe do chinneadh an Choimisiúin:

1. Infheistíochtaí ollmhóra agus tionscadail chaipitil
2. Leibhéil údaráis tarmligthe, beartas maidir le státchiste agus beartais bhainistíochta riosca
3. Ceadú téarmaí conarthaí ollmhóra

4. Dearbhuithe comhlíontachta le ceanglais reachtúla agus riaracháin maidir le ceadú ceapacháin, líon, grád agus coinníollacha don fhoireann go léir, lena n-áirítear luach saothair agus aoisliúntas
5. Ceadú buiséid bhliantúla agus pleananna corparáideacha
6. Ceadú tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais

Cuirtear cúrsaí eagraíochtúla chun cinn trí chruinnithe neamhfhoirmiúla, díospóireachtaí agus comhairliúcháin idir an Cathaoirleach agus na Comhaltáí. Chomh fada agus is féidir, déantar cinnteoireacht oibríochta a tharmligean do Chomhaltáí aonair agus do chomhaltáí foirne. Tá struchtúir eagraíochtúil agus rialachais an CCPC leagtha amach le cur ar ár gcumas ár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh, seachadadh a dhéanamh ar chlár gnó atá éifeachtach ó thaobh costais, agus freastal ar ár gceanglais reachtúla go léir.

Freastal ar Chruinnithe Coimisiúin sa bhliain 2017

Gnáthchruinnithe Coimisiúin: 20

Cruinnithe Coimisiúin Ad hoc: 21

Iomlán: 41

- **Isolde Goggin:** 40
- **Patrick Kenny:** 40
- **Fergal O’Leary:** 40
- **Karen O’Leary (Eanáir–Aibreán):** 9
- **Brian McHugh (Meán Fómhair–Nollaig):** 15

Bainistiú Riosca

Tá freagracht foriomlán ar an gCoimisiún as bainistiú riosca, lena n-áirítear, cineál agus méid na rioscaí suntasacha a chinneadh a bhfuil an Coimisiún toilteanach glacadh leo ó thaobh a chuspóirí straitéiseacha agus oibríochta a chomhlíonadh. Chun aghaidh a thabhairt ar seo rinneadh forbairt ar bheartais agus ar nósanna imeachta bainistithe riosca le soláthar a dhéanamh d’aitheantas, measúnú, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar rioscaí suntasacha leanúnacha laistigh den CCPC.

Déantar riosca sa CCPC a bhainistiú trí thuairisciú míosúil foirmiúil ón bPríomhoifigeach Bainistíochta Riosca do Chomhaltáí an Choimisiúin maidir le hathruithe ar an gclár riosca corparáideach. Aithnítear na príomhrioscaí don eagraíocht sa chlár. Chomh maith leis sin, éilíonn an CCPC ar gach aon Rannán clár atá cothrom le dáta maidir lena gcuid rioscaí a choimeád agus an Príomhoifigeach Bainistíochta Riosca a chur ar an eolas ó thaobh aon athruithe suntasacha ar na rioscaí seo.

Sa bhliain 2017, rinne an CCPC treisiú níos fearr ar a bheartas agus ar a nósanna imeachta riosca trí:

1. Iniúchadh inmheánach ar an bpróiseas bainistíochta riosca agus moltaí an iniúchta inmheánaigh seo a chur i bhfeidhm.
2. Sraith cruinnithe maidir le dúshlán riosca idir an Príomhoifigeach Bainistíochta Riosca agus úinéirí na gclár riosca rannánacha agus na gclár riosca corparáideacha.
3. Forálacha maidir le hoiliúint bainistíochta riosca don fhoireann na bainistíochta sinsearaí go léir.

Tabharfar tuilleadh forbartha ar bheartas bainistíochta riosca an CCPC chun críche i mí Feabhra 2018, lena n-áirítear, mionleasuithe ar chur síos agus ar scóráil rioscaí, ábharthacht gníomhartha maolaithe agus le sainmhíniú tuairisciúla i leith dóchúlachta agus tionchair a fheabhsú.

Coiste Iniúchta agus Riosca

Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir lena chuid freagrachtaí ó thaobh saincheistanna riosca, rialaithe agus rialachas agus dearbhuithe gaolmhara. Tá Coiste Iniúchta agus Riosca an CCPC neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna agus níl sé faoi réir ag treoir nó ag rialú ó aon pháirtí eile. Tá ról agus freagrachtaí Choiste Iniúchta an CCPC leagtha amach i gcairt scríofa. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go bhfuil monatóireacht a dhéanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear, gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca don Choimisiún tar éis gach cruinniú agus tuairiscíonn an Coiste go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Is iad comhaltaí reatha an Choiste Iniúchta agus Riosca: Brian Whitney (Cathaoirleach), Patrick Kenny, Conor Blackwell agus Jimmy Murphy. Bhí Noreen Fahy (iarChathaoirleach) agus Georgina Conroy (iarChomhalta seachtrach) ina gcomhaltaí den Choiste Iniúchta agus Riosca ar feadh cuid mhaith den bhliain 2017. Ceapadh Conor Blackwell agus Jimmy Murphy araon ar an gCoiste i mí na Samhna 2017.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste sa bhliain 2017, agus tá mionsonraí maidir leis na cruinnithe sin tugtha sa tábla thíos:

Comhalta Coiste	Bhí an cruinniú ar siúl:				
	Feabhra	Bealtaine	Meán Fómhair	Nollaig	Iomlán
An tUasal Brian Whitney – Cathaoirleach	x	x	x	x	4/4
An tUasal Pat Kenny – Comhalta Coimisiúin	x	x	x	x	4/4
An tUasal Conor Blackwell – Comhalta Seachtrach				x	1/1
An tUasal Jimmy Murphy – Comhalta Seachtrach				x	1/1
Noreen Fahy, uasal – iarChathaoirleach	x	x			2/2
Georgina Conroy, uasal – Iarchomhalta	x	x	x		3/3

Iniúchadh Inmheánach

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an CCPC atá bunaithe go cuí agus a thuiriscionn don Choiste Iniúchta agus Riosca. Feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (arna leasú sa bhliain 2016). Tugadh faoi na hathbhreithnithe seachtracha seo a leanas sa bhliain 2017:

1. Athbhreithniú ar rialuithe airgeadais inmheánacha
2. Athbhreithniú ar shocruithe bainistíochta riosca
3. Iniúchadh ar Shlándaíl ICT

Rinneadh dul chun cinn maidir le moltaí i ngach cás, agus tuairiscíodh an dul chun cinn maidir le feidhmiú don Choiste Iniúchta agus Riosca.

Cuntasacht– Comhaontú Seirbhíse

Sa bhliain 2017, bhí comhaontú seirbhíse (SLA) i scríbhinn i bhfeidhm idir an CCPC agus DBEI, inar sainmhíniú go soiléir téarmaí an chaidrimh. In 2017, d’ullmhaigh an CCPC tuairiscí ráithiúla don DBEI, inar tugadh breac-chuntas ar an mbealach inar chomhlíonamar ár dtiomantais faoin SLA. Sa bhreis air sin, bhí ceithre chruinniú fhoirmiúla SLA idir oifigigh an CCPC agus an DBEI.

Iarratais um Shaoráil Faisnéise

Leanann an CCPC le freastal ar a chuid oibleagáidí maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fhreagairt.

Sa bhliain 2017, dhéileáil an CCPC le 21 iarratas um Shaoráil Faisnéise. Astu seo, ceadaíodh sé cinn, ceadaíodh i bpáirt ceithre cinn, diúltaíodh péire agus tarraingíodh siar/láimhsíodh naoi gcinn lasmuigh den reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

Cosaint Sonraí

Tugann an CCPC cosaint d'ionracas na sonraí a chuireann tomhaltóirí agus tríú páirtithe ar fáil dúinn. Sa bhliain 2017, leanamar leis an reachtaíocht um chosaint sonraí a chomhlíonadh agus chuireamar tús le hullmhúcháin le comhlíonadh iomlán agus tráthúil an Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR), a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2018, a chinntiú.

Eitic, caighdeáin agus iompar

Sa bhliain 2017, chuir fostaithe go léir an CCPC a raibh stiúrthóireacht ainmnithe nó a raibh poist fostaíochta ainmnithe acu do chríocha Reachtaíocht Eitice (m.sh. na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001) Ráitis Leasa faoi bhráid mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht. Tá Cód Iompair ag an CCPC ina leagtar amach, prionsabail, caighdeáin agus luachanna a bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh fostaithe an CCPC iad.

An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Mar chomhlacht poiblí, ceanglaítear ar an CCPC faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir leis an líon nochtadh cosanta a rinneadh leis an bhliain roimhe sin, agus gníomh a ghlacadh mar fhreagra ar aon nochtadh cosanta den sórt sin.

Níor rinneadh aon nochtadh cosanta leis an CCPC sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017– 31 Nollaig 2017.

Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí

Tá Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí ag an CCPC atá le fáil sa chuid 'About Us' ar an láithreán gréasáin, ccpc.ie. Leagtar amach sa Chairt, ár dtiomantais do sheirbhís do chustaiméirí atá ar ardchaighdeán, cuirtear eolas ar fáil maidir leis an gcineál seirbhís custaiméara ba chóir duit a bheith súil leis nuair atá tú ag déanamh teagmhála leis an CCPC, agus tugtar mionsonraí maidir leis an mbealach ina bhféadfadh tomhaltóirí cabhair a thabhairt le linn dóibh a bheith ag déanamh teagmhála linne. Déantar gearán ar bith maidir le seirbhísí an CCPC a imscrúdú mar ábhar tosaíochta.

Ní bhfuarthas aon ghearáin sa bhliain 2017 maidir leis an gcairt seirbhíse do chustaiméirí.

Ábhair rialachais eile in 2017

1. Ghlac an CCPC leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ar bhealach atá seasmhach agus atá mar thaca ag a reachtaíocht, an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóra 2014.
2. Tá an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Beartha Tráchtála) 2002 á gcomhlíonadh ag an CCPC. Foilsítear na Torthaí maidir le hÍocaíochtaí Pras ar an láithreán gréasáin. Sa bhliain 2017, bhí 94% de na hÍocaíochtaí go léir déanta laistigh de 15 lá.

3. Leanamar lenár dtiomantas do spáráil fuinnimh san áit oibre. Sa bhliain 2017, sháraíomar an sprioc maidir le laghdú fuinnimh don bhliain 2020 le 4%.

Ráitis airgeadais 2017

Ba €12,138,000 leithdháileadh buiséid an CCPC sa bhliain 2017, agus cuireadh €10,038,000 de sin ar fáil ó mhaoiniú státchiste agus tháinig €2,100,000 ó thobhach tionscal na seirbhísí airgeadais maidir le feidhmeanna sonracha eolais airgeadais phearsanta agus oideachais san earnáil airgeadais.

Ag tráth scríofa na tuarascála seo, tuairiscíonn dréacht bliantúil na ráiteas airgeadais don bhliain 1 Eanáir – 31 Nollaig 2017, caiteachas tuairiscithe de €9,474,642 do ghníomhaíochtaí a fhaigheann cuidiú deontais agus €2,160,976 do ghníomhaíochtaí tobhach-mhaoinithe. Tharla gannchaiteachas an CCPC mar gheall go bhfuil folúntas fós i gceist nach bhfuil líonta. Déanfaidh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais. Ullmhaítear na ráitis airgid ar bhonn fabhráithe cuntasáíochta, ach amháin maidir le deontais an Oireachtais, de réir na bprionsabal cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta.

Tobhach ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais

Tá sé de chumhacht ag an CCPC tobhaigh a fhorchur ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais rialaithe faoi na cumhachtaí a thugtar dó le hAlt 24B den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (arna gcur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010). Forchuireadh tobhaigh trí Rialacháin arna ndéanamh faoin Alt seo. Rinneadh seachfhoinsiú ar bhailiú an tobhaigh ó sheirbhísí airgeadais chuig an mBanc Ceannais ón 2011 go 2016, ach bhailigh an CCPC a chuid tobhaigh féin sa bhliain 2017. Tá ráta bailiúcháin ann atá os cionn 99% den mhéid tobhaigh iomlán atá bailithe go rathúil ó 2011 go 2017 ó thart ar 450 cuideachta seirbhísí airgeadais.

Costais an Chathaoirligh agus Comhaltaí an Choimisiúin (1 Eanáir 2017–31 Nollaig 2017)

Isolde Goggin: €2,738

Patrick Kenny: €1,684

Karen O'Leary: €0

Fergal O'Leary: €1,063

Brian McHugh: €658

Luach saothair

Sa bhliain 2017, fuair an Cathaoirleach íocaíochtaí tuarastail de €163,821. Tá an Cathaoirleach ina comhalta de scéim neamh-mhaoinithe sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a cuid teidlíochtaí thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime aoisliúntais sainithe na hearnála poiblí.

Aguisín 1: Forfheidhmiú um Chosaint Tomhaltóra a Tugadh Chun Críche sa bhliain 2017

1. Fíneálacha, Pionóis agus Orduithe Cúitimh

Reachtaíocht a sáraíodh

- Rannpháirtíocht i gcleachtas tráchtála míthreorach mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.

An tUasal Timmy Keane, Iostáin Chrois Araild, Crois Araild, Baile Átha Cliath 6

An 4 Iúil 2016, ciontaíodh an tUasal Timmy Keane, Iostáin Chrois Araild, Crois Araild, Baile Átha Cliath 6, as a bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach trí eolas bréige a chur ar fáil do thomhaltóir maidir le míleáiste ar fheithicil mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Tar éis den CCPC iarratas a dhéanamh ar ordú cúitimh, chuir an chúirt socruithe i bhfeidhm chun go n-íocfadh an tUasal Keane cúiteamh de €5,000 leis an tomhaltóir. Gearradh pianbhreith sé mhí ar fionraí ar an Uasal Keane ag éisteacht pianbhreithe an 12 Meitheamh 2017, a cuireadh ar fionraí ar feadh aon bhliain amháin.

An tUasal Jonathan McSherry, atá ag trádáil ag Station Road Autos, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22

An 16 Feabhra 2017, ciontaíodh an tUasal Jonathan McSherry, atá ag trádáil ag Station Road Autos, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, as a bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach trí eolas bréige a chur ar fáil do thomhaltóir maidir le míleáiste ar fheithicil mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Gearradh pianbhreith de trí mhí príosúin ar an Uasal McSherry.

An tUasal Olexandr Matveyshyn, atá ag trádáil ag MIV Motors, Páirc Gnó na Sé Chrosbhóthar, Cill Bharra, Port Láirge

An 20 Deireadh Fómhair 2017, ciontaíodh an tUasal Olexandr Matveyshyn, atá ag trádáil ag MIV Motors, Páirc Gnó na Sé Chrosbhóthar, Cill Bharra, Port Láirge, as a bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach trí eolas bréige a chur ar fáil do thomhaltóir maidir le míleáiste ar fheithicil mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Gearradh fineáil de €500 ar an Uasal Matveyshyn agus dámhadh costais de €1,000 ina aghaidh. Tar éis den CCPC iarratas a dhéanamh ar ordú cúitimh, éilíodh ar an uasal Matveyshyn ordú cúitimh de €8,000 a íoc leis an tomhaltóir.

2. Gealltanais (de bhun alt 73 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007)

Líon iomlán gealltanais: Trí

Reachtaíocht a sáraíodh

- Rannpháirtíocht i gcleachtas tráchtála toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 55(1)(x)(i) agus contrártha le hAlt 56 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
- Rannpháirtíocht i gcleachtas tráchtála míthreorach atá toirmisce faoi alt 42 agus mar a ndéantar in alt 43(1) agus in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.

An tUasal Robert McCabe agus Robert McCabe Motors Limited, Sráid na nGael, Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú

An 6 Feabhra 2017, tar éis imscrúdú a bhain le duine a bhí á chur féin i láthair mar fhear díolacháin príobháideach agus as eolas míthreorach a bhí bréagach a chur ar fáil do thomhaltóir maidir le húsáid agus le stair gluasteáin, thug Robert McCabe agus Robert McCabe Motors Limited, gealltanais, de bhun alt 73 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Gheall Robert McCabe agus Robert McCabe Motors Limited:

- an toirmeasc maidir lena bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach a ndéantar foráil dó in alt 42 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007, a chomhlíonadh.
- staonadh ó bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 55(1)(x)(i) agus contrártha le hAlt 56 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
- staonadh ó bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach mar a ndéantar cur síos air in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
- cúiteamh a íoc leis an tomhaltóir laistigh de ceithre seachtaine tar éis iarratas a fháil ó aon tomhaltóir a ndearnadh dochar dó/di mar gheall ar chleachtas tráchtála míthreorach, lena n-áirítear airgead a aisíoc nó aon mhaoin eile nó aon rud a thabhairt ar ais a fuarthas ón tomhaltóir réamhluaithe maidir leis an ngluasteán athlámhe a dhiol sé leis an tomhaltóir.

Reachtaíocht a sáraíodh

- Rannpháirtíocht i gcleachtas tráchtála míthreorach faoi alt 42 agus mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.

An tUasal Marcin Okurowski agus Martin's Garage atá ag trádáil ar Shráid Liam, an tAonach, Contae Thiobraid Árann

- An 23 Meán Fómhair 2017, tar éis imscrúdú maidir le heolas bréige agus eolas míthreorach a chur ar fáil do thomhaltóir maidir le húsáid agus stair gluaisteáin, thug Marcin Okurowski, Tigh Eoin, an tAonach, Contae Thiobraid Árann agus Martin's Garage atá ag trádáil ar Shráid Liam, an tAonach, Contae Thiobraid Árann, gealltanas, de bhun alt 73 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Gheall Marcin Okurowski agus Martin's Garage:
 - an toirmeasc maidir lena bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach a ndéantar foráil dó in alt 42 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007, a chomhlíonadh
 - staonadh ó bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
 - cúiteamh a íoc leis an tomhaltóir laistigh de ceithre seachtaine tar éis iarratas a fháil ó aon tomhaltóir a ndearnadh dochar dó/di mar gheall ar chleachtas tráchtála míthreorach, lena n-áirítear airgead a aisíoc nó aon mhaoin eile nó aon rud a thabhairt ar ais a fuarthas ón tomhaltóir réamhluaite maidir leis an ngluaisteán athláimhe a dhiol sé leis an tomhaltóir.

Byrne's Garage, Tigh an Chnoic, Guaire, Co. Loch Garman

An 3 Samhain 2017, tar éis imscrúdú maidir le heolas bréige agus eolas míthreorach a chur ar fáil do thomhaltóir maidir le húsáid agus stair gluaisteáin, thug Byrne's Garage gealltanas, de bhun alt 73 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007. Gheall Byrne's Garage:

- an toirmeasc maidir lena bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach a ndéantar foráil dó in alt 42 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007, a chomhlíonadh
- staonadh ó bheith rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.

3. Fógraí Comhlíontachta (mar a fhoráiltear dóibh in alt 75 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007)

Líon iomlán Fógraí Comhlíontachta a tháinig i bhfeidhm: 12

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí Comhlíontachta ar thrádálaithe nár chuir eolas ar fáil do thomhaltóirí maidir le coinníollacha, teorainn ama agus nósanna imeachta maidir lena gceart chun cealú a fheidmiú agus an ceart chun na foirme cealaithe atá leagtha amach i gCuid B de Sceideal 3 de na Rialacháin, sula raibh sé/sí faoi cheangal ag cianchonradh, mar a cheanglaítear faoi Rialachán 10(1) de Rialacháin (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) an Aontais Eorpaigh 2013

- Stardream Fashion Limited, 40 Sráid Clarendon, Baile Átha Cliath 2 atá ag trádáil mar Coco Boutique
- Creative Retail Solutions Limited, 101a Bóthar Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6 (atá ag feidhmiú mar www.thehalloweenhq.com)

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí Comhlíontachta ar thrádálaithe a chuir eolas míthreorach ar fáil do thomhaltóirí maidir lena gcearta faoi Rialachán 10(1) de Rialacháin (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) an Aontais Eorpaigh 2013, agus cleachtas den sórt sin ina gcleachtas toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 43(2) agus in alt 43(3)(j) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
 - – Stardream Fashion Limited, 40 Sráid Clarendon, Baile Átha Cliath 2 atá ag trádáil mar Coco Boutique
 - – Creative Retail Solutions Limited, 101a Bóthar Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6 (atá ag feidhmiú mar www.thehalloweenhq.com)

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí Comhlíontachta ar thrádálaithe a chuir eolas míthreorach ar fáil do thomhaltóirí maidir lena gcearta faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1893 agus na Rialacháin maidir le (Gnéithe Áirithe de Dhiolachán Earraí Tomhaltóra agus na Ráthaíochtaí Gaolmhar) na gComhphobal Eorpach 2003, agus cleachtas den sórt sin ina gcleachtas toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 43(2) agus in alt 43(3)(j) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
 - Creative Retail Solutions Limited, 101a Bóthar Ráth Garbh, Baile Átha Cliath 6 (atá ag feidhmiú mar www.thehalloweenhq.com)

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí Comhlíontachta ar thrádálaithe a bhí rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach trí eolas ábhartha a fhágáil ar lár nó a cheilt agus cleachtas den sórt sin ina chleachtas toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 46(1) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007.
 - John Duignan Motors, Aonad 7, Eastát Tionsclaíoch New Townspark, an Longfort, Contae an Longfoirt

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí Comhlíontachta ar thrádálaithe a bhí rannpháirteach i gcleachtas tráchtála míthreorach trí eolas bréige a sholáthar maidir le húsáid agus stair gluasteáin, agus cleachtas den sórt sin ina chleachtas toirmisce mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus alt 43(3)(b)(vii) agus contrártha le hAlt 47 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007
 - D.S. Cars Limited, Uimhir. 2 Fox and Geese, Bóthar an Náis, Baile Átha Cliath 12

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí Comhlíontachta ar thrádálaithe mar gheall ar eolas bréige a sholáthar maidir le praghas táirge/táirgí a sholáthar agus cleachtas den sórt sin ina chleachtas toirmiscthe mar a ndéantar cur síos air in alt 43(1) agus alt 43(1) agus alt 43(3)(c).

Líon Fógraí Comhlíontacha – Cúig (Tá trádálaithe liostaithe in ord aibítre de réir contae)

Corcaigh

- An tUasal Peadar Aspel atá ag trádáil ag Aspel Spar, Upper Strand Street, Eochail, Co. Corcaí

Baile Átha Cliath

- • Tesco Ireland Limited atá ag trádáil ag Tesco, Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni, Seantrabh, Baile Átha Cliath 9

Gaillimh

- Hitianland Limited atá ag trádáil ag Foodland, Aonad 4, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe

Luimneach

- John and Edward Glennon atá ag trádáil ag Spar, Ionad Siopadóireachta Bhaile Choimín, Bóthar Bhaile Choimín, Raheen, Co. Luimnigh

Port Láirge

- Autoport Oil Limited atá ag trádáil ag Mooneys Mace, Bhóthar na Páirce, Stáisiún Peitрил Bhóthar na Páirce, Port Láirge, Co. Port Láirge

4. Fógraí maidir le híocaíocht Shocraithe (mar a fhoráiltear dó in alt 85 den Acht um Chosaint Thomhaltóirí 2007)

Líon iomlán Fógraí maidir le híocaíocht Shocraithe (FPN'nna) a iocadh: 35

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí maidir le híocaíocht Shocraithe (FPN'nna) ar thrádálaithe nár chúitigh na híocaíochtaí go léir, lena n-áirítear aon íocaíocht seachadta a fuarthas ó thomhaltóir a bhfuil sé de cheart acu a chuid/a cuid cearta a fheidhmiú maidir le conradh a chur ar ceal a sháraíonn Rialachán 19(1) de Rialachán (Faisnéis do Thomhaltóirí, Cealú agus Cearta Eile) an Aontais Eorpaigh 2013.
 - Extreme Computers Limited, Aonad 37 Siúlán na Canálach , Ascaill an Chaomhánaigh, Páirc Thionscail na Páirce Thiar, Baile Átha Cliath 12 atá ag trádáil mar Elara Online

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh Fógraí maidir le híocaíocht Shocraithe (FPN'nna) ar thrádálaithe nár thaispeáin praghas díola táirge, a sháraíonn Rialachán 4(1) na gComhphobal Eorpach (Ceanglais Praghsanna Táirgí a Thaispeáint) 2002

Líon FPN'anna – 33 (Tá trádálaithe liostaithe in ord aibítire de réir contae)

Corcaigh

- Drinagh Sales Limited atá ag trádáil ag Drinagh Co-Op, Draighneach, Co. Corcaí – **fuair siad 2 FPN**
- Neil and Brendan O'Driscoll atá ag trádáil ag J.J. O'Driscoll Superstore, Bóthar Bhaile an Loch, Corcaigh, Co. Corcaí – **fuair siad 2 FPN**

Baile Átha Cliath

- C&C Retail Limited atá ag trádáil ag Spar, 19-20 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2 – fuair siad 2 FPN
- Corajio Unlimited Company atá ag trádáil ag Mr Price, Páirc Miondíola na Cúlóige, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17 – **fuair siad 2 FPN**
- Fairview Retail Investments Limited atá ag trádáil ag Eurospar, 23-27 Bóthar Dhroichead Annesley, Fionnradharc, Baile Átha Cliath 3
- Heatons Unlimited Company atá ag trádáil ag Heatons, An Pháirc, Carraig Mhaighin, Baile Átha Cliath 16
- Lidl Ireland GmbH atá ag trádáil ag Lidl, 12 Bóthar na nGlaschnoc, Baile Átha Cliath 12
- Musgraves Operating Partners Ireland atá ag trádáil ag Supervalu, Ionad Siopadóireachta Pavilions, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath – **fuair siad 2 FPN**
- Petrogas Group Limited atá ag trádáil ag Applegreen, 90 Bóthar Thír Chonaill, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8
- QEC Limited atá ag trádáil ag Topaz, 15-21 Cé Uiséir, Baile Átha Cliath 8 – **fuair siad 2 FPN**

Gaillimh

- Hitianland Limited atá ag trádáil ag Foodland, Aonad 4, Dabhach Uisce, Co. na Gaillimhe
- Joyce's Supermarket (Tuaim) Unlimited Company atá ag trádáil ag Joyce's Supermarket, Ionad Siopadóireachta Thuama, Tuaim, Co. na Gaillimhe – **fuair siad 2 FPN**
- Joyce's Supermarket (Baile Átha an Rí) Unlimited Company atá ag trádáil ag Joyce's Supermarket Ionad Siopadóireachta Bhaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe – **fuair siad 2 FPN**

Cill Dara

- Mitlex Venture Limited atá ag trádáil ag New Days, Bóthar Chlaonadh, Na Solláin, Co. Chill Dara

Cill Chainnigh

- A & D Supermarkets Limited atá ag trádáil ag Centra, an Príomhshráid, Baile an Phoill, Co. Chill Chainnigh

Liatroim

- Heatons Unlimited Company atá ag trádáil ag Heatons, Rosebank Retail Park, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma

Luimneach

- John and Edward Glennon atá ag trádáil ag Spar, Ionad Siopadóireachta Bhaile Choimín, Bóthar Bhaile Choimín, Raheen, Co. Luimnighk

Lú

- D.P.L. Group Limited atá ag trádáil ag DPL Hardware, Bóthar Dhún Uabhair, Droichead Átha, Co. Lú – **fuair siad 2 FPN**
- Marks and Spencer (Ireland) Limited atá ag trádáil ag Marks and Spencer, Lawrence Town Centre, Droichead Átha, Co. Lú – **fuair siad 2 FPN**

Maigh Eo

- Derfal Limited trading at Mace, Castlebar Road, Ballinrobe, Co. Mayo

Muineachán

- A. O’Gorman & Company Limited atá ag trádáil ag O’Gorman’s SuperValu, Ionad Siopadóireachta Chearnóg an Mhargaidh, Carraig Mhachaire Rois, Co. Muineacháin

An Iarmhí

- M & M Mulligan Limited atá ag trádáil ag Mulligans Londis, Bóthar Ros Comáin, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí

Loch Garman

- Ken Black Limited atá ag trádáil ag Ken Black Toys and Nursery, Páirc Miondíola Clonard, Co. Loch Garman

Reachtaíocht a sáraíodh:

- Eisíodh FPN’na ar thrádálaithe nár thaispeáin fógra mar a cheanglaítear faoi Airteagal 3 den Retail Price (Beverages in Licensed Premises) Display Order 1999.
- Reardens of Washington Street Limited atá ag trádáil ag John Rearden and Son, 26 Sráid Washington, Co. Corcaí

Aguisín 2: Athbhreithnithe maidir le cumaisc

Tá an CCPC freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar chumaisc agus ar éadálacha beartaithe a dtugtar fógra ina leith faoi Chuid 3 den Acht Iomaíochta 2002, arna leasú (“an tAcht”).

Is é ról an CCPC sa phróiseas athbhreithnithe cumaisc ná measúnú a dhéanamh ar chumaisc a bhfuil fógra tugtha ina leith, lena chinntiú, má cheadaítear iad nach bhfuil aon impleachtaí diúltacha ann do thomhaltóirí trí laghdú substaintiúil a dhéanamh ar iomaíocht ar aon mhargadh sa Stát d’earraí nó do sheirbhísí.

Ceanglaítear ar ghnólachtaí atá bainteach le cumasc nó le héadail bheartaithe, sa chás go sroicheann siad tairseacha airgeadais áirithe, fógra a thabhairt don CCPC. Ní mór fógra ar leithligh a thabhairt don CCPC agus don Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil (an tAire) araon maidir le gach cumasc meáin. Ní féidir cumasc nó éadail a gceanglaítear orthu fógra a thabhairt don CCPC, a chur i bhfeidhm go mbeidh cinneadh faighte acu ón CCPC a thugann imréiteach don chumasc nó don éadail bheartaithe, agus cinneadh ar leithligh a fháil ón Aire freisin chomh fada is a bhaineann sé le cumasc meáin.

Sa bhliain 2014, achtaíodh an tAcht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 in Éirinn agus thug an tAcht athruithe isteach ar thairseacha airgeadais maidir le fógra sainordaitheach i leith cumaisc agus leis na tréimhsí ama d’athbhreithniú. Mar shampla, chuir sé athrú ar an líon laethanta atá ag an CCPC le hathbhreithniú cumaisc a chomhlánú ó laethanta féilire go laethanta oibre, a chuireann réimeas cumaisc na hÉireann ar aon dul le tíortha eile san AE.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an CCPC maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumaisc a bhfuil fógra tugtha ina leith agus tá treoirlínte foilsithe acu a thugann breac-chuntas ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar chumaisc a bhfuil fógra tugtha maidir leo a leanann sárchleachtais idirnáisiúnta. Tá na nósanna imeachta agus na treoirlínte reatha foilsithe agus le fáil ag <https://www.ccpc.ie/business/mergers>.

Sa bhliain 2017, d’oscail an DBEI comhairliúchán maidir le cibé an bhfuil tuilleadh leasuithe riachtanach ar ghnéithe áirithe den réimeas athbhreithnithe cumaisc. Bhí tuairimí an phobail á lorg ag an DBEI maidir le cibé: (i) ar cheart na tairseacha airgeadais do chumaisc a bhfuil fógra tugtha ina leith a choigeartú suas agus (ii) an bhfuil na tréimhsí ama cuí ó thaobh athbhreithniú a dhéanamh ar chumaisc a bhfuil fógra tugtha ina.


Fógraí agus cinntí maidir le cumaisc sa bhliain 2017

Fuair an CCPC 72 fógra maidir le cumaisc don bhliain féilire 2017, arbh ionann é agus ardú thart 7.5% i gcomparáid leis an líon cumaisc ar tugadh fógra ina leith sa bhliain 2016. Cuirtear an treocht sa líon cumaisc a cuireadh in iúl don CCPC, ar a dtugtaí an tÚdarás Iomaíochta roimhe seo, i láthair i bhFíor 1, do na blianta ó 2009 go 2017.

As na 72 fógra a fuarthas sa bhliain 2017, bhí imscrúdú sínte Céim I riachtanach ó thaobh naoi gcinn (12.5% de chásanna). Tarraingíodh siar ina dhiaidh sin cumasc amháin a raibh fógra tugtha ina leith M/17/055 – Siris Capital Group (US) LLC/ Synchronoss Technologies INC (US), tar éis do na páirtithe a thuairisciú nár freastalaíodh ar na tairseacha airgeadais a bhí riachtanach d’fhógra sainordaitheach.

Briseadh síos de réir earnála ar na cumaisc ar tugadh fógra ina leith

Tá an briseadh síos de réir earnála ar na fógraí a fuarthas maidir le cumaisc sna blianta 2016 agus 2017 curtha i láthair i bhFíor 2 thíos. Sa bhliain 2016, ar an earnáil ba mhó a sheas amach bhí eastát réadach le seirbhísí airgeadais agus árachais ina dhiaidh sin. In 2017, cé go raibh eastát réadach fós láidir, bhí breosla (miondíol agus mórdhíol) agus faisnéis agus cumarsáid ar na hearnálacha ba mhó a sheas amach. Bhí cumaisc sna seirbhísí airgeadais agus árachais fós láidir.




Cinntí

Le linn na bliana 2017, d’eisigh an CCPC 68 cinneadh, eisíodh 61 acu sin maidir le hidirbhearta beartaithe ar tugadh fógra ina leith le linn na bliana 2017 agus bhain na seacht gcinn eile le hidirbhearta beartaithe ar tugadh fógra ina leith ag tarraingt le deireadh na bliana 2016.

Rinneadh cinntí maidir le seacht gcinn de na naoi gcinn lenar bhain imscrúdú sínte

Céim 1 laistigh de thréimhse ama ó 50 go 85 lá oibre, agus bhí an péire atá fanta fós faoi athbhreithniú ag deireadh na bliana 2017. Cuirtear i láthair i dTábla 1 liosta de na cumaisc a raibh imscrúdú sínte Céim 1 i gceist leo.



Tábla 1: - Imscrúduithe Sínte Céim 1

M/17/005 – VHi Investments/VHi SwiftCare Clinics
M/17/012 – Kantar Media/Newsaccess
M/17/021 – Applegreen/50% of Joint Fuels Terminal
M/17/027 – Dalata/Clarion Liffey Valley/Clayton Cardiff Lane
M/17/035 – Dawn Meats/Dunbia
M/17/036 – Sean Loughnane/Crinkle Fine Foods
M/17/040 – Independent Newspapers/Caltray
*M/17/056 – Bay Broadcasting/Classic Rock Broadcasting
*M/17/064 – Tetrarch/Citywest

*Imscrúduithe leanúnacha a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2018

Cé nár chuir an CCPC cosc ar aon chumasc le linn na bliana 2017, éilíodh tiomantais fhoirmiúla le húdair imní maidir le hiomaíocht a mhaolú agus fuarthas iad sin ó pháirtithe maidir leis na cásanna atá curtha i láthair i dTábla 2 (thart ar 6% den na cumaisc go léir ar tugadh fógra ina leith).

Tábla 2: - Cumaisc imrítithe le gealltanais - 2017

M/17/012 – Kantar Media/Newsaccess
M/17/021 – Applegreen/50% of Joint Fuels Terminal
M/17/027 – Dalata/Clarion Liffey Valley/Clayton Cardiff Lane
M/17/036 – Sean Loughnane/Crinkle Fine Foods.

Creataí ama

Tá sé mar aidhm ag an CCPC i gcónaí a chinntiú go gcomhlánaítear a phróiseas athbhreithnithe cumaisc ar bhealach atá éifeachtach agus éifeachtúil ionas nach gcuirfear moill mhíchúí ar chumaisc nach mbaineann údar imní ó thaobh iomaíochta leo.

Ghlac sé 24 lá oibre ar an meán ar an CCPC le cinntí Céim 1 a eisiúint maidir le cumaisc ar tugadh fógra ina leith idir 1 Eanáir agus 31 Nollaig i gcomparáid le 26 lá oibre sa bhliain 2016. Thóg sé idir 12 go 29 lá oibre ó thaobh amlíne do chásanna aonair nár bhain ábhar imní tromchúiseach leo, a bhí ag brath, mar shampla, ar chastacht an idirbhirt agus nádúr na saincheistanna iomaíochta a bhí i gceist.

Mar go bhfuil sé mar ról againn leasa tomhaltóirí agus gnó a chosaint go gníomhach, tá roinnt cumaisc ann a bhfuil fógra tugtha ina leith a bhféadfadh sé go mbeadh gá le mionscrúdú níos déine a dhéanamh orthu agus tréimhse sínte athbhreithnithe ionas go mbeidh sé ar an chumas an CCPC cinneadh cuí a eisiúint i gCéim 1.

Imscrúduithe chéim sínte 1

M/17/005 – Vhi Investments/Vhi SwiftCare Clinics

Tugadh fógra don CCPC an 1 Feabhra 2017, maidir le hidirbheart beartaithe lena bhfaigheadh Vhi Investments DAC, fochuideachta faoi úinéireacht iomlán indireach Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh (“Vhi”), smacht eisiach ar Áras Sláinte Limited. Tá Vhi Investments DAC agus Áras Sláinte Limited araon, fochuideachta de chuid Centric Health agus faoi úinéireacht Jellia Holdings Limited, gníomhach ó thaobh seirbhísí cúraim príomhúil a sholáthar sa Stát agus tá leas 50% acu eatarthu i dtrí chlinic Vhi SwiftCare atá lonnaithe ag na seoltaí seo leanas sa Stát:

- Rockfield Medical Campus, Baile Amhlaoibh, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14
- Columba House, Páirc Miondiolaíochta Thaobh an Aerfoirt, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
- City Gate, Machain, Co. Corcaí

Tar éis tabhairt chun críche an idirbhirt beartaithe, bheadh urlámhas aonair ag an Vhi, trí Vhi Investment DAC, ar na trí chlinic Vhi SwiftCare atá i gceist.

Ceanglaíonn an tAcht ar an CCPC cinneadh a dhéanamh lena fháil amach cibé a dtiocfadh “laghdú substaintiúil ar iomaíocht” mar thoradh ar an idirbheart beartaithe. D’éiligh an CCPC agus fuair siad, tuilleadh eolais agus soiléireacht ar bhonn leanúnach óna páirtithe a thug fógra agus ó thríú páirtithe le linn an imscrúdaithe sínte. Bhí measúnú mion eacnamaíoch ar na margáí ábhartha lena mbaineann, i gceist le hanailís an CCPC ar an idirbheart beartaithe, arbh ionann iad agus an margadh iartheachtach a d’fhéadfadh a bheith ann do sholáthar árachas sláinte príobháideach sa Stát agus an margadh réamhtheachtach do sholáthair seirbhísí cúraim príomhúil (lena n-áirítear, cúram príomhúil atá á sholáthar ag ospidéal, clinicí agus ag gairmithe leighis) i ngach aon cheann de na trí limistéar gheografacha seo a leanas:

- An limistéar geografach laistigh de raon 10 míle (16kms) ó chlinic Vhi SwiftCare, Baile Amhlaoibh, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14 (teoranta don taobh ó dheas den Life)
- An limistéar geografach laistigh de raon 10 míle (16kms) ó chlinic Vhi SwiftCare, Páirc Miondiolaíochta Thaobh an Aerfoirt, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath (teoranta don taobh ó thuaidh den Life)
- An limistéar geografach laistigh de raon 15 míle (25kms) ó chlinic Vhi SwiftCare i City Gate, Machain, Co. Corcaí

Tá an Vhi rannpháirteach sa mhargadh iartheachtach ó thaobh árachas sláinte príobháideach a sholáthar sa Stát agus tá Áras Sláinte Teoranta, trína leas 50% i gclíní Vhi SwiftCare, bainteach leis an mhargadh réamhtheachtach ó thaobh seirbhísí cúraim sláinte príomhúla a sholáthar. Dá bhrí sin, níorbh ionann an t-idirbheart beartaithe agus éadail shimplí a théann ó urlámhas aonair go comhrialú. Is cumasc ingearach a bhí i gceist freisin, agus thug an CCPC faoi mheasúnú leathan lena fháil amach cibé an mbeadh aon údar imní ann ó thaobh laghdú substaintiúil a dhéanamh

ar iomaíocht ag gabháil leis an idirbheart beartaithe i gceachtar de na margadí aitheanta a bheidh faoi thionchar. D'éisigh an CCPC, ar thabhairt chun críche an athbhreithnithe, cinneadh imréitigh gan choinníoll ar na páirtithe.

M/17/012 – Kantar Media/Newsaccess

An 2 Feabhra 2017, fuair an CCPC eolas, trí fhaireachas margaidh, maidir le hidirbheart beartaithe lena bhfaigheadh Mediawatch Limited, atá ag trádáil mar Kantar Media (“Kantar Media”), fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid WPP plc, urlámhas aonair ar Newsaccess Limited (“Newsaccess”).

Cuireann Kantar Media agus Newsaccess araon seirbhísí monatóireachta ar na meáin (monatóireacht ilchainéalach agus seirbhísí anailíse ar na meáin) ar fáil sa Stát. Áirítear ar na cainéil a ndéantar monatóireacht orthu: na meáin chlóite, na meáin chraoltóireachta, na meáin dhigiteacha/ar líne, na meáin shóisialta agus na meáin idirnáisiúnta. Rinne an CCPC teagmháil leis na páirtithe a bhí ag tabhairt faoin gcumasc chun a fháil amach cibé an mbeadh fógra á thabhairt maidir leis an idirbheart. Chuir na páirtithe an CCPC ar an eolas gur tháinig an t-idirbheart beartaithe faoi na tairseacha airgeadais d’fhógra sainordaitheach. Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh ar an eolas a bhí acu, bhí imní ar an CCPC go gcuirfeadh Kantar Media an t-iomaitheoir is mó agus is gaire dóibh as an margadh mar thoradh ar an idirbheart beartaithe. Dá bhrí sin, chuir an CCPC na páirtithe ar an eolas gur chóir dóibh fógra saorálach a thabhairt maidir leis an idirbheart beartaithe.

An 9 Márta 2017, thug Kantar Media of Newsaccess fógra don CCPC faoi alt 18(3) den Acht maidir leis an éadail bheartaithe. Tar éis réamh-imscrúdú Céim sinthe 1, lena n-áirítear, Riachtanais Faisnéise á n-eisiúint ag an CCPC ar na páirtithe agus comhairliúcháin le líon eagraíochtaí, lena n-áirítear, iomaitheoirí, comhlachtaí agus custaiméirí tionscal, rinne an CCPC, an t-idirbheart beartaithe a imréiteach le gealltanais cheangailteacha an 11 Iúil 2017.

Le linn an imscrúdaithe, d’aithin an CCPC údar imní ó thaobh iomaíochta atá ag eascairt ón idirbheart beartaithe sa mhargadh a d’fhéadfadh a bheith ann do sheirbhísí monatóireachta ar na meáin (na meáin chlóite agus na meáin chraoltóireachta) laistigh den Stát. Chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní seo agus le hathsholáthar iomaíochta a éascú a d’fhéadfadh a bheith á chailleadh mar thoradh ar an idirbheart beartaithe, d’éiligh an CCPC ar Kantar Media moltaí a chur faoi bhráid, a thabharfadh san áireamh dídhilsiú sócmhainní seasta Newsaccess agus scaoileadh le líon de chustaiméirí faoi chonradh Newsaccess ón téarma atá fanta dá conarthaí téarma seasta. Bhain roinnt de na moltaí eile le gnéithe áirithe de ghnó Newsaccess do thréimhse sonrath tar éis cur i bhfeidhm an idirbhirt beartaithe. Éilíodh ar Kantar Media a chinntiú go ndéanfadh Newsaccess dídhilsiú ar na sócmhainní seasta agus go dtabharfadh siad gealltanais scaoileadh le líon de na custaiméirí faoi chonradh ón téarma atá fanta dá conarthaí téarma seasta sula ndéanfadh an CCPC an cumasc beartaithe a imréiteach.

Bhí an CCPC den tuairim go raibh na moltaí a fuarthas ó Kantar Media agus a thóg an CCPC san áireamh agus a bhí mar chuid den bhunús lena gcinneadh, agus dá bhri sin de bhun alt 20(3) den Acht go raibh siad mar ghealltanais cheangailteacha, cuí agus éifeachtach le haghaidh a thabhairt ar an údar imní maidir le hiomaíocht.

Dúirt Isolde Goggin, Cathaoirleach an Choimisiúin, ag an am, “Is é ár ról agus athbhreithniú á dhéanamh againn ar chumaisc agus ar éadálacha, ná a chinntiú nach ndéanann siad laghdú substaintiúil ar iomaíocht in aon mhargadh d’earraí nó do sheirbhísí sa Stát. Táimid sásta tar éis imscrúdú leathan agus i bhfianaise gealltanais cheangailteacha a bhí á lorg againn agus a fuaireamar, go bhfuil cosaint déanta againn ar iomaíocht san earnáil seo. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh cuideachtaí agus a gcomhairleoirí ar aird, fiú nuair a thagann láimhdeachas aon chumasc nó éadail faoi bhun na dtairseach airgeadais d’fhógra sainordaitheach, go bhfuil sé fós féin de dhualgas orthu a chinntiú nach ndéanann aon chumasc nó éadail atá beartaithe acu ná a ghlacann siad ar chúram laghdú substaintiúil ar iomaíocht ina margai ábhartha. Bainfidh an CCPC úsáid as a chuid cumhachtaí lena chinntiú go ndéantar seiceáil ar chumaisc nach bhfreastalaíonn ar na tairseacha airgeadais atá riachtanach d’fhógra sainordaitheach, ach go bhféadfadh siad laghdú substaintiúil a dhéanamh ar iomaíocht.”

M/17/021 – Applegreen/50% of Joint Fuels Terminal

An 30 Meitheamh 2017, rinne an CCPC éadail bheartaithe a imréiteach le go bhfaigheadh Applegreen Public Limited Company (“Applegreen”) leas 50% i gComhchriochfort Breosla (“JFT”) ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi réir ag gealltanais cheangailteacha a fuarthas ó Applegreen. Bhí an leas 50% i JFT atá á thógáil ag Applegreen ag Esso Ireland Limited (“Esso Ireland”) roimhe seo agus a bhí dídhílsithe ag Topaz Investments Limited (“Topaz”) de bhun cinneadh an CCPC’s in M/15/020. Tá an 50% eile den JFT fós faoi smacht Valero Energy (Ireland) Limited (“Valero”).

Cuideachta phoiblí theoranta is ea Applegreen atá cláraithe laistigh den Stát, a bhunaíodh sa bhliain 1992 agus tá Applegreen, trína fochuideachta, Petrogas Group Limited, gníomhach ó thaobh miondíolachán breosla trí líonra stáisiúin peitрил miondíol breosla faoi bhranda Applegreen a chuireann earraí grósaeireachta, caife agus bia te ar fáil. Áirítear orthu seo, saincheadúnais atá á bhfeidhmiú ag Applegreen i láithreáin mhóra, lena n-áirítear: Burger King, Costa Coffee, Greggs, Chopstix agus Subway. Tá líonra de réamhchúirteanna breosla á bhfeidhmiú freisin ag Applegreen agus ag a chuid fochuideachtaí lasmuigh den Stát, agus tá siad sin ag trádáil go príomha faoi bhranda Applegreen. Tá Applegreen bainteach freisin le cártaí breosla a mbranda féin a eisiúint.

Is comhfhiontar neamhchorpraithe (a bhí á chomhrialú go stairiúil ag Esso Ireland agus Valero) i mBóthar Alexandra is ea an JFT a fheidhmíonn mar chríochfort breosla i bPort Bhaile Átha Cliath a fhaigheann cumhacht ón fharrage. Rialaíonn Comhaontú Oibriúcháin idir na páirtithe i leith an chomhfhiontair an caidreamh eatarthu. Is é Valero atá i mbun feidhme ar an JFT i láthair na huaire.

Aithníodh líon údar imní a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le hiomaíocht san anailís a rinneadh ar an idirbheart beartaithe. I ndiaidh díospóireachta leis na páirtithe, d’éilig an CCPC ar na páirtithe moltaí a chur faoi bhráid de bhun alt 20(3) den Acht agus

rinneadh gealltanais cheangailteach dóibh seo. Dhírigh na gealltanais seo ar a chinntiú go dtiocfadh Applegreen in áit Esso Ireland go hiomlán san JFT agus go n-athbhunófaí iomaíocht a d'fhéadfaí a chailleadh mar thoradh ar Topaz seilbh a ghlacadh ar Esso. Mar thoradh ar na gealltanais, déanfaidh Applegreen, tríd an JFT, táirgí breosla scagtha a allmhairiú agus a sholáthar, lena n-áirítear, breosla eitlíochta (Jet A1).

Ag tógáil na ngealltanais ó Applegreen san áireamh (a bhí mar bhunús le cuid de chinneadh an CCPC) bhí an CCPC den tuairim nach ndéanfaidh an t-idirbheart beartaithe laghdú substaintiúil ar iomaíocht ó thaobh earraí nó seirbhísí in aon mhargadh sa Stát.

M/17/027 – Dalata/Clarion Liffey Valley/Clayton Cardiff Lane

An 17 Bealtaine 2017, tugadh fógra don CCPC faoi alt 18(1)(a) den Acht maidir le hidirbheart beartaithe lena ndéanfaidh Dalata Hotel Group plc. (“Dalata”) an gnó agus codanna áirithe d’Óstán, Gleann na Life, Baile Átha Cliath 22 agus codanna áirithe d’Óstán Clayton, Lána Chairdif, Baile Átha Cliath 2 a éadail.

Rinne an CCPC an t-idirbheart beartaithe a imréiteach an 29 Lúnasa 2017, faoi réir ag gealltanais cheangailteacha. Thángthas ar an gcinneadh maidir leis an imréiteach tar éis den CCPC tabhairt faoi réamh-imscrúdú Céim sínte 1, lena n-áirítear Ceanglais le haghaidh Tuilleadh Eolais a sheirbheáil an CCPC ar Dalata. Le linn an imscrúdaithe, d’aithin an CCPC údar imní a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le hiomaíocht a bhí ag eascairt as Dalata a bheith i mbun bainistíochta ar óstáin thar ceann tríú páirtithe sa Stát, eadhon, an fhéidearthacht go bhféadfadh socruithe bainistíochta den sórt (agus na hóstáin atá faoi úinéireacht Dalata i láthair na huaire, atá faoina rialú agus faoi léas acu) rochtain a thabhairt do Dalata ar eolas a bheadh goilliúnach ó thaobh iomaíochta (m.sh.rátaí seomraí) a bhaineadh le hóstáin atá faoi bhainistíocht Dalata. D’aithin an CCPC freisin údar imní maidir le hiomaíocht go bhféadfadh comhaontuithe bainistíochta den sórt a chur ar chumas Dalata rialú a fheidhmiú, laistigh de shainbhírí alt 16, ar na hóstáin a bhfuil Dalata i mbun bainistíochta orthu sa Stát.

Le haghaidh a thabhairt ar na húdair imní seo, d’éiligh an CCPC ar Dalata moltaí a chur faoina bhráid, a thabharfadh gealltanais maidir le rúndacht agus fógra maidir le cumasc san áireamh. Tá sé i gceist leis an ngealltanais maidir le rúndacht cosc a chur ar mhalartú eolas atá goilliúnach ó thaobh iomaíochta de idir aon óstáin a bhfuil Dalata ceaptha le bainistíocht a dhéanamh orthu amach anseo agus aon óstán atá faoi úinéireacht, faoi rialú, faoi léas nó a fheidhmiú ag Dalata sa Stát a bhíonn in iomaíocht le hóstáin den sórt sin, a chiallódh sárú ar alt 4(1) den Acht.

Ceanglaíonn an gealltanais ó thaobh fógra maidir le cumasc ar Dalata an CCPC a chur ar an eolas maidir le haon togra de chuid Dalata tús a chur le feidhmiú óstán sa Stát thar ceann tríú páirtí, nach mbeadh gá, seachas sin ina fhógra éigeantach a thabhairt don CCPC.

Chomh maith leis sin, d’fhéadfadh an CCPC fógra saorálach a éileamh maidir le haon togra den sórt sin (a bheadh ina chumasc nó ina éadail faoi Chuid 3 den Acht), fiú mura mbeadh togra den sórt le cur in iúl don CCPC nó don Choimisiún Eorpach seachas sin.

Tá an CCPC den tuairim go bhfuil na moltaí a fuarthas ó Dalata cuí agus éifeachtach ó thaobh aghaidh a thabhairt ar údar imní maidir le hiomaíocht. Tá na moltaí seo tógtha san áireamh ag an CCPC agus tá siad mar chuid den bhunús lena gcinneadh. Mar thoradh air sin, tá na moltaí ina ngealltanais cheangailteacha ar Dalata.

M/17/035 – Dawn Meats/Dunbia

An 16 Meitheamh 2017, fuair an CCPC fógra maidir le hidirbheart beartaithe lena bhfaigheadh Cuideachta Neamhtheoranta Dawn Meats Ireland urlámhas aonair ar Dunbia (Ireland) Limited agus ar Dunbia (Slane) araon agus go raibh Dawn Holdings Limited agus an tUasal Jim Dobson chun cuideachta chomhfhiontair a bhunú chun gnólachtaí mairteola agus uaineola sa Ríocht Aontaithe (“an Ríocht Aontaithe”) le grúpa cuideachtaí Dunbia (“Dunbia”) agus le grúpa cuideachtaí Dawn Meats (“Dawn Meats”) a éadáil.

Le linn imscrúdú Chéim sinte I, chuaigh an CCPC i gcomhairle le tríú páirtithe, lena n-áirítear, iomaitheoirí, custaiméirí, comhlachtaí ionadaíochta tionscal agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Sa bhreis air sin, thug an CCPC faoi anailís mionsonraithe eacnaiméadrachta maidir le treocht na bpraghsanna a bhí á n-íoc ag seamlais ar eallach beo lena marú sa Stát thar thréimhse Eanáir 2011-Meán Fómhair 2017. Seirbheáil an CCPC Ceanglais le haghaidh Tuilleadh Eolais ar Dawn Meats agus ar Dunbia araon freisin. Tar éis an mheasúnaithe mionsonraithe, tháinig an CCPC ar an tuairim nach ndéanfaidh an t-idirbheart beartaithe laghdú substaintiúil ar iomaíocht ar aon mhargadh sa Stát d’earraí nó do sheirbhísí sa Stát.

Agus iad ag teacht ar an gcinneadh seo, rinneadh an CCPC anailís ar an tionchar iomaíochta dóchúil maidir leis an idirbheart beartaithe, sna margaí seo a leanas a d’fhéadfadh a bheith ann:

- Eallach beo a cheannach lena marú laistigh de raon 100km de shaoráid maraithe Dunbia i mBaile Shláine, Co. na Mí.
- Eallach beo a cheannach lena marú sa Stát.
- Mairteoil úr a dhíol le miondíoltóirí grósaera sa Stát.
- Mairteoil úr a dhíol le próiseálaithe tionsclaíoch sa Stát.
- Uain agus caoirigh beo a cheannach lena marú in Éirinn.
- Uaineoil úr a dhíol le miondíoltóirí grósaera sa Stát.

Níor thángthas, san anailís eacnaiméadrachta, ar aon fhianaise maidir le hiompar comhordaithe sa mhargadh a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le heallach beo a cheannach lena marú sa Stát. Níor chuir aon tríú páirtí fianaise i láthair a thabharfadh le tuiscint go raibh aon chineál comhordaithe ann ó thaobh praghsanna le heallach beo a cheannach lena marú idir lucht próiseála mairteola iomaíocha sa Stát.

Tháinig anailís an CCPC ar an gconclúid nach dóigh go gcuirfidh an t-idirbheart beartaithe faoi deara do Dawn Meats agus a iomaitheoirí dul i mbun iompar

comhordaithe sa mhargadh a d'fhéadfadh a bheith ann do cheannach eallach beo lena marú sa Stát.

Léirigh anailís eacnaiméadrachta an CCPC ar na praghsanna a íocann seamlais le feirmeoirí ar eallach beo dhá phríomhthoradh: (1) go bhfuil athrú séasúrach sna praghsanna atá á íoc ag seamlais ar eallach beo lena marú sa Stát agus go mbaineann na praghsanna buaicphointe amach de ghnáth i mí Iúil agus go dtagann titim orthu le linn míonna an fhómhair; agus (2) níor tháinig aon laghdú ar na praghsanna a bhí á n-íoc ag seamlais ar eallach beo sa Stát sa tréimhse ó Eanáir 2011 – Meán Fómhair 2017. Níl aon treoht aitheanta seasmhach ann sna praghsanna a bhí á n-íoc ag seamlais ar eallach beo sa Stát sa tréimhse ama seo.

Le linn na hanailíse, rinne an CCPC measúnú freisin cibé a gcuirfeadh an t-idirbheart beartaithe, tar éis an idirbhirt, ar chumas agus an ndéanfadh sé Dawn Meats a spreagadh leis na praghsanna atá a íoc acu le feirmeoirí ar eallach beo lena marú sa Stát a ísliú (nó dochar a dhéanamh d'iomaiócht). Fuair an CCPC amach go mbeidh an t-ardú ar sciar margaidh Dawn Meat tar éis an idirbhirt réasúnta beag agus mar thoradh air sin nach mbeidh an cumas nó an spreagadh ag Dawn Meats as féin leis na praghsanna atá a íoc acu le feirmeoirí ar eallach beo lena marú sa Stát a ísliú go haontaobhach. Chomh maith leis sin, ní bhfuair an CCPC aon fhianaise a thabharfadh le fios go bhfuil Dawn Meats agus Dunbia in iomaiócht go dlúth lena chéile ó thaobh eallach beo a cheannach lena marú sa Stát. Fuair an CCPC amach, go leanfaidh Dawn Meats, tar éis an idirbhirt, le haghaidh a thabhairt ar iomaiócht ó thriúr den lucht próiseálaí mairteola ilsheamlas (ABP Food Group, Kepak Group Unlimited Company agus an Liffey Meats Unlimited Company) agus líon de lucht próiseálaí mairteola seamlas aonair (m.sh. Kildare Chilling Company, Moyvalley Meats, Foyle Food Group, srl.) atá gníomhach sa Stát i láthair na huaire. Fuair an CCPC amach go bhfuil acmhainn le spárúil ag an lucht próiseálaí mairteola iomaióch seo go léir le heallach beo a mharú agus le mairteoil a phróiseáil ina cuid saoráidí féin. Fuair an CCPC amach freisin go bhfuil sé ar chumas feirmeoirí aistriú go héasca idir seamlais.

Maidir le ceithre mhargadh a d'fhéadfadh a bheith agus atá scrúdaithe ag an CCPC (m.sh. mairteoil úr a dhíol le miondíoltóirí grósaera sa Stát; mairteoil úr a dhíol le próiseálaithe tionsclaíocha sa Stát; ceannach uain agus caoirigh beo lena marú ar oileán na hÉireann; agus uaineoil úr a dhíol le miondíoltóirí grósaera sa Stát) tháinig an CCPC ar an gconclúid nach ndéanfadh an t-idirbheart beartaithe laghdú substaintiúil ar iomaiócht i gceachtar de na ceithre mhargadh seo. Tá forluí cothrománach fánach i ngach aon cheann den cheithre mhargadh a d'fhéadfadh a bheith ann, idir Dawn Meats agus Dunbia, agus tar éis an idirbhirt leanfaidh Dawn Meats le haghaidh a thabhairt ar iomaiócht ó líon iomaitheoirí atá gníomhach sa Stát i láthair na huaire.

Tugadh fógra maidir leis an gcuid den idirbheart beartaithe a bhain leis an gcuideachta comhfhiontair atá á bunú ag Dawn Holdings Limited agus ag an Uasal Jim Dobson lena ndéanfadh siad gnólachtaí mairteola agus uaineola sa Ríocht Aontaithe a éadail, don Competition and Markets Authority ("CMA") na Ríochta Aontaithe an 10 Lúnasa 2017. Ar leithligh, tugadh fógra maidir leis an idirbheart beartaithe lena bhfaigheadh ABP Food

Group agus Fane Valley Co-operative Society Limited comhrialú ar an Linden Food Group don Choimisiún Eorpach an 25 Lúnasa 2017. Is próiseálaí feola atá sa Linden Food Group atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann. Le linn imscrúdú Céim sínte 1, rinne an CCPC plé, leis an CMA agus leis an gCoimisiún Eorpach araon, maidir leis an teoiric go bhféadfadh an t-idirbheart beartaithe díobháil a dhéanamh don tomhaltóir ó thaobh ceannach eallach agus caoirigh agus uain bheo lena marú sa Stát agus maidir le díolachán mairteola agus uaineola úr a dhíol sa Stát. Níor chuir an toradh a bhí ar imscrúduithe an CMA agus an Choimisiúin Eorpaigh araon aon tionchar ar chonclúidí an CCPC.

Tar éis measúnú mionsonraithe, bhí an CCPC den tuairim nach ndéanfadh an t-idirbheart beartaithe laghdú substaintiúil ar iomaíocht ar aon mhargadh sa Stát d'earraí nó do sheirbhísí agus d'éisigh an CCPC cinneadh maidir le himréiteach gan choinníoll ar na páirtithe an 29 Meán Fómhair 2017.

M/17/036 – Sean Loughnane/Crinkle Fine Foods

Fuair an CCPC fógra maidir le hidirbheart beartaithe lena ndéanfadh Sean Loughnane (Galway) Limited (“Sean Loughnane”) sócmhainní áirithe gnó de chuid Crinkle Fine Foods Unlimited Company (“Crinkle Foods”) a éadail an 29 Meitheamh 2017.

Tá Sean Loughnane i mbun feidhme ar láthair phróiseála feola i gCathair na Gaillimhe a dhéanann táirgeadh ar tháirgí próiseáilte muiceola, ar nós ispíní agus putóga don bhricfeasta atá ar bhranda agus ar lipéad Sean Loughnane féin, agus déantar na táirgí seo a sholáthar do mhórdhíoltóirí, miondhíoltóirí agus do sholáthróirí seirbhísí bia sa Stát agus sa Ríocht Aontaithe.

Tá Crinkle Foods faoi lánúinéireacht Chuideachta Neamhtheoranta Goldreed agus tá láthair phróiseála feola á fheidhmiú acu i mBiorra, Co, Uíbh Fhailí. Tá Crinkle Foods bainteach le táirgeadh agus le soláthar feolta próiseáilte ar nós ispíní, slisíní bagúin agus putóga don bhricfeasta, a chuireann siad ar fáil do mhórdhíoltóirí, miondhíoltóirí agus do sholáthróirí seirbhísí bia sa Stát.

Thug an CCPC faoi imscrúdú Céim sínte 1, lena n-áirítear, Ceanglais le haghaidh Tuilleadh Eolais a sheirbheáil ar Sean Loughnane agus ar Crinkle Foods. Le linn an imscrúdaithe réamhluaithe, d’aithin an CCPC clásail frithiomaíochta a d’fhéadfadh a bheith sa chomhaontú maidir le ceannach sócmhainní (“an Comhaontú”) idir Sean Loughnane agus Crinkle Foods a chuirfeadh cosc ar Sean Loughnane ó bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí gnó a bheadh in iomaíocht le tríú cuideachta ar feadh 24 mí tar éis tabhairt chun críche an idirbhirt beartaithe.

Chun aghaidh a thabhairt ar na húdair imní a aithníodh, d’éiligh an CCPC ar Sean Loughnane agus ar Crinkle Foods moltaí a chur faoi bhráid de réir alt 20(3) den Acht. Maidir leis sin chuir Crinkle Foods agus Sean Loughnane gealltanais cheangailteacha faoi bhráid a cheadaigh dóibh téarmaí an Chomhaontaithe a athrú tríd an chlásail ábhartha a scriosadh go huile agus go hiomlán, le héifeacht ón 29 Meán Fómhair 2017. Chomh maith leis sin, thug Sean Loughnane agus Crinkle Foods gealltanais gan aon socrúithe a chur i bhfeidhm ag a mbeadh an tionchar céanna nó tionchar cosúil leis ar an gclásail réamhluaithe.

Ina dhiaidh sin, rinne an CCPC an t-idirbheart beartaithe a imréiteach, faoi réir ag gealltanais cheangailteacha an 3 Deireadh Fómhair 2017.

M/17/040 – Independent Newspapers/Caltray

Rinne an CCPC, imréiteach ar an idirbheart beartaithe an 11 Deireadh Fómhair 2017, lena ndéanfadh Independent News & Media plc (IN&M), trína fhochuideachta faoi lánúinéireacht Independent Newspapers (Ireland) Limited (INI), agus Caltray Limited (Caltray) comhrialú Offscript Studios Limited (Offscript Studios) a éadail. Tugadh fógra maidir leis an idirbheart beartaithe don CCPC an 10 Iúil 2017.

Is cuideachta phoiblí teoranta atá in IN&M atá corpraithe sa Stát agus atá liostaithe ar Stocmhalartán na hÉireann agus Londain agus tá siad i mbun feidhme ar ghrúpa nuachtáin agus meáin ar oileán na hÉireann.

Cuideachta shealbháiochta is ea Caltray agus tá ShinAwil Limited faoi úinéireacht ceann dá chuid scairshealbhóirí, tá ShinAwil Limited bainteach le seónna teilifíse a léiriú ar nós The Apprentice, Dragons' Den, MasterChef Ireland agus Voice of Ireland.

Chuir na páirtithe faoi bhráid go mbeidh Offscript Studios, tar éis tabhairt chun críche an idirbhirt beartaithe, bainteach le léiriú, margáiocht, ceadúnú agus díolachán ábhar físeáin digiteacha ar líne d'fhógraíocht brandáilte.

Tá cumasc ingearach i gceist leis an idirbheart beartaithe lenar thug IN&M léiriú dhá fheachtas fógraíochta físeán do ShinAwil agus tá IN&M bainteach le dáileadh/faisnéisiú ábhar físeán den sórt ar a ardán ar líne. D'fhéadfadh, IN&M úsáid a bhaint as an JV Company freisin le hábhar físeán digiteach a léiriú do cliant fógraíochta IN&M.

Le linn den CCPC a bheith i mbun athbhreithnithe ar an idirbheart beartaithe, rinne siad measúnú cibé a mbeidh an cumas agus an spreagadh ag IN&M, tar éis an idirbhirt beartaithe, bac a chur ar a iomaitheoirí trí éileamh a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí branda agus fógraíochta úsáid a bhaint as an JV Company agus as ardán ar líne sa mhargadh le haghaidh léiriúchán, díolachán/ceadúnú agus dáileadh/faisnéisiú ábhar físeán digiteach d'fhógraíocht bhrandála sa Stát.

Lean an cinneadh ó thaobh imréiteach an CCPC réamh-imscrúdú Céim sínte 1 ar an idirbheart beartaithe. Áiríodh san imscrúdú, Ceanglas le haghaidh Tuilleadh Eolais a sheirbheáil an CCPC ar an INI, IN&M agus ar Caltray. Fuair an CCPC amach go mbeidh iomaitheoirí leordhóthanacha agus iomaitheoirí móra fós sa mhargadh tar éis an idirbhirt. Dá bhrí sin, tháinig an CCPC ar an tuairim nach ndéanfadh an t-idirbheart beartaithe laghdú substaintiúil ar iomaíocht ar aon mhargadh sa Stát d'earraí nó do sheirbhísí.

Cumaisc sna meáin agus cumaisc idirnáisiúnta

Cumaisc na meán

Ní mór fógra a thabhairt don CCPC faoi alt 18(1)(b) den Acht (arna leasú ag alt 55(a) d'Acht 2014) agus faoi alt 18(5) den Acht, sa chás go dtagann cumasc nó éadail bheartaithe laistigh d'aicme cumaisc nó d'éadail shonrach in ordú arna dhéanamh ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, beag beann ar láimhdeachas na ngealltanais atá i gceist. Baineann ceann amháin den aicme den sórt sin cumaisc atá sonraithe le cumaisc meáin.

Fuair an CCPC ceithre fhógra maidir le cumaisc meáin sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017. Cuirtear i láthair i dTábla 3 liosta de na cumaisc meáin ar tugadh fógra ina leith sa bhliain 2017. D'eisigh an CCPC cinntí gan choinníollacha maidir le péire agus tá péire fanta, eadhon M/17/056 – Bay Broadcasting/Classic Rock Broadcasting agus M/17/068 – Irish Times/Irish Examiner, a bhí fós faoi imscrúdú ag deireadh na bliana 2017.

Tábla 3: - Cumaisc meáin ar tugadh fógra ina leith - 2017

M/17/009	The Color Company TM/Certain assets of Irish TV
M/17/017	Landmark Digital/BenchWarmers
M/17/056	Bay Broadcasting/Classic Rock Broadcasting t/a Radio Nova
M/17/068	Irish Times/Irish Examiner

Cumaisc idirnáisiúnta

Ceanglaítear ar an CCPC monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht cumaisc AE agus nuair a bhreithníonn an CCPC go bhfuil leas suntasach ann don tír seo, is féidir leo freastal agus a bheith rannpháirteach i gcoistí comhairleacha cumaisc AE. Lean an CCPC go dlúth imscrúduithe an Choimisiúin Eorpaigh sa tréimhse ón 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017 ar líon cumaisc bheartaithe, lena n-áirítear na cumaisc seo a leanas:

- M.8084 – Bayer/Monsanto
- M.8354 – 21st Century Fox/Sky
- M.7421 – Orange/Jazztel
- M.8601 – Greenergy/Inver
- M.8228 – Facebook/WhatsApp
- M.8306 – Qualcomm/NXP Semiconductors

Aguisín 3: Cuairteanna ar láithreáin ghréasáin agus rannpháirtíocht cuairteora

Cuairteanna Láithreán gréasáin

- 1,745,724

Rannpháirtíocht cuairteora

Na 10 bpríomhleathanach is mó ar tugadh cuairt orthu – Tomhaltóir

1. Áireamhán iasachta
2. Áireamhán morgáiste
3. Treoir céim ar chéim le teach a cheannach
4. PCP
5. Earraí lochtacha
6. Comparáidí morgáiste
7. Ag ceannach ar líne/Do chearta ar líne
8. Seiceálacha maidir le gluaisteán
9. Idirbhearta cártaí atá faoi dhiospóid
10. Morgáistí – Ag athrú iasachtóirí nó morgáistí

Aguisín 4: Teagmhálacha & anailís

Fuair an CCPC 42,112 teagmháil (trí ríomhphost, fón, na meáin shóisialta agus ar an phost) ó thomhaltóirí agus ó ghnólachtaí ag lorg eolais maidir le raon leathan ábhair ó chearta tomhaltóra go heolas maidir le táirgí airgeadais nó le húdar imní a léiriú maidir le cleachtais trádálaithe. Is ionann é sin agus ardú de beagnach 6% ar an mbliain 2016. As na 42,112 teagmháil, bhain 31,117 le cearta tomhaltóra, bhain 4,822 le hairgeadas pearsanta, bhain 323 le saincheisteanna iomaíochta agus tháinig 5,850 teagmháil ó thomhaltóirí a bhí ag leanúint suas ar fhiosrúchán a bhí déanta acu roimhe seo.

Teagmhálacha maidir le cearta tomhaltóra

Tá na deich bpríomhearnáil maidir le méid na dteagmhálacha maidir le cearta tomhaltóra curtha i láthair i dTábla 1 thíos. Tá na deich bpríomhearnáil mar chúis le beagnach 70% (69.85%) de na teagmhálacha iomlána maidir le cearta tomhaltóra a d'eascair sa bhliain 2017. Tá na trí earnáil is airde mar a chéile leo siúd a ndearnadh taifeadadh orthu sa bhliain 2016, eadhon, Teileachumarsáid, Feithiclí agus Iompar Pearsanta agus Éadaí/Coisbheart/Oiriúintí. Bhí laghdú ar líon na dteagmhálacha don trí aicme i gcomparáid le figiúirí na bliana 2016: Bhí Teileachumarsáid síos 10.2%, bhí Feithiclí agus Iompar Pearsanta síos 3.8% agus bhí Éadaí/Coisbheart/Oiriúintí síos 2.7%.

Bhí Foirgnimh Tí/Cothabháil/Feabhsúcháin sa cheathrú áit ach bhain níos mó ná 123 teagmháil leo ná mar a bhain sa bhliain 2016, ardú de 6.4%. Chuaigh Troscán & Fearastú ón ochtú háit go dtí an séú háit le 105 teagmháil bhreise, ardú de 6.9%. Ar an ardú ba shuntasáí ar fad sna teagmhálacha bhí Camscéimeanna/Scéimeanna Pirimide/Aicmiú gan iarradh le hardú de 69.9% (197 teagmháil bhreise).

Table 1: 2017 Consumer rights contacts by sector

	Earnáil	Líon teagmhálacha (an seasamh in 2016)	% d'ardú/Laghdú ar 2016
1	Teileachumarsáid	4,450 (1)	-10.2%
2	Feithiclí agus Iompar Pearsanta	4,237 (2)	-3.8%
3	Éadaí/Coisbheart/Oiriúintí	2,535 (3)	-2.7%
4	Foirgnimh Tí/Cothabháil/ Feabhsúcháin	2,054 (4)	+6.4%
5	AV/Earraí Leictreonacha agus Earraí Gaolmhara	1,820 (5)	-4.8%
6	Troscán & Fearastú	1,631 (8)	+6.9%
7	Fearais Tí	1,604 (6)	-4.9%
8	Taisteal, Iompar & Saoire	1,599 (7)	+3.8%
9	Áineas/Spórt/Fóillíocht	928 (10)	+7.3%
10	Sainseirbhísí & Seirbhísí Gairmiúla	876 (11)	+2.9%


Anailís earnála

1) Teileachumarsáid (4,450)

Bhain os cionn aon trian (37%) de theagmhálacha Teileachumarsáide a gineadh le Lámhghléasanna Fón Póca (1,646 teagmháil), tháinig Seirbhísí Fón Póca (961 teagmháil) agus Seirbhísí Idirlín/Leathanbhanda (732 teagmháil) ina dhiaidh sin. Taispeántar briseadh síos na bhfo-earnálacha príomha Teileachumarsáide de réir méide i bhFíor 1 thíos.

Bhain díreach os cionn dhá thrían (67%) de theagmhálacha maidir le Lámhghléasanna Fón Póca (1,106 teagmháil) le saincheist “Earraí agus Seirbhísí Lochtacha”. Fiosrúcháin a bhí i gceist le formhór na dteagmhálacha a bhain le “Earraí agus Seirbhísí Lochtacha”, tráth a raibh eolas á lorg ag an tomhaltóir maidir le cé leis nó na céimeanna ba chóir dó/dí a ghlacadh (426 teagmháil), agus ina dhiaidh sin tháinig “Cúiteamh nach raibh chun sástachta an tomhaltóra” (247 teagmháil), nuair a bhí cúiteamh á thairiscint ach nach raibh an tomhaltóir sásta glacadh leis an tairiscint, agus “Lochtanna/Lochtanna tar éis Deisiúcháin/Líon Deisiúcháin a bhíonn ag tarlú arís is arís eile” (177 teagmháil).

Fíor 1: Briseadh síos ar na teagmhálacha maidir le Teileachumarsáid de réir fo-earnála*



Nach bhfuil léirithe: Seirbhísí Ardráta: **94**, Creidmheas réamhíoctha ar fón: **23**, Lámhghléas Líne Talún: **19**

Bhain na trí chéad aicme eile ab airde de theagmhálacha le Lámhghléas Fón Póca a bhí bunaithe ar shaincheisteanna a bhí ann ó thaobh cúiteamh a lorg, le “Curtha ar aghaidh go dtí an Déantóir/Ní raibh an Trádálaí sásta réiteach a dhéanamh” (70 teagmháil), “Rátháíocht/ Saincheist Bharánta” (60 teagmháil) agus “Deisiúchán Iomarcach/Am Réitigh” (42 teagmháil) – glacadh le 172 teagmháil ar an iomlán nuair a chuirtear i dtoll a chéile iad.


Bhain na teagmhálacha a logáladh sna fo-earnálacha “Seirbhísí Fón Póca”, “Seirbhísí Idirlín/Leathanbhanda”, “Seirbhísí Teilifíse” agus “Multiplay”, go ginearálta, le conarthaí,

agus ar an bpríomhshaincheist bhí “Táillí/Íocaíochtaí/Éarlais” (785 teagmháil sa cheithre fo-earnáil). Bhí athruithe ar struchtúir praghas nó táillí, saincheisteanna maidir le sonrasc agus táillí gan choinne ag seasamh amach faoina haicmí seo. Logáladh líon mór saincheisteanna sna ceithre earnáil seo maidir le “Conradh a chur ar Ceal” (460 teagmháil sna ceithre earnáil seo) le “Athrú Intinne ó thaobh an Tomhaltóra” ar an bpríomhthiománaí faoin gceannteideal seo.

2) Feithiclí & Iompar Pearsanta (4,406)

Ar na trí fo-earnáil a bhfuarthas teagmhálacha maidir leo bhí saincheisteanna ó thaobh Gluaisteáin – Athlámhe (2,340), Gluaisteán – Nua (673) agus Gluaisteán – Deisiúcháin/Seirbhís (408). Taispeántar de réir méide an briseadh síos ar fho-earnálacha príomha Feithiclí & Iompar Pearsanta i bhFíor 2 thíos.

Fíor 2: Briseadh Síos maidir le Feithiclí & Iompar Pearsanta de réir fo-earnála



Níl taispeánta: Carrchlóis/Clampáil: **73**, Gluaisrothar /Cuadrothar: **63**, Rothair-Daoine Fásta: **55**, NCT/Tástálacha Tiomána/Ceadúnais: **45**, Dolai/Soláthróirí Dola: **36**, VRT/Mótarcháin/Logleabhair: **30**

Bhí beagán de laghdú ó thaobh na méide (-3.8%) sa chatagóir seo i gcomparáid leis an mbliain 2016. Ar an bpríomhshaincheist bhí “Táirge/Seirbhís Lochtach” a rinne suas 61% de na teagmhálacha a bhain le gluaisteáin athlámhe, bhain 64% de na teagmhálach le gluaisteáin nua agus bhain 44% de theagmhálacha le seirbhís/deisiúcháin. Bhain formhór na dteagmhálacha seo le fiosrúcháin, nuair a bhí eolas á lorg ag an tomhaltóir maidir lena gcearta nó maidir leis na chéad chéimeanna eile ba chóir a ghlacadh, seachas gearán a dhéanamh. Tháinig sé sin sna sála ar an tsaincheist maidir le “Lochtanna a bhíonn ag tarlú arís is arís eile tar éis deisiúcháin”. Rinne an tsaincheist maidir le “Lochtanna a bhíonn ag tarlú arís is arís eile tar éis deisiúcháin” suas beagnach 17.5% de na saincheisteanna a logáladh maidir le Gluaisteáin Nua (118 teagmháil).

Bhain 282 de theagmhálacha as na 316 teagmháil maidir le Cleachtas Éagothrom Tráchtála ó thaobh gluaisteáin athlámhe, le “Gluaisteáin ar baineadh leis an Odaiméadar nó Gluaisteáin a bhí i dTimpiste”, ardú de 11 teagmháil ón mbliain 2016.

3) Éadaí/Coisbheart/Oiriúintí (2,468):

Bhí ardú de bheagán (+2.7%) i dteagmhálacha a logáladh faoin aicme seo sa bhliain 2017. Bhain díreach os cionn a leath (53%) de na teagmhálacha seo le héadaí (1,350 teagmháil), 23% le Coisbheart, (577 teagmháil), 15.5% le Seodra (392 teagmháil) agus bain an 8.5% a bhí fanta le catagóirí eile. Bhain formhór na dteagmhálacha sa chatagóir seo le saincheisteanna díol earraí, go príomha táirgí lochtacha agus fiosrúcháin ghinearálta, nuair a bhí eolas maidir lena gcearta tomhaltóra á lorg ag tomhaltóirí agus an bealach le leanúint ar aghaidh agus gearán a dhéanamh maidir le hiompar trádálaí. Bhain an líon is airde teagmhálacha lasmuigh de shaincheisteanna maidir le Díol Earraí le Conradh a chur ar Ceal agus bhí 264 teagmháil i gceist anseo. Thaispeáin an t-aicmiú maidir leis an Treoir i leith Cearta Tomhaltóra/Ríomhthráchtáil ardú ar líon na dteagmhálacha freisin, le 183 teagmháil in 2017, suas ó 161 teagmháil in 2016. Lean ábhair maidir le Seachadadh/Aisiocáocht de bheith ina bpríomhshaincheisteanna faoin teideal seo le 149 teagmháil.

Anailís ar shaincheisteanna

Cuirtear i láthair i dTábla 2 na príomhshaincheisteanna substaintiúla maidir le hábhair cearta tomhaltóra sa bhliain 2017. Amhail 2016 (agus na blianta roimhe sin), bhí saincheisteanna maidir le “Earraí & Seirbhísí” (m.sh. “Díol Earraí”) agus “Conradh” chun tosaigh. Le beagnach 1,000 teagmháil níos lú á dtaifeadadh maidir leis an aicmiú “Earraí & Seirbhísí – Lochtacha” sa bhliain 2017 (síos ó 9,519 sa bhliain 2016 go 8,525 sa bhliain 2017, arbh ionann é agus laghdú 10.4%), tá an líon is mó teagmhálacha ag baint leis an aicmiú seo fós, arbh ionann é agus 27% de líon iomlán na dteagmhálacha a rinneadh taifeadadh orthu don bhliain. Bhain beagnach leath de na teagmhálacha seo (4,208 teagmháil) le fiosrúcháin tráth a raibh tuilleadh eolas á lorg ag tomhaltóirí maidir le conas déileáil lena saincheist. Ina dhiaidh sin tháinig “Níor shásaigh an cúiteamh a bhí á thabhairt an tomhaltóir” (1,603 teagmháil) sa chás roinnt cúiteamh a bheith á thairiscint ach nach raibh an tomhaltóir sásta leis an tairiscint agus go raibh tuilleadh eolais á lorg acu maidir leis an ábhar a leanúint suas. Maidir le Conarthaí – Táillí/Íocaíochtaí/Éarlais, bhain 40% de na teagmhálacha seo (1,309 teagmháil) le táillí nach rabhtas ag súil leo nó nach raibh údaraithe.

Tábla 2: Na príomhtheagmhálacha tomhaltóra de réir saincheiste– 2017

Saincheist	Teagmhálacha
Earraí & Seirbhísí - Lochtach	8,525
Conarthaí - Táilli/Íocaíochtaí/Éarlais	3,239
Conarthaí - Cealú	2,285
Earraí & Seirbhísí – Saincheisteanna maidir le Díol Earraí/Seirbhísí	2,004
Earraí & Seirbhísí – Fiosrúcháin Ghinearálta	1,803
Conarthaí - Feidhmíocht T&C'nna	1,469
Praghsáil	962
Treoir maidir le Cearta Tomhaltóra/ríomhthráchtáil	944
Conarthaí - Ginearálta	931
Cleachtais Tráchtála Éagóracha	515

Tugadh ar aird arduithe suntasacha eile a d'fhéadfadh a bheith ann faoi "Earraí & Seirbhísí – Saincheisteanna maidir le Díol Earraí/Seirbhísí" ar bhain ardú 39.4% leo (suas ó 1,438 sa bhliain 2016 go 2,004 sa bhliain 2017), agus an aicme "Conarthaí - Cealú" le hardú de 37.2% (suas ó 1,665 sa bhliain 2016 go 2,285 sa bhliain 2017).

Teagmhálacha maidir le hairgeadas pearsanta

Bhí 4,822 teagmháil ann maidir le hairgeadas pearsanta sa bhliain 2017 i gcomparáid le 4,134 teagmháil in 2016, ardú de 16.6%. Léirítear i dTábla 3 na deich príomhchatagóir airgeadais de réir méide agus teagmhálacha a ndearnadh taifeadadh orthu faoi chatagóir airgeadas pearsanta. Lean Árachas Gluaisteáin leis an líon is mó teagmhálacha a ghiniúint le 1,498 teagmháil (31% de theagmhálacha ar an iomlán maidir le hairgeadas pearsanta don bhliain 2017 agus ardú 24.4% ar líon na bliana 2016). Tá sé seo i bhfad chun cinn ar an gcéad earnáil eile leis an líon is airde teagmhála maidir le táirge, Morgáistí agus Scaoileadh Cothromais, le 845 teagmháil.

Tábla 3: Na 10 príomhchatagóir Airgeadas Pearsanta sa bhliain 2017

Pos.	Earnáil Táirgthe	Líon teagmhálacha
1	Mótarárachas	1,494
2	Morgáistí & Scaoileadh Cothromais	845
3	Cuntais Reatha	317
4	Árachas Tí	287
5	Árachas lasmuigh de na príomhchineálacha árachais (m.sh. peataí, pósadh, árachas báid srl.)	
6	Fruilcheannach/Airgeadas Gluaisteáin/Comhaontú Fruilithe ag Tomhaltóir	279
7	Iasachtaí	223
8	Cártaí Creidmheasa	216
9	Árachas Sláinte	170
10	Árachas Saoil	161
		157

1) Mótarárachas

Lean méid na dteagmhálacha maidir le mótarárachas ag ardú le beagnach aon cheathrú cuid i gcomparáid le figiúirí na bliana 2016. Bhain na príomhshaincheisteanna a ndearnadh taifeadadh orthu le “Costais & Táillí” le 372 teagmháil, agus bhain 277 teagmháil acu sin le “Ardú ar Phréimh”. Bhí 288 teagmháil ann maidir le “Éilimh”.

2) Morgáistí & Scaoileadh Cothromais

Tar éis laghdú de bheagnach 40% i dteagmhálacha sa bhliain 2016, léirigh Morgáistí agus Scaoileadh Cothromais ardú 42.3% ar theagmhálacha sa bhliain 2017 (ó 594 teagmháil sa bhliain 2016 go 845 teagmháil sa bhliain 2017). Léirítear i dTábla 4 na chúig chineál morgáiste a ndearnadh teagmháil a thaifeadadh maidir leo.

Tábla 4: Na Chúig Chineál Morgáiste is mó faoi Mhorgáiste agus Scaoileadh Cothromais

Morgáistí & Scaoileadh Cothromais	Iomlán
Morgáiste Ráta Úis Athraitheach (Caipiteal & Ús)	194
Morgáiste Ráta Rianúcháin (Caipiteal & Ús)	165
Morgáiste Ráta Úis Seasta (Caipiteal & Ús)	113
Iarratas ar Mhorgáiste/Scaoileadh Cothromais	112
Scaoileadh Cothromais	84

Tháinig an Morgáiste Ráta Úis Athraitheach ar ais ar bharr an liosta (tar éis titim go dtí an dara háit i dtuarascáil na bliana 2016) le taifeadadh á dhéanamh ar 83 teagmháil bhreise (ardú 74.7% ar fhiúirí na bliana 2016). Tá na príomhshaincheisteanna scaipthe idir “Rátaí Úis” (38 teagmháil), “Athrú” (36 teagmháil) agus “Árachas Cosanta Íocaíochta” (31 teagmháil). Tháinig níos mó ná dúbailt de réir méide ar gach aon cheann de na príomhshaincheisteanna seo i gcomparáid le fiúirí na bliana 2016.

Léirigh teagmhálacha maidir le Morgáiste Ráta Rianúcháin ardú suntasach freisin (suas ó 94 in 2016 go 165 in 2017, ardú 75.5%). Bhain 50 de na teagmhálacha seo le hiarratas ar “Eolas”. Bhain an chéad líon eile de theagmhálacha ab airde le “Rátaí Úis” (32 teagmháil), a bhain go ginearálta le fiosrúcháin/gearáin a bhí níos spriocdhírthe maidir leis an ráta úis dar le tomhaltóirí ar chóir dóibh a bheith air nó a chreideann gur chóir dóibh a bheith air.

3) Catagóirí maidir le táirgí airgeadais eile

Mar atá le feiceáil ó Thábla 3, bhain leath de na deich príomhearnáil airgeadas pearsanta don bhliain 2017 le táirgí árachais. Chomh maith leis sin, léirigh na hearnálacha árachais go léir ardú ar líon na dteagmhálacha i gcomparáid le fiúirí na bliana 2016. Léirigh “Árachas Tí” go háirithe, ardú 47% ar theagmhálacha na bliana 2016 (suas ó 195 teagmháil go 287 teagmháil).

Tháinig laghdú ar theagmhálacha a bhain le “Cuntais Reatha”, “Íasachtaí” agus “Cártaí Creidmheasa” le linn na bliana 2017 le laghdú suntasach 33% ar theagmhálacha maidir le “Cártaí Creidmheasa”, síos ó 254 in 2016 go 170 in 2017. Tháinig ardú le 38 teagmháil ar líon na dteagmhálacha maidir le “Fruilcheannach/Airgeadas Gluaisteáin/Comhaontú Fruilithe ag Tomhaltóir”, a chiallaigh ardú 20.5%.

